2025/2196

12.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2196 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Deireadh Fómhair 2025

lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le rochtain ar uiscí agus acmhainní, rialú ar iascach, faireachas, cigireacht agus forfheidhmiú, asbhaint cuótaí agus iarrachtaí iascaireachta, sonraí agus faisnéis, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(4), Airteagal 7(5), Airteagal 7a(2), Airteagal 8(2), pointí (a) go (f), Airteagal 9(8), Airteagal 14(12), Airteagal 15b(2), Airteagal 22(4), Airteagal 24(5), Airteagal 62, pointí (b) agus (c), Airteagal 66(6), Airteagal 71(5), Airteagal 76(4), Airteagal 78(3), Airteagal 79(8), Airteagal 92(13), Airteagal 93b(4), Airteagal 105(6), Airteagal 106(4), Airteagal 111a, pointí (a) go (d) agus (f), Airteagal 117(4) agus Airteagal 118(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), bunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle. Ní mór na rialacha faoin Rialachán Cur Chun Feidhme sin a thabhairt cothrom le dáta chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na leasuithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2023/2842. Ba cheart, dá bhrí sin, na rialacha a glacadh faoin Rialachán seo a chur in ionad na rialacha faoi Rialachán Uimh. (AE) 404/2011.

(2) Tá nasc substainteach idir na rialacha dá bhforáiltear leis an Rialachán seo, agus tá go leor acu ceaptha lena gcur i bhfeidhm in éineacht le chéile. Ar mhaithe le simplíocht, agus chun a gcur i bhfeidhm a éascú agus chun iomadú rialacha a sheachaint, ba cheart, dá bhrí sin, iad a leagan síos in aon ghníomh amháin seachas i roinnt gníomhartha ar leithligh lena mbaineann go leor crostagairtí agus an baol dúblála.

(3) D'fhonn cur i bhfeidhm comhleanúnach na rialacha mionsonraithe sin a áirithiú, is gá sainmhínithe áirithe a shuí. Tagraítear leis sin, go háirithe, don sainmhíniú ar 'ghléas um fhaireachán soithí', lena léirítear na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2023/2842 ar Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir le gléasanna rianaithe nach gléasanna satailíte iad a úsáid, lena gcumasaítear soithí iascaireachta a aimsiú agus a shainaithint go huathoibríoch le córas um fhaireachán soithí i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) Uimh. 2017/2403 agus (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialú ar iascach (IO L, 2023/2842, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2842/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/404/oj).

(4) Foráiltear le hAirteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 nach gceadaítear soitheach gabhála de chuid an Aontais a úsáid chun acmhainní bitheolaíocha na mara a shaothrú ar bhonn tráchtála ach amháin má tá ceadúnas iascaireachta bailí ag gabháil leis. Foráiltear le hAirteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 nach bhféadfar soitheach gabhála de chuid an Aontais a údarú chun gníomhaíochtaí sonracha iascaireachta a dhéanamh ach amháin a mhéid a shonraítear iad in údarú iascaireachta bailí. Foráiltear le hAirteagal 7a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 nach bhféadfar cead a thabhairt do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais nach soithí gabhála iad gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh ach amháin má tá údarú faighte acu chuige sin óna mBallstát brataí. Is iomchuí rialacha comhchoiteanna a bhunú maidir leis na ceadúnais iascaireachta agus na húdaruithe iascaireachta sin, agus údaruithe eile le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais nach soithí gabhála iad a eisiúint, a bhainistiú agus a tharraingt siar chun caighdeán coiteann faisnéise iontu a áirithiú.

(5) Ceanglaítear le hAirteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 go n-urramóidh máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais na coinníollacha agus na srianta ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais agus a dtrealamh a mharcáil agus a shainaithint. Chun cur chun feidhme éifeachtach agus comhchuibhithe na bhforálacha seo a áirithiú, is iomchuí rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir le soithí iascaireachta, baoithe agus baoithe marcála an Aontais a mharcáil agus a shainaithint, chomh maith le feistí comhthiomsaithe eisc (FADanna), tráil, gléasanna iascaireachta éighníomhacha, árthaí cúnta, cordaí agus lipéid mharcála, agus maidir leis na doiciméid aitheantais soithigh atá le hiompar ar bord soithí iascaireachta de chuid an Aontais.

(6) De réir Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, tá na Ballstáit le córais um fhaireachán soithí a oibriú chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar shuíomh agus ar ghluaiseacht soithí iascaireachta cibé áit a bhfuil siad, agus ar shuíomh agus ar ghluaiseacht na soithí iascaireachta ina n-uiscí. Sonraítear le hAirteagal 9(2) go ndéanfar a shuiteáil ar bord gach soitheach iascaireachta de chuid an Aontais gléas lánfheidhmiúil um fhaireachán lenar féidir le córas um fhaireachán soithí an soitheach sin a aimsiú agus a shainaithint go huathoibríoch trí shonraí suímh an tsoithigh a tharchur go tráthrialta. Is iomchuí sonraíochtaí coiteanna le haghaidh na gcóras sin um fhaireachán a bhunú ar leibhéal an Aontais. Ba cheart a leagan amach sna sonraíochtaí sin, go háirithe, saintréithe teicniúla na ngléasanna um fhaireachán soithí, formáid, ábhar agus mionsonraí maidir le tarchur shonraí suímh an tsoithigh.

(7) Chun faireachán éifeachtach ar shonraí maidir le clárú gabhálacha a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag rialacha aonfhoirmeacha maidir le comhlánú agus tíolacadh leictreonach sonraí an logleabhair iascaireachta, réamhfhógraí, dearbhuithe trasloingsithe, agus dearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír, i gcomhréir le hAirteagail 14, 15, 17, 19a, 21, 22, 23, agus 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Is gá, dá bhrí sin, na rialacha aonfhoirmeacha sin a bhunú maidir le nósanna imeachta agus foirmeacha.

(8) Foráiltear le hAirteagal 14(10) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 nach mór do mháistrí soithí gabhála de chuid an Aontais fachtóirí coinbhéartachta arna mbunú ar leibhéal an Aontais a úsáid chun meáchan éisc stóráilte nó phróiseáilte a thiontú ina mheáchan éisc bheo. Is gá, dá bhrí sin, na fachtóirí coinbhéartachta sin a bhunú.

(9) Le hAirteagail 71 agus 72 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, ceanglaítear ar na Ballstáit faireachas a dhéanamh agus bearta iomchuí a dhéanamh i gcás amharc nach bhfreagraíonn don fhaisnéis atá ar fáil dóibh. Le hAirteagal 76 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ceanglaítear ar oifigigh tuarascáil chigireachta a tharraingt suas tar éis gach cigireachta agus í a tharchur go leictreonach chuig na húdaráis ábhartha. Is gá, dá bhrí sin, rialacha a bhunú maidir le hábhar agus formáid na dtuarascálacha faireachais agus cigireachta araon, agus maidir le modhanna a dtarchuir.

(10) Foráiltear le hAirteagal 79 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 go bhféadfaidh cigirí an Aontais cigireachtaí a dhéanamh ar chríoch na mBallstát, in uiscí an Aontais, agus ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais lasmuigh d'uiscí an Aontais. Is iomchuí, dá bhrí sin, rialacha a bhunú maidir le fógra a thabhairt do chigirí an Aontais, raon feidhme a gcumhachtaí agus a ndualgas, na tuarascálacha cigireachta agus an cineál beart leantach a bheidh le déanamh ar thuarascálacha den sórt sin.

(11) Foráiltear le hAirteagal 92(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 gur cheart pointí a sannadh do shealbhóir ceadúnais mar gheall ar shárú tromchúiseach a aistriú chuig sealbhóir nua an cheadúnais iascaireachta má dhíoltar nó má aistrítear úinéireacht an tsoithigh gabhála nó an cheadúnais iascaireachta, nó má athraítear úinéireacht an tsoithigh gabhála nó an cheadúnais iascaireachta ar bhealach eile, tar éis dháta an tsáraithe, i gcásanna a bhaineann le hoibreoirí ó Bhallstát eile freisin. Is iomchuí, dá bhrí sin, rialacha cur chun feidhme a bhunú lena rialófar na haistrithe pointí sin agus fógra a thabhairt faoi chinntí maidir le sannadh pointí.

(12) Foráiltear le hAirteagal 92(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, i gcás ina ndearnadh ceadúnas iascaireachta a tharraingt siar go buan mar gheall ar shannadh pointí, nár cheart é a liostú sna cláir ábhartha. Is iomchuí, dá bhrí sin, rialacha a bhunú maidir leis na ceadúnais iascaireachta sin a scriosadh de na liostaí ábhartha.

(13) Leagtar amach in Airteagail 105, 106 agus 107 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 na rialacha lena rialaítear asbhaint cuótaí agus iarracht iascaireachta an Choimisiúin i gcásanna ina mainníonn Ballstáit an Comhbheartas Iascaigh a chomhlíonadh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhagairt thromchúiseach ar chaomhnú stoc atá faoi réir deiseanna iascaireachta nó córais iarrachta iascaireachta. Is iomchuí, dá bhrí sin, rialacha mionsonraithe a bhunú maidir le hasbhaintí, aistrithe cuótaí, ath-leithdháiltí, agus an próiseas comhairliúcháin a bhaineann le hasbhaint ó dheiseanna iascaireachta.

(14) Chun cur chun feidhme éifeachtach agus comhchuibhithe Chaibidil I de Theideal XII de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a áirithiú, ba cheart rialacha coiteanna a bhunú maidir le bailíochtú sonraí, rochtain ar shonraí agus malartú sonraí. Leis na rialacha sin, ba cheart tacú le láimhseáil chuí sonraí a bhaineann le rialú, lena n-áirítear na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit bunachar sonraí leictreonach agus córas bailíochtaithe a bhunú, agus rochtain iomchuí ar shonraí agus comhroinnt sonraí a áirithiú. Foráiltear leis na nósanna imeachta um bailíochtú sonraí agus na rialacha gnó dá dtagraítear sa Rialachán seo don anailís is gá, amhail anailís staidrimh agus seiceálacha comhsheasmhachta, chomh maith le cros-seiceáil agus fíorú, chun sáruithe féideartha rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a shainaithint, go háirithe sáruithe tromchúiseacha a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus (3) den Rialachán um Rialú.

(15) De réir Airteagal 117(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, tá córas cúnaimh fhrithpháirtigh le bunú chun an comhar riaracháin idir na Ballstáit, tríú tíortha, an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach a áirithiú. Tá an comhar riaracháin sin fíor-riachtanach chun cothrom iomaíochta a áirithiú sna Ballstáit agus chun go ndéanfar gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a imscrúdú go cuí agus go ngearrfar smachtbhannaí ina leith. Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha a tharraingt suas maidir le malartú córasach faisnéise, arna iarraidh sin nó ar bhonn spontáineach, agus maidir leis an bhféidearthacht do Bhallstát eile bearta agus fógraí riaracháin a iarraidh.

(16) Le hAirteagail 93b agus 118 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, ceanglaítear ar na Ballstáit tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha 5 bliana a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin. Chun comhsheasmhacht agus inchomparáideacht na faisnéise a sholáthraítear a áirithiú, is gá íoscheanglais faisnéise agus formáid chaighdeánaithe a leagan síos le haghaidh na dtuarascálacha sin.

(17) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 a aisghairm ar mhaithe le soiléireacht agus comhsheasmhacht leis na leasuithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2023/2842 agus ba cheart an Rialachán seo a chur ina ionad.

(18) Beidh feidhm ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, arna gcur chun feidhme leis an Rialachán seo, ón 10 Eanáir 2026. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin ón dáta céanna sin.

(19) Maidir le forálacha áirithe den Rialachán seo, go háirithe na forálacha sin a bhaineann le tráil a mharcáil, leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh gléasanna um fhaireachán soithí, le bailíochtú sonraí, agus le tarchur leictreonach sonraí doiciméad iompair, tá gá le tréimhse bhreise chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit agus do na páirtithe leasmhara cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach a bhaint amach. Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le dátaí éagsúla cur i bhfeidhm le haghaidh na bhforálacha sin chun am leordhóthanach a thabhairt le haghaidh ullmhúcháin. Thairis sin, ba cheart bearta idirthréimhseacha a leagan síos chun aistriú rianúil chuig rialacha cur chun feidhme nua áirithe a áirithiú le haghaidh soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán, go háirithe ós rud é go mbaineann siad sin le ceanglais a mbeidh feidhm acu ón 10 Eanáir 2028 nó níos déanaí.

(20) Beidh sonraí pearsanta a bhailítear agus a phróiseáiltear chun críoch rialaithe faoin Rialachán seo i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí a leagtar amach in Airteagal 112 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

(21) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus thug sé a thuairim uaidh an 8 Iúil 2025.

(22) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme chóras rialaithe iascaigh an Aontais a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'trál bíoma' trealamh mar a shainmhínítear in Airteagal 6(16), de Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]);

(2) ciallaíonn 'cur i láthair' an fhoirm ina bpróiseáiltear an t-iasc agus é ar bord an tsoithigh iascaireachta agus sula dtugtar i dtír é, mar a thuairiscítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I;

(3) ciallaíonn 'cur i láthair comhchoiteann' cur i láthair ina bhfuil dhá chuid nó níos mó bainte den iasc céanna;

(4) ciallaíonn 'feiste comhthiomsaithe éisc' nó 'FAD' réad, struchtúr nó feiste buan, leathbhuan nó sealadach d'aon ábhar, bíodh sé nádúrtha nó de dhéantús an duine, a úsáidtear agus/nó a rianaítear chun éisc a chomhthiomsú;

(5) ciallaíonn 'sealbhóir ceadúnais iascaireachta' duine nádúrtha nó dlítheanach ar eisíodh ceadúnas iascaireachta dó;

(6) ciallaíonn 'oibreoir a ndéanfar cigireacht air' an duine nádúrtha atá i gceannas ar an soitheach iascaireachta, ar an bhfeithicil, ar an aerárthach, ar an sciorrárthach nó ar an áitreabh a bhfuil cigireacht á déanamh air, nó a dhéanann iascaireacht gan soitheach agus atá faoi réir cigireachta.

(7) ciallaíonn 'údaruithe eile' údaruithe iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais seachas soithí gabhála dá dtagraítear in Airteagal 7a de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(8) ciallaíonn 'gléas iascaireachta éighníomhach' aon trealamh iascaireachta nach dtarraingítear trí uisce le fuinneamh daonna, le fuinneamh ainmhithe nó le fuinneamh meicniúil nó nach n-aistrítear tríd ar bhealach eile, ar nós eangacha geolbhaigh, líonta fostúcháin, traimlí, eangacha gaiste, sruthlíonta, doruithe, lena n-áirítear spiléir, agus gaistí, lena n-áirítear potaí agus cléibh;

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE /EC (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2019/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj).

(9) ciallaíonn 'bailíochtú' cros-seiceáil, anailís agus fíorú a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil na sonraí cruinn, iomlán, comhsheasmhach agus gur tarchuireadh iad laistigh de thráthchláir dhlíthiúla;

(10) ciallaíonn 'rialacha gnó' tacar rialacha réamhshainithe a úsáidtear chun bailíochtú a dhéanamh.

(11) ciallaíonn 'cros-seiceáil' comparáid a dhéanamh idir sonraí ó fhoinsí éagsúla nó ó thacair sonraí éagsúla chun neamhréireanna, earráidí agus faisnéis atá in easnamh sna sonraí a shainaithint agus a imscrúdú;

(12) ciallaíonn 'anailís' sonraí a scrúdú agus a shamhaltú chun patrúin, treochtaí nó aimhrialtachtaí a shainaithint agus a imscrúdú;

(13) ciallaíonn 'fíorú' seiceáil agus deimhniú go gcomhlíonann na sonraí caighdeáin formáide, chainníochta agus cháilíochta;

(14) ciallaíonn 'córas bailíochtaithe sonraí' córas leictreonach, lena n-áirítear an bunachar sonraí leictreonach chun sonraí a bhailíochtú;

(15) ciallaíonn 'iarraidh ar chúnamh' iarraidh arna seoladh ag Ballstát amháin chuig Ballstát eile, nó ag an gCoimisiún nó ag EFCA chuig Ballstát, a bhaineann le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus an Rialacháin seo, i gcomhréir le prionsabal an chomhair riaracháin a leagtar amach in Airteagal 117 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(16) ciallaíonn 'gléas um fhaireachán soithí' gaireas rianaithe, lena n-áirítear gléas rianaithe soghluaiste nach gléas satailíte é, dá dtagraítear in Airteagal 9(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

TEIDEAL II

COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE ROCHTAIN AR UISCÍ AGUS AR ACMHAINNÍ

CAIBIDIL I

Ceadúnais iascaireachta, údaruithe iascaireachta agus údaruithe eile

Airteagal 3

Forálacha ginearálta

1. Áiritheoidh gach Ballstát brataí go mbeidh an fhaisnéis sa cheadúnas iascaireachta, san údarú iascaireachta agus sna húdaruithe eile arna n-eisiúint, arna mbainistiú agus arna dtarraingt siar aige cruinn agus comhsheasmhach le rialacha an Chomhbheartais Iascaigh.

2. Áiritheoidh gach Ballstát brataí go ndéanfar sonraí maidir le ceadúnais iascaireachta, údaruithe iascaireachta agus údaruithe eile arna n-eisiúint, arna mbainistiú agus arna dtarraingt siar aige a choinneáil i bhformáid leictreonach agus go ndéanfar iad a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

3. Féadfaidh ceadúnais iascaireachta, údaruithe iascaireachta agus údaruithe eile a bheith sa doiciméad céanna.

Airteagal 4

Coinníollacha maidir le bailíocht ceadúnas iascaireachta

1. Ní bheidh ceadúnas iascaireachta bailí ach le haghaidh aon soitheach gabhála amháin de chuid an Aontais agus beidh an fhaisnéis atá leagtha amach in Iarscríbhinn II, ar a laghad, ann.

2. I gcomhréir le hAirteagal 38(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, ní bheidh an acmhainneacht iomlán a chomhfhreagraíonn do na ceadúnais iascaireachta arna n-eisiúint ag Ballstát, in Olltonnáiste agus i gcileavatanna (kW), níos airde tráth ar bith ná na huasleibhéil acmhainneachta le haghaidh an Bhallstáit sin arna suí i gcomhréir le hAirteagal 22(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

3. Ní bheidh ceadúnas iascaireachta bailí ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) comhlíontar fós na coinníollacha faoinar eisíodh é, lena n-áirítear a thonnáiste in olltonnáiste, a chumhacht innill in kW, agus critéir eile dá dtagraítear in Iarscríbhinn II; agus

(b) níor eisíodh níos mó ná ceadúnas iascaireachta amháin don soitheach gabhála céanna de chuid an Aontais.

Airteagal 5

Coinníollacha maidir le bailíocht údaruithe iascaireachta le haghaidh soithí gabhála de chuid an Aontais

1. Ní bheidh údarú iascaireachta bailí ach le haghaidh aon soitheach gabhála amháin de chuid an Aontais agus beidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn III ann, ar a laghad.

2. Ní bheidh údarú iascaireachta bailí ach amháin má chomhlíontar fós na coinníollacha faoinar eisíodh é.

Airteagal 6

Coinníollacha le haghaidh bailíocht údaruithe eile

1. Ní bheidh údaruithe eile bailí ach le haghaidh aon soitheach iascaireachta amháin de chuid an Aontais agus beidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn IV iontu, ar a laghad.

2. Ní bheidh údaruithe eile bailí ach amháin má chomhlíontar fós na coinníollacha faoinar eisíodh iad.

CAIBIDIL II

Marcáil agus aitheantas soithí iascaireachta de chuid an Aontais, trealamh iascaireachta, trealaimh, agus árthaí

Roinn 1

Marcáil agus aitheantas soithí iascaireachta de chuid an Aontais

Airteagal 7

Coinníollacha a bhaineann le marcáil soithí iascaireachta de chuid an Aontais

1. Marcálfar soitheach iascaireachta de chuid an Aontais le hainm an tsoithigh, má tá sé ar fáil, agus aitheantóir uathúil soithigh (UVI) mar a leanas:

(a) déanfar litir/litreacha an chalafoirt nó an cheantair ina bhfuil an soitheach iascaireachta de chuid an Aontais cláraithe, i gcás inarb infheidhme, agus an uimhir/na huimhreacha faoina bhfuil sí cláraithe a phéinteáil nó a thaispeáint ar dhá thaobh thosach an tsoithigh nó ar thaobh amháin de thosach an tsoithigh agus ar an taobh eile de dheireadh an tsoithigh, chomh hard agus is féidir os cionn an uisce chun go mbeidh siad le feiceáil go soiléir ón bhfarraige agus ón aer, agus dathanna orthu a bheidh i gcodarsnacht leis an gcúlra ar a bhfuil siad péinteáilte.

(b) i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá os cionn 10 méadar ar fad foriomlán agus níos lú ná 17 méadar ar fad foriomlán, beidh na litreacha agus na huimhreacha 25 cheintiméadar ar a laghad ar airde agus beidh siad 4 cheintiméadar ar a laghad ar tiús. I gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá os cionn 17 méadar ar fad foriomlán, beidh na litreacha agus na huimhreacha 45 cheintiméadar ar a laghad ar airde agus beidh siad 6 cheintiméadar ar a laghad ar tiús.

(c) féadfaidh an Ballstát brataí a cheangal go ndéanfar an comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió nó na litreacha clárúcháin seachtracha agus na cláruimhreacha seachtracha a phéinteáil ar bharr an cháváin stiúraigh, ionas go mbeidh siad le feiceáil go soiléir ón aer, agus dathanna orthu atá i gcodarsnacht leis an gcúlra ar a bhfuil siad péinteáilte.

(d) is dubh agus bán na dathanna a bheidh i gcodarsnacht le chéile.

(e) ní bheidh na litreacha clárúcháin seachtracha agus na cláruimhreacha seachtracha arna bpéinteáil nó arna dtaispeáint ar chabhail an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais inbhainte, scriosta, athraithe, doléite, clúdaithe ná ceilte.

2. Beidh feidhm ag scéim na huimhreach aitheantais long de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta, arna glacadh le Rún A.1117(30) an 6 Nollaig 2017 agus amhail dá dtagraítear i gCaibidil XI-1, Rialachán 3 de Choinbhinsiún SOLAS 1974, maidir leis na soithí seo a leanas:

(a) Soithí iascaireachta de chuid an Aontais nó soithí iascaireachta arna rialú ag oibreoirí de chuid an Aontais faoi shocrú maidir le cairtfhostú, arb é atá ina nOlltonnáiste 100 tonna d'Olltonnáiste nó 100 tonna d'Olltonnáiste Cláraithe agus níos troime ná sin, nó atá 24 mhéadar ar fad foriomlán, nó níos faide ná sin, agus a oibríonn go heisiach laistigh d'uiscí an Aontais.

(b) Soithí iascaireachta de chuid an Aontais nó soithí iascaireachta atá á rialú ag oibreoirí de chuid an Aontais faoi shocrú maidir le cairtfhostú, atá 12 mhéadar ar fad foriomlán, nó níos faide ná sin, a oibríonn lasmuigh d'uiscí an Aontais.

(c) soithí iascaireachta tríú tír atá údaraithe chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh in uiscí an Aontais.

Airteagal 8

Doiciméid aitheantais soithigh atá le hiompar ar bord soitheach iascaireachta de chuid an Aontais

1. Déanfaidh máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais doiciméid arna n-eisiúint ag údarás inniúil de chuid an Bhallstáit ina bhfuil sé cláraithe a iompar ar bord, nó beidh rochtain dhigiteach aige orthu, lena léireofar ar a laghad saintréithe seo a leanas an tsoithigh iascaireachta:

(a) ainm an tsoithigh iascaireachta, má tá sé ar fáil;

(b) litreacha an chalafoirt nó an cheantair ina bhfuil sé cláraithe, agus an uimhir nó na huimhreacha faoina bhfuil sé cláraithe;

(c) uimhir chlár cabhlaigh an Aontais (CFR) nó, murab infheidhme, uimhir IMO nó aitheantóir soithigh uathúil eile an tsoithigh iascaireachta;

(d) IRCS, má tá sé ar fáil;

(e) ainmneacha agus seoltaí an úinéara/na n-úinéirí agus, i gcás inarb infheidhme, ainmneacha agus seoltaí an chairtfhostóra;

(f) an fad foriomlán i méadair, cumhacht an innill in kW, olltonnáiste agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais a chuaigh i mbun seirbhíse ón 1 Eanáir 1987 ar aghaidh, an dáta tosaigh dul ar seirbhís, a shainítear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1130 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]).

2. Coinneoidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar cothrom le 17 méadar a bhfad foriomlán nó ar mó ná sin é agus a bhfuil seomra éisc amháin ar a laghad acu, líníochtaí cruinne ar bord ina mbeidh tuairisc ar na seomraí éisc uile agus na láithreacha stórála éisc uile, lena n-áirítear léiriú ar na pointí rochtana uile agus ar a dtoilleadh stórála i méadair chiúbacha, nó beidh rochtain dhigiteach acu ar na líníochtaí.

3. Coinneoidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil umair sáile acu, lena n-áirítear umair fhuaraithe nó chuisnithe, doiciméad cothrom le dáta ar bord lena léireofar calabrúchán na n-umar i méadair chiúbacha ar eatraimh 10 gceintiméadar, nó beidh rochtain dhigiteach acu air.

4. I gcás inarb infheidhme, máistrí soithí gabhála de chuid an Aontais atá údaraithe meá ar bord a dhéanamh faoi Airteagal 60(3)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 coimeádfaidh siad na doiciméid údarúcháin ábhartha ar bord, mar aon le doiciméid deimhniúcháin le haghaidh na gcóras meáite a úsáidtear chun táirgí iascaigh a mheá ar bord, nó beidh rochtain dhigiteach acu orthu.

5. Is é údarás inniúil an Bhallstáit brataí a dhéanfaidh na doiciméid dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4 a dheimhniú nó a eisiúint. Aon mhodhnú ar na saintréithe atá sna doiciméid dá dtagraítear i míreanna 1 go 4, is é údarás inniúil an Bhallstáit brataí a dhéanfaidh iad a dheimhniú.

6. Déanfar na doiciméid dá dtagraítear san Airteagal seo a thíolacadh chun críoch rialaithe agus cigireachta arna iarraidh sin do na hoifigigh.

([7]) Rialachán (AE) 2017/1130 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 lena sainmhínítear saintréithe soithí iascaireachta (athmhúnlú) (IO L 169, 30.6.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1130/oj).

Roinn 2

Trealamh iascaireachta, baoi, feiste comhthiomsaithe éisc, agus árthaí a mharcáil agus a shainaithint

Airteagal 9

Coinníollacha a bhaineann le hárthaí agus feiste comhthiomsaithe éisc a mharcáil

1. Déanfar aon árthach nó aon FAD a iompraítear ar bord soithí gabhála de chuid an Aontais a mharcáil leis an méid seo a leanas:

(a) litreacha clárúcháin seachtracha agus cláruimhreacha seachtracha an tsoithigh gabhála nó na soithí gabhála de chuid an Aontais atá á n-úsáid, nó le haitheantóir eile a cheanglaítear faoi rialacha na heagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh (ERBI) is infheidhme; agus

(b) uimhir aitheantais uathúil, i gcás ina mbeidh sí ar fáil.

2. Toirmeascfar gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh le hárthaí nó le FADanna nach bhfuil inaitheanta ná marcáilte i gcomhréir le mír 1.

Airteagal 10

Rialacha ginearálta maidir le tráil, gléasanna iascaireachta éighníomhacha, baoithe marcála agus cordaí a mharcáil

1. Maidir le trealamh a bheidh in úsáid ag soithí gabhála de chuid an Aontais, beidh feidhm in uiscí uile an Aontais ag na forálacha atá in Airteagail 10 go 13 maidir le marcáil trealaimh.

2. Na forálacha atá in Airteagail 14 go 18 maidir le baoithe agus cordaí marcála, beidh feidhm acu maidir le soithí gabhála de chuid an Aontais a dhéanann oibríochtaí iascaireachta in uiscí lasmuigh de 12 mhuirmhíle arna thomhas ó bhonnlíne farraige teorann an Bhallstáit cósta. Mura bhforáiltear a mhalairt faoi rialacha an Chomhbheartais Iascaigh, féadfaidh na Ballstáit chósta na ceanglais ábhartha a leathnú chun uiscí laistigh de 12 mhuirmhíle óna mbonnlíne farraige teorann a chumhdach.

3. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas, mura bhforáiltear a mhalairt faoi reachtaíocht an Aontais:

(a) gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh le gléasanna iascaireachta éighníomhacha, baoithe marcála, nó tráil nach bhfuil marcáilte agus inaitheanta i gcomhréir le forálacha Airteagail 11 go 18; agus

(b) an méid seo a leanas a iompar ar bord:

(i) tráil nach gcomhlíonann na coinníollacha in Airteagal 11;

(ii) gléasanna iascaireachta éighníomhacha nach gcomhlíonann na coinníollacha in Airteagal 12(2); agus

(iii) baoithe agus cordaí, lena nasctar na baoithe leis na gléasanna iascaireachta éighníomhacha, nach bhfuil marcáilte i gcomhréir le hAirteagail 14 agus 15(3).

Airteagal 11

Rialacha a bhaineann le tráil a mharcáil

Áiritheoidh máistir soithigh gabhála de chuid an Aontais, nó a ionadaí, go mbeidh litreacha clárúcháin seachtracha agus cláruimhreacha seachtracha an tsoithigh gabhála sin ar taispeáint go soiléir ar gach ceann de na codanna seo a leanas de gach trál, lena n-áirítear trealamh an tráil, a iompraítear ar bord nó a úsáidtear chun oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh:

(a) bíoma gach cóimeála tráil bhíoma, nuair is ann dó;

(b) doras an tráil, nuair is ann dó;

(c) gach dlúthchiumhais d'uachtar cheann an tráil.

Airteagal 12

Rialacha a bhaineann le gléasanna iascaireachta éighníomhacha a mharcáil

1. Áiritheoidh máistir soithigh gabhála de chuid an Aontais nó a ionadaí go bhfuil gach gléas iascaireachta éighníomhach atá ar bord nó a úsáidtear le haghaidh iascaireachta marcáilte go soiléir agus go bhfuil sé inaitheanta i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

2. Maidir le gach gléas iascaireachta éighníomhach a úsáidtear le haghaidh iascaireachta, beidh na litreacha clárúcháin seachtracha agus na cláruimhreacha seachtracha ar buantaispeáint ar chabhail an tsoithigh gabhála ar leis é:

(a) i gcás eangach, ar lipéad a bheidh greamaithe den chéad ró uachtair agus den téad ghrinnill;

(b) i gcás doruithe, ar lipéad ar an bpríomhdhorú agus ar gach snámhán;

(c) i gcás gaistí, ar lipéad a bheidh greamaithe den ghaiste féin agus den téad/de na téada, agus go sonrach i gcás potaí, ar lipéad a bheidh greamaithe den téad ghrinnill agus ar gach pota; agus

(d) i gcás gléas iascaireachta éighníomhach a shíneann níos mó ná 1 mhuirmhíle, ar lipéid a bheidh greamaithe de réir (a), (b) agus (c), ag eatraimh thráthrialta nach mó ná 1 mhuirmhíle, sa chaoi nach ndéanfar aon chuid den ghléas iascaireachta éighníomhach a shíneann níos mó ná 1 mhuirmhíle a fhágáil gan mharcáil.

3. De mhaolú ar mhír 2, maidir le soithí gabhála nach faide ná 15 mhéadar a bhfad foriomlán a bhíonn ag iascaireacht go heisiach in uiscí a mBallstáit brataí, agus a oibríonn laistigh de 4 mhuirmhíle ón mbonnlíne óna dtomhaistear leithead na farraige teorann, féadfaidh an Ballstát brataí sin córas marcála malartach a shuí chun an soitheach gabhála lena mbaineann a shainaithint.

Airteagal 13

Rialacha a bhaineann le lipéid chun trealaimh iascaireachta a mharcáil

1. Comhlíonfaidh lipéid chun trealaimh iascaireachta a mharcáil na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh siad déanta as ábhar marthanach;

(b) beidh siad feistithe go daingean ar an trealamh;

(c) beidh siad inléite go soiléir agus inaitheanta; agus

(d) ní bheidh siad inbhainte, scriosta, athraithe, doléite, clúdaithe ná ceilte.

2. Féadfaidh na Ballstáit chósta marcáil trealaimh iascaireachta le lipéid a bheidh inléite le gléasanna leictreonacha nó le modhanna coibhéiseacha eile a údarú laistigh d'uiscí faoina gceannasacht nó faoina ndlínse, ar choinníoll go mbeidh na huirlisí agus an teicneolaíocht is gá ag a n-údaráis inniúla chun na lipéid sin a shainaithint agus a léamh, agus go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos i mír 1.

Airteagal 14

Rialacha a bhaineann le baoithe a mharcáil

1. Áiritheoidh máistir soithigh gabhála de chuid an Aontais nó a ionadaí go ndéanfar dhá bhaoi mharcála críche agus dhá bhaoi mharcála idirmheánacha, atá rigeáilte i gcomhréir le hIarscríbhinn V, a fheistiú de gach gléas iascaireachta éighníomhach a úsáidtear le haghaidh iascaireachta agus áiritheoidh sé go n-úsáidfear iad i gcomhréir le forálacha na Roinne seo, i gcás arb infheidhme.

2. Ar gach baoi marcála críche agus ar gach baoi marcála idirmheánach beidh na litreacha clárúcháin seachtracha agus na cláruimhreacha seachtracha a thaispeántar ar chabhail an tsoithigh gabhála de chuid an Aontais lena mbaineann siad, nó a raibh siad in úsáid aige, ar taispeáint, i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh litreacha agus uimhir/uimhreacha ar taispeáint chomh hard agus is féidir os cionn an uisce ionas go mbeidh siad infheicthe go soiléir; agus

(b) beidh dath orthu atá i gcodarsnacht leis an dromchla ar a bhfuil siad ar taispeáint.

3. Ní dhéanfar na litreacha agus an uimhir/na huimhreacha ar taispeáint ar an mbaoi marcála a scriosadh, a athrú, ná ní ligfear dóibh éirí doléite.

Airteagal 15

Rialacha a bhaineann le cordaí a shocrú agus a mharcáil

1. Beidh na cordaí a nascann na baoithe leis an ngléas iascaireachta éighníomhach déanta as ábhar intumtha nó déanfar iad a ualú síos sa chaoi nach sroichfidh aon chuid den chorda dromchla an uisce.

2. Beidh na cordaí a nascann na baoithe marcála críche le gach píosa trealaimh feistithe ag foircinn an trealaimh sin.

3. Déanfar na cordaí a nascann na baoithe leis an trealamh iascaireachta éighníomhach a mharcáil le lipéad i gcomhréir le hAirteagal 13, ar a mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14(2).

Airteagal 16

Rialacha a bhaineann le baoithe marcála críche a chur in úsáid

1. Déanfar baoithe marcála críche a chur in úsáid ionas go bhféadfar gach foirceann den ghléas iascaireachta éighníomhach a aithint tráth ar bith.

2. Beidh crann gach baoi marcála críche in airde aon mhéadar amháin ar a laghad os cionn leibhéal na farraige arna tomhas ó bharr an snámháin go himeall íochtair na brataí is faide thíos.

3. Cuirfear dath ar bhaoithe marcála críche, ach ní ceadmhach an dath a bheith dearg ná glas.

4. Beidh na nithe seo a leanas ar gach baoi marcála críche:

(a) bratach dhronuilleogach amháin nó dhá cheann; i gcás ina gceanglaítear dhá bhratach ar an mbaoi céanna, beidh siad 20 ceintiméadar óna chéile ar a laghad; beidh an dath céanna ar bhratacha a léiríonn foircinn an trealaimh chéanna agus ní fhéadfaidh siad a bheith bán agus beidh siad ar cóimhéid.

(b) aon solas amháin nó dhá cheann, a bheidh buí agus a thabharfaidh amach aon splanc amháin gach 5 soicind (F1 Y 5s), agus a bheidh infheicthe ó achar íosta 2 mhuirmhíle.

5. Féadfar barrchomhartha a áireamh ar bharr an bhaoi, agus banda gléineach stríocach amháin nó dhá cheann air, ar barrchomhartha é nach mbeidh dearg ná glas agus a bheidh ar a laghad sé cheintiméadar ar leithead.

Airteagal 17

Rialacha a bhaineann le baoithe marcála críche a shocrú

Déanfar baoithe marcála críche a fheistiú ar ghléas iascaireachta éighníomhach mar seo a leanas:

(a) déanfar an baoi sa limistéar thiar (arb é atá ann an leathchiorcal compáis ón taobh ó dheas tríd an taobh thiar agus ó thuaidh, agus an tuaisceart san áireamh) a rigeáil le dhá bhratach, dhá bhanda ghléineacha stríocacha, dhá sholas agus lipéad dá dtagraítear in Airteagal 13;

(b) déanfar an baoi sa limistéar thoir (arb é atá ann an leathchiorcal compáis ón taobh ó thuaidh tríd an taobh thoir agus ó dheas, agus an deisceart san áireamh) a rigeáil le haon bhratach amháin, aon bhanda gléineach stríocach amháin, aon solas amháin agus lipéad dá dtagraítear in Airteagal 13.

Airteagal 18

Rialacha maidir le baoithe marcóra idirmheánacha a shocrú

1. Beidh baoithe marcála idirmheánacha feistithe ar ghléas iascaireachta éighníomhach a shíneann níos mó ná 5 mhuirmhíle mar a leanas:

(a) déanfar baoithe marcála idirmheánacha a chur in úsáid agus achair nach faide ná 5 mhíle farraige eatarthu sa chaoi nach ndéanfar aon chuid den trealamh a shíneann 5 mhuirmhíle nó níos mó a fhágáil gan mharcáil;

(b) déanfar baoithe marcála idirmheánacha a fheistiú le haon solas gealánach amháin a bheidh buí agus a chuirfidh aon splanc amháin amach gach 5 shoicind (F1 Y 5s) agus beidh siad infheicthe ó achar íosta 2 mhuirmhíle.

2. Beidh na saintréithe céanna ag baoithe marcála idirmheánacha agus atá ag na baoithe marcála críche sa limistéar thoir, ach beidh dath bán ar an mbratach.

3. De mhaolú ar mhír 1, beidh baoithe idirmheánacha sa Mhuir Bhailt feistithe ar ghléas iascaireachta éighníomhach a shíneann níos mó ná 1 mhuirmhíle. Déanfar baoithe marcála idirmheánacha a chur in úsáid agus achair nach faide ná 1 mhuirmhíle eatarthu sa chaoi nach ndéanfar aon chuid den trealamh a shíneann 1 mhuirmhíle nó níos mó a fhágáil gan mharcáil. Beidh frithchaiteoir radair feistithe ar gach cúigiú baoi idirmheánach, ar frithchaiteoir radair é a chuirfidh amach macalla ar a laghad 2 mhuirmhíle ar fad.

TEIDEAL III

RIALÚ AR IASCACH

CAIBIDIL I

Córas um fhaireachán soithí

Airteagal 19

Forálacha ginearálta

Déanfar gach soitheach iascaireachta atá faoi réir cheanglais an chórais um fhaireachán soithí, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 nó le forálacha níos déine a leagtar amach i rialacha eile an Chomhbheartais Iascaigh, a fheistiú le gléas um fhaireachán soithí a chomhlíonann na híoschoinníollacha teicniúla a leagtar síos sa Chaibidil seo.

Airteagal 20

Íoscheanglais agus sonraíochtaí teicniúla le haghaidh gléasanna um fhaireachán soithí

1. Gan dochar d'fhorálacha níos déine a leagtar amach le rialacha eile an Chomhbheartais Iascaigh, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas maidir le gléasanna um fhaireachán soithí atá in úsáid:

(a) go mbeidh ar a gcumas faireachán a dhéanamh ar shonraí suímh an tsoithigh uair amháin gach 10 nóiméad ar a laghad agus na sonraí a thaifeadadh;

(b) tarchur na sonraí taifeadta a chumasú ar mhinicíocht a shonraítear in Airteagal 23 agus faoi na coinníollacha a shonraítear ann;

(c) stóráil na sonraí taifeadta a chumasú le linn tréimhsí nuair nach féidir iad a tharchur, agus na sonraí stóráilte a tharchur a luaithe is féidir tarchur a dhéanamh arís;

(d) a bheith uiscedhíonach de réir rátáil IP67 nó níos airde;

(e) sraithuimhir uathúil a bheith ag gach feiste ar leith chun é a idirdhealú ó fheistí eile;

(f) a bheith greamaithe den soitheach iascaireachta agus daingnithe ann; agus

(g) feidhmiúlacht a bheith acu lenar féidir leis an máistir faireachán a dhéanamh ar an stádas oibríochtúil agus aon mhífheidhmiú a bhrath, lena n-áirítear aon mhífheidhmiú a bhrath trí fhógraí earráide nó foláirimh.

2. Is féidir nach mbeidh feidhm ag mír 1(a) maidir le soithí iascaireachta inar suiteáladh cheana féin agus ina n-úsáidtear, tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, gléas um fhaireachán soithí nach ndéanfaidh faireachán ar shonraí suímh an tsoithigh agus iad a thaifeadadh uair amháin gach 10 nóiméad ar a laghad, ar choinníoll go gcumasaítear leis an ngléas na sonraí taifeadta a tharchur ar mhinicíocht agus faoi na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 23.

3. Is féidir nach mbeidh feidhm ag míreanna 1(d) agus (f) maidir le soithí iascaireachta ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán agus a úsáideann gléas soghluaiste um fhaireachán soithí.

4. Cuimseofar an méid seo a leanas ar shonraí suímh an tsoithigh a bheidh le taifeadadh agus le tarchur ag an ngléas um fhaireachán soithí:

(a) uimhir aitheantais uathúil, lena gcuirfear ar chumas lárionad faireacháin iascaigh (LFI) an Bhallstáit brataí sonraí suímh an tsoithigh a nascadh leis an soitheach iascaireachta;

(b) suíomh geografach is déanaí an tsoithigh iascaireachta a thabhairt le comhordanáidí domhanleithid agus domhanfhaid ar an gCóras Geodasach Domhanda 1984, arna shloinneadh i gcéimeanna deachúla go dtí cruinneas 4 ionad dheachúlacha, le hearráid suímh níos lú ná 50 méadar agus eatramh muiníne 99 faoin gcéad;

(c) dáta agus am gach suímh gheografaigh a taifeadadh le haghaidh an tsoithigh iascaireachta, arna shloinneadh in Am Uilíoch Lárnach; agus

(d) luas (i muirmhílte, go dtí cruinneas dhá ionad dheachúlacha) agus cúrsa (i gcéimeanna, le heatramh idir 0-359,99 agus cruinneas go dtí dhá ionad dheachúlacha) an tsoithigh iascaireachta.

Airteagal 21

Ábhar shonraí suímh an tsoithigh

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad i sonraí suímh an tsoithigh arna malartú ag an mBallstát brataí i gcomhréir le hAirteagal 111(1) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009:

(a) an uimhir CFR le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais, i gcás ina dteastaíonn sí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún ([8]);

(b) an uimhir IMO, i gcás ina bhfuil aitheantóir den sórt sin ag an soitheach;

(c) an IRCS, i gcás ina bhfuil aitheantóir den sórt sin ag an soitheach;

(d) litreacha clárúcháin seachtracha agus cláruimhreacha seachtracha an tsoithigh iascaireachta;

(e) ainm an tsoithigh iascaireachta, i gcás ina bhfuil sé ar fáil;

(f) sonraí suímh an tsoithigh, lena n-áirítear an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 20(4); agus

(g) an cineál suímh, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(i) suíomh a bhailítear go huathoibríoch, marcálfar é mar POS;

(ii) suíomh a chláraítear de láimh, marcálfar é mar MANUAL;

(iii) i gcás inarb infheidhme, marcálfar sonraí chéad suíomh an tsoithigh laistigh de limistéar uiscí tríú tír mar ENTRY; agus

(iv) i gcás inarb infheidhme, marcálfar sonraí chéad suíomh an tsoithigh lasmuigh de limistéar uiscí na tríú tíre mar EXIT.

Airteagal 22

Cúraimí a bheidh ar mháistrí soithí iascaireachta maidir le hoibriú gléasanna um fhaireachán soithí

1. Beidh máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais freagrach as gléas um fhaireachán soithí a oibriú ar bhealach éifeachtach agus ceart, agus áiritheoidh sé an méid seo a leanas:

(a) go gcuirfear an gléas um fhaireachán soithí ar siúl roimh thús an turais agus ar feadh ré an turais;

(b) go déanfar dlúthfhaireachán ar fheidhmiúlacht an ghléis um fhaireachán soithí, agus go ndéanfar gníomhaíocht phras chun aon fhógra faoi earráidí nó aon mhífheidhmiú a réiteach;

(c) nach sárófar an gléas um fhaireachán soithí de láimh;

(d) nach n-úsáidfear an gléas um fhaireachán soithí chun sonraí bréagacha a tharchur;

(e) nach scriosfar an gléas um fhaireachán soithí, nach ndéanfar damáiste dó, nach gcuirfear as feidhm é, nach gcuirfear isteach air ná nach mbainfear as an soitheach iascaireachta é, ach amháin i gcás soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán ina mbíonn gairis rianaithe shoghluaiste, agus sa chás sin is féidir an gléas a bhaint amach tar éis dheireadh an turais iascaireachta;

(f) nár scriosadh ná nár athraíodh ar bhealach eile na sonraí ábhartha atá ar an ngléas um fhaireachán soithí;

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2017 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (IO L 34, 9.2.2017, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/218/oj).

(g) nach gcuirfear bac ar an ngléas um fhaireachán soithí ná ar aon aeróg atá nasctha leis agus nach gcuirfear isteach orthu ar aon bhealach eile chun tarchur éifeachtach na sonraí a chur i mbaol nó a chosc nó cruinneas na sonraí a chur i mbaol;

(h) go dtarchuirfear sonraí suímh an tsoithigh ar an minicíocht a shonraítear in Airteagal 23;

(i) nach gcuirtear isteach ar an soláthar cumhachta chuig an ngléas um fhaireachán soithí; agus

(j) go mbeidh an chéad suíomh geografach den soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a sholáthrófar mar chuid de shonraí suímh an tsoithigh tar éis an gléas a chur ar siúl arís comhionann leis an suíomh geografach deireanach a taifeadadh sular múchadh an gléas, le hearráid suímh a bheidh níos lú ná 500 méadar agus an méid sin laistigh de limistéar an chalafoirt, mura gceanglófar lamháil earráide níos lú faoin dlí náisiúnta.

2. De mhaolú ar mhír 1(a), féadfaidh máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais an gléas um fhaireachán soithí agus an soitheach i gcalafort nó ag áit cur i dtír, ar choinníoll go dtarchuirfear fógra chuig údaráis inniúla LFI an Bhallstáit brataí sula múchtar an gléas. Féadfaidh an máistir an fógra sin a ghiniúint go huathoibríoch nó de láimh agus léireofar ann go bhfuil an soitheach iascaireachta laistigh de limistéar an chalafoirt nó den áit cur i dtír.

3. Mura bhforáiltear a mhalairt faoin dlí náisiúnta, ní bheidh feidhm ag mír 1(j) maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán ar a bhfuil gléasanna soghluaiste um fhaireachán soithí, agus a iompraítear ar tír chuig limistéar cósta eile tar éis an gléas a mhúchadh.

Airteagal 23

Minicíocht tharchur shonraí suímh an tsoithigh

1. Gan dochar d'fhorálacha níos déine a leagtar amach i rialacha eile an chomhbheartais iascaigh, déanfaidh gléasanna faireacháin soithigh na sonraí maidir le suíomh an tsoithigh, lena n-áirítear an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 20(4), a tharchur chuig LFI an Bhallstáit brataí:

(a) ón 10 Eanáir 2026 agus go dtí an 10 Iúil 2027, uair amháin gach 2 uair an chloig ar a laghad, seachas i gcás ina ndéantar gníomhaíochtaí iascaireachta laistigh de limistéir iascaireachta shrianta, a shainítear in Airteagal 4(14) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, lena n-áirítear laistigh de 5 mhuirmhíle ó na limistéir sin, ina mbeidh an t-eatramh tarchuir uair amháin gach 30 nóiméad ar a laghad;

(b) ón 10 Iúil 2027, uair amháin gach 30 nóiméad ar a laghad.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit bhrataí:

(a) a cheangal ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais atá faoina mbratach sonraí suímh an tsoithigh dá dtagraítear i mír 1 a sheoladh ar eatraimh níos lú;

(b) ón 10 Iúil 2027 ar aghaidh, cead a thabhairt do shoithí iascaireachta sonraí suímh an tsoithigh dá dtagraítear i mír 1 a tharchur uair amháin gach 60 nóiméad ar a laghad i gcás soitheach iascaireachta:

  (a) oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh thar theorainneacha forimeallacha na farraige teorann; agus

  (b) gan gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh laistigh de limistéir iascaireachta shrianta, a shainítear in Airteagal 4(14) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, lena n-áirítear laistigh de 5 mhuirmhíle ó na limistéir sin.

3. Déanfar sonraí suímh an tsoithigh a tharchur:

(a) le nasc satailíte nó, i gcás inar féidir, le líonra móibíleach talamh-bhunaithe nó le teicneolaíocht choibhéiseach eile; agus

(b) ar bhealach lena n-áiritheofar rúndacht, sláine, infhaighteacht, barántúlacht agus neamhshéanadh na sonraí uile a tharchuirtear.

4. I gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán agus a úsáideann gléasanna soghluaiste um fhaireachán soithí agus atá gan cumhdach líonra, déanfar sonraí suímh an tsoithigh a thaifeadadh ar na heatraimh a shonraítear i míreanna 1 nó 2 den Airteagal seo agus a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 24

Sonraí suímh an tsoithigh a tharchur chuig an mBallstát cósta

1. Áiritheoidh LFI gach Ballstáit brataí, maidir lena shoithí iascaireachta, go ndéanfar sonraí suímh an tsoithigh arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 21 a tharchur go huathoibríoch, díreach tar éis dó iad a fháil, chuig LFI Ballstáit cósta le linn dá shoithí iascaireachta a bheith in uiscí an Bhallstáit cósta.

2. Tabharfaidh an Ballstát brataí rochtain don Bhallstát cósta, arna iarraidh sin, ar shonraí suímh uile an tsoithigh, mar a shonraítear in Airteagal 21 den Rialachán seo, i gcás soithí iascaireachta atá faoina bhratach le linn aon tréimhse ina mbeidh na soithí sin laistigh d'uiscí an Aontais sa Bhallstát cósta. Beidh an rochtain sin ar fáil go ceann 3 bliana ar a laghad ón dáta a taifeadadh gach suíomh.

CAIBIDIL II

Logleabhar iascaireachta, réamhfhógra, dearbhú trasloingsithe, agus dearbhú maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír

Airteagal 25

Na híoscheanglais maidir leis an logleabhar iascaireachta

1. Gan dochar d'fhorálacha níos déine a leagtar amach i rialacha eile an Chomhbheartais Iascaigh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an méid seo a leanas indéanta leis an logleabhar iascaireachta leictreonach a bheidh in úsáid:

(a) sonraí íosta an logleabhair iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a thaifeadadh, mar aon le faisnéis ábhartha eile dá dtagraítear in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) na sonraí taifeadta a stóráil le linn tréimhsí nach féidir iad a tharchur, agus na sonraí stóráilte a tharchur a luaithe a mbeidh tarchur indéanta arís;

(c) teachtaireachtaí fillte dá dtagraítear in Airteagal 26 den Rialachán seo a ghlacadh agus a stóráil agus iad sin a chur ar fáil do mháistir an tsoithigh gabhála; agus

(d) feidhmiúlacht a bheith acu lenar féidir leis an úsáideoir faireachán a dhéanamh ar an stádas oibríochtúil agus aon mhífheidhmiú a bhrath, lena n-áirítear aon mhífheidhmiú a bhrath trí fhógraí earráide nó trí fholáirimh.

2. Déanfar sonraí an logleabhair iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 a tharchur:

(a) trí líonra móibíleach ar talamh nó trí chóras cumarsáide satailíte; agus

(b) ar bhealach lena n-áiritheofar rúndacht, sláine, infhaighteacht, barántúlacht agus neamhshéanadh na sonraí uile a tharchuirtear.

Airteagal 26

Teachtaireachtaí fillte ó údaráis an Bhallstáit brataí

1. Tarchuirfidh na Ballstáit bhrataí teachtaireacht ar ais chuig an gcóras leictreonach taifeadta agus tuairiscithe ar bord an tsoithigh le haghaidh sonraí gníomhaíochta iascaireachta dá dtagraítear in Airteagail 14, 21 agus 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Sa teachtaireacht fillte beidh admháil go bhfuarthas an teachtaireacht agus, i gcás inar féidir, faisnéis maidir le glacadh leis an teachtaireacht nó diúltú di, lena n-áirítear na cúiseanna leis an diúltú.

2. Coinneoidh an córas leictreonach taifeadta agus tuairiscithe ar bord soitheach iascaireachta de chuid an Aontais na teachtaireachtaí a seoladh ar ais le haghaidh gach tuarascáil ar thuras iascaireachta a tharchuirtear, go dtí go gcuirfear tús le turas iascaireachta nua ar a laghad.

3. I gcás ina gceanglaítear sin leis na rialacha arna nglacadh ag ERBInna, ar rialacha iad atá ina gceangal ar an Aontas, nó i gcás rialacha a glacadh i gcomhthéacs comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe (CCIInna) nó comhaontuithe iascaigh eile arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas le tríú tír, coinneoidh an córas leictreonach taifeadta agus tuairiscithe ar bord soitheach iascaireachta de chuid an Aontais na teachtaireachtaí fillte breise uile le haghaidh tuarascálacha tarchurtha maidir le turas iascaireachta arna eisiúint ag ERBI nó ag an tríú páirtí go dtí go gcuirfear tús le turas iascaireachta nua.

Airteagal 27

An logleabhar iascaireachta a chomhlánú agus a chur isteach go leictreonach

1. Déanfaidh máistir soithigh gabhála de chuid an Aontais sonraí an logleabhair iascaireachta a chomhlánú agus a chur isteach i bhfoirm leictreonach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 14 agus 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus leis na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn XV. Ina theannta sin, i gcás soithí gabhála ar cothrom le 12 mhéadar nó níos mó a bhfad foriomlán, tuairisceofar an dáta agus an t-am a tharchuirtear an fhaisnéis ón soitheach chuig an LFI.

2. Cuirfidh máistir soithigh gabhála de chuid an Aontais tuarascáil imeachta chuig LFI an Bhallstáit brataí sula n-imeoidh sé ó chalafort nó ó áit cur i dtír. Is í an tuarascáil sin an chéad tuarascáil ar an turas atá ag tosú.

3. Sula mbainfear amach an calafort nó áit cur i dtír, cuirfidh máistir soithigh gabhála de chuid an Aontais teachtaireacht um fhilleadh ar an gcalafort chuig LFI an Bhallstáit brataí.

4. Féadfaidh an máistir ceartúcháin ar shonraí an logleabhair iascaireachta a tharchur suas go dtí an tíolacadh deireanach a dhéantar sula rachaidh sé isteach i gcalafort nó in áit cur i dtír. Áiritheoidh na máistrí gur féidir leis na húdaráis inniúla na ceartúcháin a aithint go héasca. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit brataí sonraí leictreonacha bunaidh uile an logleabhair iascaireachta agus gach ceartúchán ar na sonraí sin a stóráil.

5. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3, déanfaidh máistrí soithí gabhála de chuid an Aontais ar lú a bhfad iomlán ná 12 mhéadar an teachtaireacht ábhartha maidir le himeacht agus na sonraí ábhartha a chur isteach, ar a dhéanaí tar éis an oibríocht iascaireachta dheireanach a bheith curtha i gcrích agus sula gcuirfear tús leis an tabhairt i dtír.

6. Beidh feidhm ag na cóid a thugtar in Iarscríbhinn XVI chun an trealamh iascaireachta atá á úsáid a léiriú, faoi na ceannteidil iomchuí den logleabhar iascaireachta.

CAIBIDIL III

Rialacha comhchoiteanna maidir le beomheáchan a chinneadh

Airteagal 28

Fachtóirí coinbhéartachta a úsáid

1. Chun an logleabhar iascaireachta, an dearbhú trasloingsithe, agus an dearbhú maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír a chomhlánú, beidh feidhm ag fachtóirí coinbhéartachta an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinní XII, XIII agus XIV maidir le meáchan éisc stóráilte nó phróiseáilte a thiontú ina bheomheáchan éisc, de bhun Airteagail 14(10), 21(5) agus 23(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Beidh feidhm acu maidir le táirgí iascaigh atá ar bord nó trasloingsithe nó tugtha i dtír ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais.

2. De mhaolú ar mhír 1, beidh feidhm ag fachtóirí coinbhéartachta seachas na fachtóirí a shuitear in Iarscríbhinní XII, XIII agus XIV sna cásanna seo a leanas:

(a) bunaíodh fachtóirí coinbhéartachta leis na rialacha atá glactha ag ERBInna atá ina gceangal ar an Aontas, nó leis na rialacha a glacadh i gcomhthéacs CCIInna arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas le tríú tíortha.

(b) ní ann d'aon fhachtóir coinbhéartachta dá dtagraítear i mír 1 nó i bpointe (a) den mhír seo, do speiceas áirithe agus cur i láthair áirithe, agus sa chás sin beidh feidhm ag na fachtóirí coinbhéartachta atá glactha ag an mBallstát brataí.

3. Gan dochar do mhír 2, úsáidfidh údaráis inniúla na mBallstát fachtóirí coinbhéartachta an Aontais dá dtagraítear i mír 1 nuair a bheidh beomheáchan trasloingsithe agus beomheáchan gabhálacha arna dtabhairt i dtír á ríomh chun faireachán a dhéanamh ar ghlacadh an chuóta.

Airteagal 29

Modh ríofa

1. Gheofar beomheáchan an éisc trí mheáchan an éisc phróiseáilte a iolrú faoi na fachtóirí coinbhéartachta dá dtagraítear in Airteagal 28 do gach speiceas agus gach cur i láthair.

2. I gcás cur i láthair comhchoiteann, ní úsáidfear ach aon fhachtóir coinbhéartachta amháin a chomhfhreagraíonn do cheann amháin de chodanna den chur i láthair comhchoiteann éisc.

Airteagal 30

Rialacha ginearálta maidir le cur chun feidhme an chorrlaigh lamháltais do mheastacháin a thaifeadtar sa logleabhar iascaireachta

1. Déanfar na corrlaigh lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 14(3) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a shloinneadh mar chéatadán de na figiúirí logleabhair iascaireachta.

2. I gcás gabhálacha atá le tabhairt i dtír gan sórtáil, féadfar na meastacháin a taifeadadh sa logleabhar iascaireachta a ríomh ar bhonn samplaí ionadaíocha nó trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí lenar féidir meastachán níos cruinne a dhéanamh ar na cainníochtaí iomlána a choinnítear ar bord.

3. Chun Airteagal 14(3) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a chur i bhfeidhm, measfar speiceas a ghabhtar mar bhaoite beo a bheith ina speiceas a gabhadh agus a coinníodh ar bord.

Airteagal 31

Corrlach lamháltais sa dearbhú trasloingsithe

Déanfar an corrlach lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 21(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 chun meastachán a dhéanamh ar na cainníochtaí ina gcileagraim de bheomheáchan gach speicis arna thrasloingsiú nó arna fháil a shloinneadh mar chéatadán de na figiúirí sa dearbhú trasloingsithe.

Airteagal 32

Tabhairt i dtír táirgí iascaigh a chur i gcrích tar éis iad a iompar de réir pleananna rialaithe agus cláir choiteanna um rialú

I gcás ina n-iompraítear na táirgí iascaigh ón áit inar tugadh i dtír iad sula ndéantar iad a mheá i gcomhréir le plean rialaithe nó clár coiteann um rialú de bhun Airteagal 60(3)(c) agus (d) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, faoi seach, ní mheasfar an tabhairt i dtír a bheith curtha i gcrích chun Airteagal 23(2)(f) agus (g), Airteagal 24(1) agus (2), agus Airteagal 66(1), (3) agus (4)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a chur i bhfeidhm go dtí go meáfar na táirgí iascaigh.

Airteagal 33

Oibríochtaí iascaireachta a bhfuil baint ag dhá shoitheach gabhála de chuid an Aontais nó níos mó leo

Gan dochar do rialacha speisialta i gcás oibríochtaí iascaireachta a bhaineann le dhá shoitheach gabhála nó níos mó de chuid an Aontais, déanfar an ghabháil a thabharfar i dtír mar thoradh ar na hoibríochtaí iascaireachta sin a shannadh don soitheach gabhála de chuid an Aontais a thugann na táirgí iascaigh i dtír, i gcás táirgí iascaigh:

— ó Bhallstáit éagsúla, nó

— ón mBallstát céanna ach i gcás ina dtugtar na gabhálacha i dtír i mBallstát nach bhfuil faoina bhratach.

CAIBIDIL IV

Nótaí díolacháin

Airteagal 34

Rialacha Ginearálta

1. Gan dochar do na díolúintí a bhunaítear faoi Airteagal 65 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus mura bhforáiltear a mhalairt faoi rialacha an Chomhbheartais Iascaigh, déanfaidh ceannaitheoirí cláraithe, ceantanna cláraithe nó eagraíochtaí táirgeoirí nóta díolacháin a chomhlánú agus a chur isteach go leictreonach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 62 agus 64 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus leis na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn XIX.

2. Áireofar sa chineál cur i láthair dá dtagraítear in Airteagal 64(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 staid na próiseála mar a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Déanfar an praghas dá dtagraítear in Airteagal 64(1)(n) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a chur in iúl san airgeadra is infheidhme sa Bhallstát ina ndéantar an díolachán.

TEIDEAL IV

FAIREACHAS, CIGIREACHT AGUS FORFHEIDHMIÚ

CAIBIDIL I

Tuarascálacha faireachais agus cigireachta

Airteagal 35

Ábhar agus formáid na dtuarascálacha faireachais agus cigireachta

1. Déanfar na tuarascálacha faireachais dá dtagraítear in Airteagal 71(3) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a tharraingt suas agus a chur isteach, i gcás inar féidir, trí mheán leictreonach, i gcomhréir leis na treoracha agus na rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Déanfar na tuarascálacha cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 76 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a tharraingt suas agus a chur isteach go leictreonach i gcomhréir leis na treoracha agus na rialacha a leagtar amach sa mhodúl iomchuí a shuitear in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. I gcás ina bhraitear sárú amhrasta le linn faireachais nó cigireachta, cuirfear na heilimintí dlíthiúla agus ábhartha mar aon le haon fhaisnéis eile atá ábhartha don sárú san áireamh sa tuarascáil faireachais nó chigireachta chomhfhreagrach. I gcás ina bhraitear roinnt sáruithe amhrasta le linn faireachais nó cigireachta, déanfar gnéithe ábhartha de gach sárú a thabhairt ar aird sa tuarascáil faireachais nó chigireachta chomhfhreagrach.

4. Beidh sonraí ó na tuarascálacha faireachais agus cigireachta ar fáil sa bhunachar sonraí go ceann 3 bliana ar a laghad.

Airteagal 36

Rialacha maidir leis an mbunachar sonraí leictreonach

Déanfaidh na Ballstáit na sonraí ina dtuarascálacha faireachais agus cigireachta a uaslódáil sa bhunachar sonraí leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 78 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, lena ndéanfar foráil maidir leis na feidhmiúlachtaí ar a laghad chun staidreamh ó na tuarascálacha faireachais agus cigireachta a liostú, a shórtáil, a scagadh, a bhrabhsáil agus a dhíorthú. Is í an fhaisnéis íosta a thaifeadfar sa bhunachar sonraí sin an fhaisnéis sin a shonraítear in Iarscríbhinní VI agus VII, faoi seach.

Airteagal 37

Tuarascálacha cigireachta a thabhairt i gcrích

1. Beidh an tuarascáil chigireachta inléite agus déanfar taifead soiléir di. Ní scriosfar ná ní athrófar aon iontráil sa tuarascáil. Má dhéantar botún sa tuarascáil, déanfaidh an t-oifigeach lena mbaineann nóta soiléir den iontráil mhícheart agus déanfaidh sé í a thaifeadadh.

2. Síneoidh an t-oifigeach a bheidh freagrach as an gcigireacht an tuarascáil nó déanfaidh sé í a eisiúint. Iarrfar ar an oibreoir a ndéanfar cigireacht air an tuarascáil a shíniú nó glacadh léi. I gcás nach mbeidh an t-oibreoir a ndéanfar cigireacht air in ann glacadh leis an tuarascáil chigireachta nó í a shíniú, nó i gcás ina ndiúltóidh sé glacadh léi nó í a shíniú, déanfaidh an cigire nóta den mhéid sin i roinn na mbarúlacha den tuarascáil. I gcás nach labhraíonn oifigigh an teanga chéanna a labhraíonn an t-oibreoir a ndéanfar cigireacht air, déanfaidh siad bearta iomchuí ionas go mbeidh a gcuid torthaí sothuigthe.

3. Gan dochar don dlí náisiúnta, is é a bheidh i síniú an oibreora a ndéanfar cigireacht air nó glacadh an oibreora sin leis an tuarascáil, admháil go bhfuarthas an tuarascáil agus ní mheasfar gur glacadh le hinneachar na tuarascála a bheidh i gceist leis.

4. Beidh sé de cheart ag an oibreoir a ndéanfar cigireacht air dul i dteagmháil lena ionadaí nó le húdaráis inniúla a Bhallstáit bhrataí, arna iarraidh sin.

CAIBIDIL II

Cigirí de chuid an Aontais

Airteagal 38

Fógra faoi chigirí de chuid an Aontais a thabhairt do EFCA

Laistigh de 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, tabharfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún fógra leictreonach don Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach faoin liosta oifigeach a bheidh le cur leis an liosta cigirí de chuid an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 79 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 39

An liosta cigirí de chuid an Aontais a ghlacadh agus a chothabháil

1. Ar bhonn na faisnéise ar thug na Ballstáit agus an Coimisiún fógra ina leith faoi Airteagal 38 den Rialachán seo, tarraingeoidh EFCA suas liosta cigirí de chuid an Aontais, lena n-áirítear oifigigh EFCA, a bheidh le cur faoi bhráid an Choimisiúin lena ghlacadh laistigh de 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na hoifigigh a chuimseofar ar an liosta cigirí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 38:

(a) beidh taithí fhairsing acu i réimse an rialaithe agus na cigireachta ar iascach;

(b) beidh sár-eolas acu ar reachtaíocht iascaigh an Aontais Eorpaigh;

(c) beidh an-eolas acu ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil acu ar theanga oifigiúil eile;

(d) beidh siad corpacmhainneach chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh; agus

(e) beidh oiliúint shásúil faighte acu maidir le sábháilteacht ar muir, i gcás inarb iomchuí.

3. Tar éis an liosta tosaigh dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh, tabharfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún fógra do EFCA faoin 30 Meán Fómhair gach bliain maidir le haon leasú ar an liosta is mian leo a thabhairt isteach le haghaidh na bliana féilire dár gcionn. Cuirfidh EFCA modhnuithe den sórt sin in iúl don Choimisiún, a thabharfaidh an liosta cothrom le dáta dá réir sin faoin 31 Nollaig gach bliain. Ag brath ar an líon leasuithe a gheofar, féadfaidh an Coimisiún an liosta a thabhairt cothrom le dáta ag eatraimh níos giorra.

4. Foilseofar an liosta agus aon leasú air ar shuíomh gréasáin oifigiúil EFCA.

Airteagal 40

Fógra faoi chigirí de chuid an Aontais a thabhairt do ERBInna

Cuirfidh EFCA in iúl do rúnaíocht ERBI a bhfuil an tAontas nó a Bhallstáit ina pháirtí inti an liosta cigirí de chuid an Aontais atá le cigireachtaí a dhéanamh faoi chuimsiú na hEagraíochta sin.

Airteagal 41

Cumhachtaí agus dualgais chigirí de chuid an Aontais

1. Agus a gcúraimí á gcomhlíonadh ag cigirí de chuid an Aontais, comhlíonfaidh siad dlí an Aontais Eorpaigh agus, a mhéid is infheidhme, dlí náisiúnta an Bhallstáit ina ndéanfar an chigireacht nó, i gcás ina ndéanfar an chigireacht lasmuigh d'uiscí an Aontais, dlí Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta a ndéanfar cigireacht air agus na rialacha idirnáisiúnta ábhartha.

2. Tíolacfaidh cigirí an Aontais cárta seirbhíse ina luafar a gcéannacht agus an acmhainneacht faoina n-oibríonn siad tráth na cigireachta d'aon duine lena mbaineann a gceanglaítear a gcéannacht ina leith. Chun na críche sin, soláthrófar doiciméad aitheantais dóibh arna eisiúint ag EFCA ina luafar a gcéannacht agus a n-inniúlacht.

3. Éascóidh na Ballstáit feidhmiú a ndualgas ag cigirí an Aontais agus tabharfaidh siad cibé cúnamh dóibh a theastaíonn uathu chun a gcúraimí a chomhlíonadh.

Airteagal 42

Tuarascálacha ó chigirí de chuid an Aontais

1. Déanfaidh cigirí de chuid an Aontais achoimre laethúil ar a ngníomhaíochtaí cigireachta, lena n-áireofar ainm agus uimhir aitheantais gach soithigh nó árthaigh iascaireachta a ndearnadh cigireacht air agus an cineál cigireachta a rinneadh, a chur faoi bhráid údaráis inniúla an Bhallstáit ar ina uiscí nó ar a chríoch a rinneadh an chigireacht nó, i gcás ina ndearnadh an chigireacht lasmuigh d'uiscí an Aontais, faoi bhráid Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais a ndearnadh cigireacht air, agus faoi bhráid EFCA.

2. Má bhraitheann cigirí de chuid an Aontais sárú le linn cigireachta, cuirfidh siad tuarascáil chigireachta achoimrithe gan mhoill faoi bhráid údaráis inniúla an Bhallstáit cósta nó, i gcás ina ndearnadh an chigireacht lasmuigh d'uiscí an Aontais, faoi bhráid údaráis inniúla Stát brataí an tsoithigh iascaireachta a ndearnadh cigireacht air agus faoi bhráid EFCA. Sa tuarascáil chigireachta achoimrithe sin, sonrófar ar a laghad dáta agus áit na cigireachta, aitheantas an ardáin cigireachta, sainaithint an spriocshoithigh a ndearnadh cigireacht air agus an cineál sáraithe a braitheadh.

3. Laistigh de 7 lá ó dháta na cigireachta, déanfaidh cigirí de chuid an Aontais cóip den tuarascáil chigireachta iomlán, i gcomhréir le hAirteagal 76 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, ina gcuirfear na hítimí ábhartha i modúl cigireachta iomchuí na tuarascála cigireachta in Iarscríbhinn VII a chur faoi bhráid údaráis inniúla Stát brataí an tsoithigh nó an árthaigh iascaireachta a ndearnadh cigireacht air agus údaráis inniúla an Bhallstáit ar ina uiscí a rinneadh an chigireacht.

Airteagal 43

Obair leantach ar thuarascálacha

1. Gníomhóidh na Ballstáit de réir tuarascálacha arna gcur isteach ag cigirí de chuid an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42 den Rialachán seo ar an mbealach céanna ina ngníomhaíonn siad de réir thuarascálacha a n-oifigeach féin.

2. Oibreoidh an Ballstát a d'ainmnigh an cigire de chuid an Aontais nó, i gcás inarb iomchuí, an Coimisiún nó EFCA i gcomhar leis an mBallstát atá ag gníomhú de réir na tuarascála arna cur isteach ag an gcigire de chuid an Aontais d'fhonn imeachtaí breithiúnacha agus riaracháin a éascú.

3. Tabharfaidh cigire de chuid an Aontais cúnamh agus fianaise in imeachtaí um shárú a rachaidh aon Bhallstát ina mbun, arna iarraidh sin.

CAIBIDIL III

Córas pointí le haghaidh sáruithe tromchúiseacha

Airteagal 44

Fógra faoi na cinntí maidir le sannadh pointí

1. Murab iad na húdaráis náisiúnta inniúla arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 92(10) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 an t-údarás aonair dá dtagraítear in Airteagal 5(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an t-údarás aonair sin ar an eolas faoi aon chinneadh a dhéantar de bhun na Caibidle seo.

2. Cuirfidh an Ballstát brataí lena mbaineann sealbhóir an cheadúnais iascaireachta agus an máistir ar an eolas faoi aon phointe a sannadh dóibh i gcomhréir le hAirteagal 92(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

3. Suífidh na Ballstáit nósanna imeachta faoin dlí náisiúnta chun a áirithiú go dtabharfar fógra pras faoi na cinntí ábhartha do shealbhóir an cheadúnais iascaireachta agus don mháistir.

Airteagal 45

Na pointí a aistriú

Nuair a dhéantar soitheach gabhála nó ceadúnas iascaireachta a dhíol nó a aistriú, nó nuair a athraítear a úinéireacht ar shlí eile, cuirfidh úinéir an tsoithigh nó sealbhóir an cheadúnais iascaireachta an t-úinéir nó an sealbhóir ceadúnais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar an eolas faoin líon pointí atá sannta i gcónaí. Soláthrófar an fhaisnéis sin trí bhíthin cóip dheimhnithe a gheofar ó na húdaráis inniúla.

Airteagal 46

Ceadúnais iascaireachta a scriosadh ó liostaí ábhartha

1. Má chuirtear an ceadúnas iascaireachta ar fionraí nó má tharraingítear siar é go buan i gcomhréir le hAirteagal 92(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, déanfar an soitheach gabhála lena mbaineann an ceadúnas iascaireachta a cuireadh ar fionraí nó a tarraingíodh siar go buan a shainaithint mar shoitheach iascaireachta gan ceadúnas iascaireachta sa chlár cabhlaigh iascaigh náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Déanfar an soitheach gabhála sin a shainaithint ar an mbealach sin freisin i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) Uimh 1380/2013.

2. Ní dhéanfaidh scriosadh ceadúnais iascaireachta ó liostaí ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 92(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 difear d'uasteorainneacha acmhainneachta iascaireachta an Bhallstáit a eisíonn an ceadúnas amhail dá dtagraítear in Airteagal 22(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

TEIDEAL V

ASBHAINT CUÓTAÍ AGUS IARRACHTAÍ IASCAIREACHTA

Airteagal 47

Rialacha ginearálta maidir le hasbhaint cuótaí agus iarrachtaí iascaireachta i gcás ró-úsáide

Bunófar an ríomh maidir le méid ró-úsáide na ndeiseanna iascaireachta ar na deiseanna iascaireachta a bheidh ar fáil don Bhallstát ag deireadh gach tréimhse ábhartha. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú sin malartú deiseanna iascaireachta i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, aistrithe cuótaí de réir Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle nó Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, chomh maith le haistrithe agus malartuithe cuótaí le tríú tíortha nó le ERBInna. Ina theannta sin, déanfar ath-leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta a bheidh ar fáil faoi Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus asbhaint deiseanna iascaireachta i gcomhréir le hAirteagail 105, 106 agus 107 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a mheas freisin sa ríomh.

Airteagal 48

Comhairliúchán maidir le hasbhaint deiseanna iascaireachta

I gcás asbhaintí deiseanna iascaireachta i gcomhréir le hAirteagail 105(2), (2a), (4) agus (5), agus 106(1), (2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann maidir leis na bearta a mholfar. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann freagairt ar an gcomhairliúchán sin ón gCoimisiún taobh istigh de 10 lá oibre.

TEIDEAL VI

SONRAÍ AGUS FAISNÉIS

CAIBIDIL I

Bailíochtú sonraí

Airteagal 49

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'bunachar sonraí leictreonach' bunachar sonraí amháin nó níos mó arna chur ar bun ag na Ballstáit chun sonraí a bhailíochtú, i gcomhréir le hAirteagal 109(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 50

Sonraí a bhailíochtú

1. Beidh córas bailíochtaithe sonraí i bhfeidhm agus á chur chun feidhme ag gach Ballstát lena gcuirfear ar a chumas dá údarás inniúil Airteagal 109 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a chomhlíonadh.

2. Beidh na híoscheanglais seo a leanas á gcomhlíonadh sa chóras bailíochtaithe sonraí dá dtagraítear i mír 1:

(a) beidh bunachar sonraí leictreonach san áireamh ann chun na sonraí bailíochtaithe uile agus na sonraí a bheidh le bailíochtú a stóráil;

(b) déanfar foráil maidir le nósanna imeachta bailíochtaithe, dá dtagraítear in Airteagal 52;

(c) déanfar foráil maidir le nósanna imeachta um rochtain ar shonraí, dá dtagraítear in Airteagal 53; agus

(d) áiritheofar, maidir leis na sonraí uile a stórálfar sa bhunachar sonraí leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 51 den Rialachán seo, go gcomhlíonfaidh siad na caighdeáin formáide, chainníochta agus cháilíochta a cheanglaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, lena n-áirítear caighdeáin maidir le cruinneas, iomláine agus comhsheasmhacht na sonraí agus iad a chur isteach go tráthúil.

3. Beidh an córas bailíochtaithe dá dtagraítear i mír 1 go hiomlán uathoibrithe agus úsáidfear algartaim agus sásraí uathoibríocha eile, lena n-áirítear feidhmeanna foláirimh, lena gcuirfear ar a gcumas do na húdaráis inniúla neamhréireanna sonraí, earráidí agus faisnéis a bheidh in easnamh a shainaithint agus a imscrúdú go pras, i gcomhréir le hAirteagal 109(3) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 51

Bunachar sonraí leictreonach chun sonraí a bhailíochtú

1. Áireofar sa bhunachar sonraí leictreonach feidhmiúlachtaí a mbeidh gá leo le haghaidh an bhailíochtaithe. Ina theannta sin, tacóidh an bunachar sonraí leictreonach leis na sonraí seo a leanas a liostú, a shórtáil, a scagadh agus a bhrabhsáil:

(a) an dáta a fuair na húdaráis inniúla na sonraí;

(b) an dáta a iontráladh na sonraí sa bhunachar sonraí leictreonach, más éagsúil é ón dáta i bpointe (a);

(c) an dáta a rinneadh aon chros-seiceáil ar fhíorú agus anailís sonraí, más éagsúil é ón dáta i bpointí (a) nó (b), i gcomhréir le hAirteagal 109(1) agus (2a) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(d) dáta aon neamhréir nó earráid sonraí a sainaithníodh, agus aon fhaisnéis a bhí in easnamh agus dáta na ngníomhaíochtaí leantacha a rinneadh, más éagsúil é ón dáta i bpointe (c), i gcomhréir le hAirteagal 109(3) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(e) dáta aon cheartaithe ar na sonraí taifeadta agus an chúis a bhí leis, más éagsúil é ón dáta i bpointe (d), i gcomhréir le hAirteagal 109(4) agus (9) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009; agus

(f) an dáta a bailíochtaíodh na sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 109(2a) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an bunachar sonraí leictreonach slán, go dtabharfar cothrom le dáta é go tráthrialta, go mbeidh inniúlacht scálaithe ann chun freastal ar mhéideanna méadaitheacha sonraí, agus, i gcás inar féidir, go mbeidh sé idir-inoibritheach le córais eile chun malartú agus comhtháthú sonraí a éascú.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh a n-údaráis inniúla a bheidh freagrach as an mbunachar sonraí leictreonach a oibriú an oiliúint agus an tacaíocht theicniúil is gá chun a gcúraimí a dhéanamh go héifeachtach.

4. Coinneofar sonraí a chuimseofar sa bhunachar sonraí leictreonach go ceann 3 bliana ar a laghad, mura bhforáiltear a mhalairt faoi rialacha an Chomhbheartais Iascaigh nó i gcás inar gá iad a choinneáil le haghaidh cigireachtaí, fíoruithe, iniúchtaí agus fiosrúchán, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le gearáin agus sáruithe, nó le himeachtaí breithiúnacha nó riaracháin.

5. Aon uair nach stórálfar sonraí go huathoibríoch sa bhunachar sonraí mar a léirítear in Airteagal 109(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar iontráil de láimh nó digitiú laistigh de 20 lá tar éis iad a fháil.

Airteagal 52

Nósanna imeachta bailíochtaithe

1. Déanfaidh na Ballstáit na nósanna imeachta bailíochtaithe arna mbunú faoin dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm, a choinneáil ar bun agus a athbhreithniú agus áiritheoidh siad go gcomhlíonfar iad. Cuimseofar sna nósanna imeachta bailíochtaithe sin, ar a laghad, na rialacha gnó a liostaítear i mír 2, a bheidh le forlíonadh le rialacha breise gnó bunaithe ar bhainistiú riosca, a chuimsítear sa phlean náisiúnta um chur chun feidhme an chórais bailíochtaithe, i gcomhréir le hAirteagal 109(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Cuirfidh na Ballstáit uile na rialacha gnó seo a leanas chun feidhme agus sonraí arna dtaifeadadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 á mbailíochtú acu:

(a) déanfar fíorú uathoibríoch ar na sprioc-amanna uile maidir le sonraí a chur isteach a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus sa Rialachán seo;

(b) déanfar sonraí a bhailíochtú chun a áirithiú go dtarchuirfear sonraí suímh an tsoithigh chuig LFI i gcomhréir leis na heatraimh ama a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1766 ([9]) ón gCoimisiún agus in Airteagal 23 den Rialachán seo;

(c) déanfar sonraí suímh an tsoithigh a chros-seiceáil:

(1) le sonraí an logleabhair iascaireachta chun a áirithiú go mbeidh iontráil logleabhair amháin ar a laghad ann le haghaidh gach lae féilire a bhfuil soitheach as láthair ón gcalafort;

(2) in aghaidh sonraí AIS chun aon neamhréireacht i suíomh nó i ngníomhaíocht an tsoithigh a bhrath;

(d) déanfar anailís ar shonraí suímh an tsoithigh chun a chinneadh cathain a théann soithí isteach i limistéir iarrachta iascaireachta nó i limistéir iascaireachta shrianta agus chun soithí a shainaithint ar léir óna luas agus óna ngluaiseachtaí go bhféadfaidís a bheith i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta neamhúdaraithe laistigh den limistéar iascaireachta srianta;

([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1766 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2025 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le rialú ar iascach agus maidir le faireachas agus cigireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, ar fhorfheidhmiú agus ar chomhlíonadh (IO L, 2025/1766, 12.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1766/oj).

(e) déanfar sonraí logleabhair a bhaineann le limistéir iascaireachta, le hiarracht iascaireachta, le trealamh iascaireachta agus le gabhálacha a chros-seiceáil leis na ceadúnais iascaireachta agus na húdaruithe iascaireachta is infheidhme, lena n-áirítear údaruithe arna n-eisiúint faoi Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) agus údaruithe iascaireachta eile dá dtagraítear in Airteagal 7a de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, chun aon neamhréir a bhrath agus a imscrúdú;

(f) déanfar an dearbhú um fhilleadh ar chalafort a chros-seiceáil leis na réamhfhógraí teachta chun a áirithiú, i gcás ina gceanglaítear sin le dlí, gur ann do réamhfhógra a chomhfhreagraíonn do gach filleadh dearbhaithe ar an gcalafort;

(g) déanfar aga tarchuir fhaisnéis an logleabhair iascaireachta, lena n-áirítear aon cheartúchán uirthi, a chros-seiceáil le sonraí suímh an tsoithigh chun a fhíorú gur tharchuir an máistir na sonraí sula ndeachaigh sé isteach sa chalafort, nó, i gcás soithí iascaireachta ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán, gur tharchuir sé iad ar a dhéanaí agus é sa chalafort agus sula dtosaítear ar an tabhairt i dtír;

(h) déanfar sonraí gabhála le haghaidh gach speicis, lena n-áirítear an limistéar geografach ábhartha inar gabhadh na gabhálacha, a chláraítear i logleabhair iascaireachta agus i ndearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír a chros-seiceáil chun neamhréireanna a d'fhéadfadh a bheith sna sonraí a shainaithint agus a imscrúdú; i gcás na cros-seiceála sin, is é a bheidh sa limistéar geografach ábhartha an limistéar gabhála, a mhionsonrófar ar a laghad go dtí an leibhéal is gá chun faireachán a dhéanamh ar ghlacadh an chuóta agus ar an iarracht iascaireachta;

(i) déanfar na sonraí gabhála a chros-seiceáil le haghaidh gach speicis, lena n-áirítear an limistéar geografach ábhartha inar gabhadh na gabhálacha, a chláraítear i ndearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír, i nótaí díolacháin agus, i gcás inarb infheidhme, i ndearbhuithe maidir le glacadh freagrachta agus i ndoiciméid iompair, chun neamhréireanna a d'fhéadfadh a bheith sna sonraí a shainaithint agus a imscrúdú; i gcás na cros-seiceála sin, is é a bheidh sa limistéar geografach ábhartha an limistéar gabhála, a mhionsonrófar ar a laghad go dtí an leibhéal is gá de réir na rialacha inrianaitheachta in Airteagal 58(5)(e) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009; nuair a úsáideann na Ballstáit nótaí díolacháin chun gabhálacha a thuairisciú faoi Airteagal 33(1) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, comhlíonfaidh an limistéar gabhála na mionsonraí íosta is gá chun faireachán a dhéanamh ar ghlacadh an chuóta agus ar an iarracht iascaireachta;

(j) déanfar sonraí gabhála le haghaidh gach speicis a bheidh cláraithe i logleabhair iascaireachta, i ndearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír agus i ndearbhuithe trasloingsithe a chros-seiceáil chun neamhréireanna sonraí a d'fhéadfadh a bheith ann agus sáruithe ar na corrlaigh lamháltais cheadaithe dá dtagraítear in Airteagail 14 agus 21 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a shainaithint agus a imscrúdú; agus

(k) déanfar dearbhuithe trasloingsithe a chros-seiceáil leis na húdaruithe iascaireachta is infheidhme chun a áirithiú go n-údarófar do shoithí dul i mbun gníomhaíochtaí trasloingsithe.

3. I gcás ina dtuairiscítear cainníochtaí táirgí iascaigh ó thuras iascaireachta aonair i ndearbhuithe iomadúla maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír nó i ndearbhuithe trasloingsithe, nó i gcás ina dtuairiscítear cainníochtaí táirgí iascaigh ó aon tabhairt i dtír amháin i nótaí díolacháin iomadúla, i ndoiciméid iompair iomadúla nó i ndearbhuithe iomadúla maidir le glacadh freagrachta, tabharfar cuntas ar an méid sin sna nósanna imeachta bailíochtaithe dá dtagraítear i mír 1 trí úsáid a bhaint as aon uimhir aitheantais turais iascaireachta uathúil a bheidh ar fáil.

4. Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte teicniúla a fhorbairt le haghaidh bailíochtú sonraí, arna iarraidh sin do Bhallstát amháin nó níos mó.

Airteagal 53

Rochtain ag an gCoimisiún agus ag EFCA ar shonraí

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag an gCoimisiún agus ag EFCA, arna iarraidh sin, ar an méid seo a leanas:

(a) na rialacha gnó uile, lena n-áirítear an chaoi a sainítear na rialacha sin, an reachtaíocht ábhartha, agus an suíomh ina stóráiltear torthaí an bhailíochtaithe; agus

(b) na torthaí bailíochtaithe agus na bearta leantacha uile, lena n-áirítear marcálacha lena léirítear ar ceartaíodh míreanna sonraí, agus, más infheidhme, naisc chuig nósanna imeachta um shárú.

([10]) Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2403/oj).

CAIBIDIL II

Rialacha maidir le sonraí a mhalartú idir na Ballstáit, an Coimisiún agus EFCA

Airteagal 54

Raon feidhme

Leagtar síos sa Chaibidil seo rialacha mionsonraithe maidir le sonraí a mhalartú idir na Ballstáit, agus idir na Ballstáit agus an Coimisiún nó EFCA, dá dtagraítear in Airteagal 111 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Cuimsítear inti freisin rialacha maidir le sonraí comhiomlánaithe gabhála agus iarrachta iascaireachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin, dá dtagraítear in Airteagal 33(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 55

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'sraith iompair' an líonra leictreonach um malartú sonraí iascaigh arna chur ar fáil ag an gCoimisiún do na Ballstáit uile agus do EFCA chun sonraí a mhalartú ar bhealach caighdeánaithe;

(b) ciallaíonn 'tuarascáil' an fhaisnéis arna taifeadadh trí mheán leictreonach;

(c) ciallaíonn 'teachtaireacht' tuarascáil san fhormáid ina dtarchuirtear í;

(d) ciallaíonn 'iarraidh' teachtaireacht leictreonach ina bhfuil iarratas maidir le tacar tuarascálacha;

(e) ciallaíonn 'doiciméad cur chun feidhme' doiciméad ina dtugtar tuairisc ar rialacha mionsonraithe chun na fearainn chaighdeánacha NA/FLUX (Teanga Iascaigh don Mhalartú Uilíoch) le haghaidh malartuithe sonraí leictreonacha a chur chun feidhme, lena n-áirítear nósanna imeachta um shonraí a chur isteach agus a bhailíochtú, arna soláthar ag an gCoimisiún tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit.

Airteagal 56

Rialacha Ginearálta

1. Bunófar malartú na dteachtaireachtaí uile ar an gcaighdeán NA/FLUX arna sholáthar ag Lárionad na Náisiún Aontaithe um Éascú Trádála agus um Ríomhghnó (NA/CEFACT). Bunófar na formáidí tuarascála a bheidh le húsáid le haghaidh gach fearainn sonraí ar na caighdeáin fearainn NA/FLUX ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn XVII.

2. Agus teachtaireachtaí á malartú le haghaidh gach fearainn sonraí, úsáidfidh na Ballstáit, agus i gcás inarb infheidhme an Coimisiún agus EFCA, na formáidí tuarascála a bhunófar ar na caighdeáin fearainn NA/FLUX ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn XVII. Úsáidfidh siad na comhaid XSD (Sainmhíniú Scéimre XML) is infheidhme, chomh maith leis na liostaí cód agus na cóid a gheofar ar leathanach an Chláir Máistirshonraí ar shuíomh gréasáin Iascaigh an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh na dteachtaireachtaí uile.

3. Úsáidfidh na Ballstáit, an Coimisiún agus EFCA na doiciméid cur chun feidhme is déanaí a gheofar ar shuíomh gréasáin Iascaigh an Choimisiúin Eorpaigh chun teachtaireachtaí a mhalartú.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, an Coimisiún agus EFCA go mbeidh aitheantóir uathúil ag gach tuarascáil agus teachtaireacht a tharchuirfear. Déanfar na dátaí agus na hamanna a thuairiscítear a tharchur in Am Uilíoch Lárnach (AUL).

5. Nuair a chuimsítear faisnéis faoi shoithí iascaireachta de chuid an Aontais sna tuarascálacha, cuimseofar an uimhir CFR i ngach tarchur sonraí idir an Ballstát agus an Coimisiún a bhaineann leis an soitheach iascaireachta, mar a cheanglaítear le hAirteagal 8(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218.

6. Gan dochar d'oibleagáidí faoi ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) áiritheoidh siad go ndéanfar sonraí a fhaightear de réir na Caibidle seo a thaifeadadh i bhfoirm a bheidh inléite go leictreonach agus a stóráil go sábháilte i mbunachair sonraí leictreonacha go ceann 3 bliana ar a laghad mura bhforáiltear a mhalairt faoi rialacha an Chomhbheartais Iascaigh nó i gcás inar gá iad a choinneáil le haghaidh cigireachtaí, fíoruithe, iniúchtaí agus fiosrúchán, lena n-áirítear na sonraí sin a bhaineann le gearáin agus sáruithe, nó le himeachtaí breithiúnacha nó riaracháin;

(b) déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú nach n-úsáidfear na sonraí ach amháin chun na gcríoch dá bhforáiltear sa Rialachán seo; agus

(c) déanfaidh siad gach beart teicniúil is gá chun sonraí den sórt sin a chosaint ar aon scriosadh timpisteach nó aindleathach, ar aon chaillteanas, meathlú, nó dáileadh timpisteach nó ar rochtain gan údarú.

7. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh rochtain ag EFCA, de réir mar is iomchuí, ar na sonraí uile arna dtarchur ag na Ballstáit faoin gCaibidil seo. Beidh an fhoráil sin gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát sonraí a mhalartú go leictreonach le EFCA i gcás ina gceanglaítear sin faoi ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais.

Airteagal 57

Údarás aonair

1. I ngach Ballstát, beidh an t-údarás aonair dá dtagraítear in Airteagal 5(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 freagrach as sonraí uile na logleabhar iascaireachta a tharchur, a fháil, a bhainistiú agus a phróiseáil, i gcomhréir le hAirteagal 27 den Rialachán seo, agus, i gcás inar féidir, as na sonraí eile go léir a chumhdaítear leis an gCaibidil seo.

2. Malartóidh na Ballstáit sonraí teagmhála an údaráis aonair agus cuirfidh siad an Coimisiún agus EFCA ar an eolas freisin faoi na sonraí teagmhála sin.

3. Cuirfear aon athrú ar na sonraí agus ar na sonraí teagmhála dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, faoi seach, in iúl don Choimisiún, do EFCA agus do na Ballstáit eile sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm

Airteagal 58

Tarchur teachtaireachtaí

1. Beidh gach tarchur lán-uathoibrithe agus láithreach, ag baint úsáid as an tsraith iompair.

2. Sula dtarchuirfear teachtaireacht, déanfaidh an seoltóir seiceáil uathoibríoch chun a fhíorú go bhfuil an teachtaireacht ceart de réir an tacair íosta rialacha bailíochtaithe a thuairiscítear sna doiciméid cur chun feidhme ábhartha.

3. Cuirfidh an faighteoir an seoltóir ar an eolas maidir leis an teachtaireacht a fháil trí theachtaireacht fhreagartha a tharchur bunaithe ar NA/FLUX P1000-1: Prionsabail Ghinearálta. Beidh an teachtaireacht freagartha i gcomhréir leis na sonraíochtaí a thuairiscítear sna doiciméid cur chun feidhme ábhartha agus léireofar inti ar a laghad ar glacadh leis an teachtaireacht nó ar diúltaíodh di. I gcás ina ndiúltaíonn an faighteoir do theachtaireacht, imscrúdóidh an seoltóir na cúiseanna leis an diúltú agus, i gcás inar gá, ceartóidh sé na sonraí de réir mar is gá gan mhoill. Seolfaidh an seoltóir teachtaireacht nua ansin ina mbeidh na sonraí ceartaithe, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a thuairiscítear sna doiciméid cur chun feidhme. Ní bheidh teachtaireachtaí freagartha faoi réir freagra thairis sin.

4. Nuair a tharlaíonn cliseadh teicniúil ar thaobh an tseoltóra agus nach féidir leis an seoltóir teachtaireachtaí a mhalartú a thuilleadh, cuirfidh an seoltóir gach faighteoir ar an eolas faoin bhfadhb agus déanfaidh sé bearta iomchuí láithreach chun an tsaincheist a cheartú. Déanfar gach teachtaireacht nach mór a sheachadadh chuig faighteoir a stóráil go dtí go réiteofar an fhadhb. Tar éis cliseadh teicniúil den sórt sin a dheisiú, tarchuirfidh an seoltóir teachtaireachtaí nár seoladh a luaithe is féidir.

5. Nuair a tharlaíonn cliseadh teicniúil ar thaobh an fhaighteora agus nach féidir leis an bhfaighteoir teachtaireachtaí a fháil a thuilleadh, cuirfidh an faighteoir na páirtithe uile atá nasctha leis an tsraith iompair ar an eolas faoin bhfadhb agus déanfaidh sé bearta iomchuí láithreach chun an tsaincheist a cheartú. Tar éis cliseadh teicniúil den sórt sin a dheisiú, cuirfidh an seoltóir na teachtaireachtaí uile a bheidh ar iarraidh ar fáil arna iarraidh sin.

6. I gcás ina gcliseann ar shraith iompair lena gcuirtear cosc ar mhalartuithe sonraí, tabharfaidh an Coimisiún fógra do na páirtithe uile dá ndéantar difear. Stórálfaidh na seoltóirí na teachtaireachtaí uile nár seachadadh go dtí go réiteofar an tsaincheist. A luaithe a dheiseofar an cliseadh, cuirfidh an Coimisiún na páirtithe nasctha uile ar an eolas, agus tarchuirfidh seoltóirí aon teachtaireacht atá ar feitheamh a luaithe is féidir.

7. Bunóidh na Ballstáit agus an Coimisiún nósanna imeachta teipaistrithe le haghaidh leanúnachas gnó.

Airteagal 59

Ceartúcháin

Seolfaidh na Ballstáit ceartúcháin ar thuarascálacha i gcomhréir le hAirteagal 58 agus leis na sonraíochtaí agus na nósanna imeachta a bhfuil tuairisc orthu sna doiciméid cur chun feidhme ábhartha. Marcálfar tuarascálacha ceartúcháin go soiléir agus beidh siad inaitheanta, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann iad a nascadh leis an tuarascáil bhunaidh a dhéanfaidh siad a cheartú nó ionadú.

Airteagal 60

Sonraí suímh an tsoithigh a mhalartú

1. Bunóidh agus oibreoidh na Ballstáit córais lenar féidir sonraí a mhalartú de réir an Airteagail seo.

2. Úsáidfidh an Ballstát brataí Fearann Suímh an tSoithigh XSD (Sainmhíniú Scéimre XML) bunaithe ar NA/FLUX P1000-7 mar fhormáid chun sonraí suímh an tsoithigh a tharchur chuig Ballstáit eile, chuig an gCoimisiún, nó chuig EFCA.

3. Áiritheoidh na Ballstáit bhrataí go ndéanfar sonraí suímh an tsoithigh arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán seo a tharchur go huathoibríoch chuig an gCoimisiún a luaithe a gheofar iad. Féadfaidh Ballstáit chósta a dhéanann faireachán go comhpháirteach ar limistéar ceann scríbe coiteann a shonrú i gcomhair tharchur na sonraí atá le soláthar i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán seo. Cuirfidh siad an Coimisiún agus na Ballstáit eile lena mbaineann ar an eolas.

4. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún sonraí suímh na soithí iascaireachta atá faoina mbratach, amhail dá dtagraítear in Airteagal 111(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Coinneofar an rochtain sin ar bun go ceann 3 bliana ar a laghad ón dáta a taifeadadh gach suíomh, mura bhforáiltear a mhalairt faoi rialacha an Chomhbheartais Iascaigh nó i gcás ina bhfuil gá le sonraí le haghaidh cigireachtaí, fíoruithe, iniúchtaí agus fiosrúchán, lena n-áirítear na sonraí sin a bhaineann le gearáin agus sáruithe, nó le himeachtaí breithiúnacha nó riaracháin.

Airteagal 61

Malartú sonraí maidir le gníomhaíocht iascaireachta

1. Bunóidh agus oibreoidh na Ballstáit córais lenar féidir sonraí a mhalartú de réir an Airteagail seo.

2. Úsáidfidh an Ballstát brataí Sainmhíniú Scéimre XML Fhearann na Gníomhaíochta Iascaireachta bunaithe ar NA/FLUX P1000-3 mar an fhormáid chun sonraí logleabhair iascaireachta, réamhfhógraí, dearbhuithe trasloingsithe agus dearbhuithe maidir le tabhairt i dtír a tharchur chuig Ballstáit eile, chuig an gCoimisiún nó chuig EFCA, dá dtagraítear in Airteagail 14, 17, 19a, 21, agus 23 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, i gcomhréir le hIarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Tar éis dóibh iad a fháil, déanfaidh na Ballstáit bhrataí sonraí an logleabhair iascaireachta, agus aon cheartú orthu, ó shoithí iascaireachta atá faoina mbratach, le haghaidh gach turais iascaireachta agus ag tosú leis an imeacht deireanach ón gcalafort, a chur ar aghaidh go pras chuig an mBallstát cósta a ndéantar gníomhaíochtaí iascaireachta ina uiscí, agus chuig an gCoimisiún.

4. Tar éis dóibh iad a fháil, déanfaidh na Ballstáit bhrataí sonraí an dearbhaithe maidir le tabhairt i dtír nó trasloingsiú, agus aon cheartú orthu, ó shoithí iascaireachta atá faoina mbratach, a chur ar aghaidh go pras chuig an mBallstát cósta ar ina chalafort a tugadh na gabhálacha ábhartha i dtír nó a ndearnadh trasloingsiú, agus chuig an gCoimisiún.

5. Tar éis dóibh iad a fháil, déanfaidh na Ballstáit bhrataí réamhfhógraí, agus aon cheartú orthu, ó shoithí iascaireachta atá faoina mbratach a chur ar aghaidh go pras chuig an mBallstát cósta ar ina chalafort a bhfuil sé beartaithe ag na soithí iascaireachta sin teacht isteach, agus chuig an gCoimisiún.

6. Tar éis dóibh iad a fháil, déanfaidh na Ballstáit bhrataí sonraí an logleabhair iascaireachta, agus aon cheartú orthu, le haghaidh gach turais iascaireachta agus ag tosú leis an imeacht deireanach ón gcalafort, ó shoithí iascaireachta atá faoina mbratach, a oibríonn in uiscí atá faoi cheannasacht nó faoi dhlínse a mBallstát brataí nó lasmuigh d'uiscí an Aontais, a chur ar aghaidh go pras chuig an gCoimisiún.

7. Tar éis dóibh iad a fháil, déanfaidh na Ballstáit bhrataí sonraí an dearbhaithe maidir le tabhairt i dtír nó trasloingsiú, agus aon cheartú orthu, ó shoithí iascaireachta atá faoina mbratach, cibé acu a rinneadh an tabhairt i dtír nó an trasloingsiú i gcalafort de chuid an Bhallstáit brataí nó i dtríú tír, a chur ar aghaidh go pras chuig an gCoimisiún.

8. Tar éis dóibh iad a fháil, déanfaidh na Ballstáit bhrataí réamhfhógraí, agus aon cheartú orthu, ó shoithí iascaireachta atá faoina mbratach agus atá ag teacht isteach ina gcalafoirt nó i gcalafort tríú tír, a chur ar aghaidh go pras chuig an gCoimisiún.

9. I gcás ina dtiocfaidh soitheach iascaireachta atá faoi bhratach Ballstáit isteach in uiscí an Aontais i mBallstát cósta eile le linn turas iascaireachta, tabharfaidh an Ballstát brataí rochtain don Bhallstát cósta ar na sonraí uile maidir leis an ngníomhaíocht iascaireachta uile agus malartóidh sé iad, ar sonraí iad dá dtagraítear in Airteagal 110 agus in Airteagal 111(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, don turas iascaireachta iomlán, ó imeacht go dtí an tabhairt i dtír. Coinneofar ar bun an rochtain sin go ceann 3 bliana ar a laghad tar éis thús an turais iascaireachta, mura bhforáiltear a mhalairt faoi rialacha an Chomhbheartais Iascaigh nó i gcás ina bhfuil gá le sonraí le haghaidh cigireachtaí, fíoruithe, iniúchtaí agus fiosrúchán, lena n-áirítear na sonraí sin a bhaineann le gearáin agus sáruithe, nó le himeachtaí breithiúnacha nó riaracháin.

10. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún na sonraí gníomhaíochta iascaireachta uile maidir le soithí iascaireachta atá faoina mbratach, dá dtagraítear in Airteagal 111(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, lena gcumhdaítear an turas iascaireachta iomlán ó imeacht go dtí go gcuirfear an tabhairt i dtír i gcrích. Coinneofar ar bun an rochtain sin go ceann 3 bliana ar a laghad tar éis thús an turais iascaireachta, mura bhforáiltear a mhalairt faoi rialacha an Chomhbheartais Iascaigh nó i gcás ina bhfuil gá le sonraí le haghaidh cigireachtaí, fíoruithe, iniúchtaí agus fiosrúchán, lena n-áirítear na sonraí sin a bhaineann le gearáin agus sáruithe, nó le himeachtaí breithiúnacha nó riaracháin.

11. Déanfaidh Ballstát brataí soithigh iascaireachta a ndéanfaidh Ballstát eile cigireacht air i gcomhréir le hAirteagal 80 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, arna iarraidh sin don Bhallstát is cigire, sonraí leictreonacha na ngníomhaíochtaí iascaireachta dá dtagraítear in Airteagail 110 agus 111(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 le haghaidh thuras iascaireachta reatha an tsoithigh ó imeacht go ham na hiarrata a tharchur chuig an mBallstát sin.

12. Léireofar sna hiarrataí dá dtagraítear san Airteagal seo ar cheart go soláthrófaí sa fhreagra na sonraí bunaidh mar aon le ceartúcháin nó nár cheart ach na sonraí comhdhlúite a sholáthar. Déanfaidh an Ballstát iarrtha an freagra ar an iarraidh a ghiniúint go huathoibríoch agus a tharchur gan mhoill.

13. Beidh rochtain shlán ag máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais, tráth ar bith, ar fhaisnéis a logleabhair iascaireachta féin, ar na sonraí maidir lena ndearbhú trasloingsithe féin, ar shonraí an réamhfhógra agus ar shonraí an dearbhaithe maidir le tabhairt i dtír, ar faisnéis í a stóráiltear i mbunachar sonraí an Bhallstáit brataí.

Airteagal 62

Malartú sonraí maidir le díolacháin

1. Bunóidh agus oibreoidh na Ballstáit córais lena n-áiritheofar malartú sonraí de réir an Airteagail seo.

2. Úsáidfidh na Ballstáit Sainmhíniú Scéimre XML an Fhearainn Díolacháin bunaithe ar NA/FLUX P1000-5 mar fhormáid chun sonraí nótaí díolacháin agus sonraí dearbhuithe maidir le glacadh freagrachta a tharchur chuig Ballstáit eile, chuig an gCoimisiún, nó chuig EFCA, dá dtagraítear in Airteagail 62 agus 66 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

3. Nuair a dhéanfar an chéad díolachán nó an chéad ghlacadh freagrachta i gcríoch Ballstáit seachas an Ballstát brataí, déanfaidh an Ballstát ar ar a chríoch a rinneadh an chéad díolachán nó an glacadh freagrachta na nótaí díolacháin agus sonraí an dearbhaithe maidir le glacadh freagrachta dá dtagraítear in Airteagal 64 agus in Airteagal 66 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a chur ar aghaidh go pras, tar éis dó iad a fháil, chuig an mBallstát brataí agus chuig an gCoimisiún. Cuirfear na nótaí díolacháin ar aghaidh freisin chuig an mBallstát ar ina chríoch a tugadh na táirgí iascaigh i dtír.

4. Nuair a dhéanfar an chéad díolachán i gcríoch an Bhallstáit brataí, cuirfidh an Ballstát brataí sonraí na nótaí díolacháin ar aghaidh go pras, tar éis dó iad a fháil, chuig an mBallstát ar ina chríoch a tugadh na táirgí iascaigh i dtír agus chuig an gCoimisiún.

5. Nuair a dhéanfar an chéad díolachán lasmuigh den Aontas, cuirfidh an Ballstát brataí sonraí na nótaí díolacháin ar aghaidh chuig an gCoimisiún go pras tar éis dó iad a fháil.

6. I gcás ina dtarlaíonn glacadh freagrachta i gcríoch an Bhallstáit brataí nó lasmuigh den Aontas, cuirfidh an Ballstát brataí sonraí an dearbhaithe maidir le glacadh freagrachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún go pras tar éis dó iad a fháil.

7. Maidir leis an mBallstát ar ina chríoch a rinneadh an chéad díolachán nó an chéad ghlacadh freagrachta, déanfaidh sé na nótaí díolacháin agus sonraí an dearbhaithe maidir le glacadh freagrachta dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 a chur ar fáil don Bhallstát brataí, don Bhallstát ar ina chríoch a tugadh na táirgí iascaigh i dtír, agus don Choimisiún, arna iarraidh sin. Coinneofar ar bun an rochtain sin go ceann 3 bliana ar a laghad tar éis an chéad díolacháin nó an chéad ghlacadh freagrachta, mura bhforáiltear a mhalairt faoi rialacha an Chomhbheartais Iascaigh nó i gcás ina bhfuil gá le sonraí le haghaidh cigireachtaí, fíoruithe, iniúchtaí agus fiosrúchán, lena n-áirítear na sonraí sin a bhaineann le gearáin agus sáruithe, nó le himeachtaí breithiúnacha nó riaracháin.

8. Cuirfidh an Ballstát brataí na nótaí díolacháin agus sonraí an dearbhaithe maidir le glacadh freagrachta dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6 ar fáil don Choimisiún. Coinneofar ar bun an rochtain sin go ceann 3 bliana ar a laghad tar éis an chéad díolacháin nó an chéad ghlacadh freagrachta, mura bhforáiltear a mhalairt faoi rialacha an Chomhbheartais Iascaigh nó i gcás ina bhfuil gá le sonraí le haghaidh cigireachtaí, fíoruithe, iniúchtaí agus fiosrúchán, lena n-áirítear na sonraí sin a bhaineann le gearáin agus sáruithe, nó le himeachtaí breithiúnacha nó riaracháin.

9. Ginfear na hiarrataí dá dtagraítear san Airteagal seo go huathoibríoch agus tarchuirfidh an Ballstát iarrtha iad gan mhoill.

Airteagal 63

Sonraí maidir le doiciméid iompair a mhalartú

1. Bunóidh agus oibreoidh na Ballstáit córais lenar féidir an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) teachtaireachtaí doiciméid iompair a tharchur.

(b) teachtaireachtaí doiciméid iompair le haghaidh táirgí iascaigh a fháil:

  (i) de thionscnamh soithí atá faoina mbratach nó a oibríonn in uiscí faoina gceannasacht nó faoina ndlínse.

  (ii) a iompraítear óna gcríocha nó chuig a gcríocha.

  (iii) a dhéanann idirthuras trína gcríocha.

(c) freagra a thabhairt ar iarrataí ón gCoimisiún nó ó EFCA.

(d) iarrataí ó Bhallstáit eile a fhreagairt.

2. Úsáidfidh na Ballstáit Sainmhíniú Scéimre XML an Fhearainn Díolacháin bunaithe ar fhormáid NA/FLUX P1000-5 chun sonraí doiciméid iompair, dá dtagraítear in Airteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, a tharchur chuig Ballstáit eile, chuig an gCoimisiún nó chuig EFCA.

Airteagal 64

Malartú sonraí a bhaineann le cigireacht agus faireachas

1. Bunóidh agus oibreoidh na Ballstáit córais lenar féidir sonraí a mhalartú de réir an Airteagail seo.

2. Úsáidfidh na Ballstáit Sainmhíniú Scéimre XML an Fhearainn Cigireachta agus Faireachais bunaithe ar NA/FLUX P1000-8 mar fhormáid chun sonraí tuarascálacha cigireachta agus faireachais a tharchur chuig Ballstáit eile, chuig an gCoimisiún, nó chuig EFCA, dá dtagraítear in Airteagail 71, 76, 78, 83, 110 agus 111 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

3. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát seachas an Ballstát brataí cigireachtaí nó faireachas, cuirfidh an Ballstát is cigire na sonraí a bhaineann leis an tuarascáil chigireachta agus leis an tuarascáil faireachais ghaolmhar ar aghaidh go pras chuig an mBallstát brataí, chuig an mBallstát cósta (más éagsúil é ón mBallstát is cigire), agus chuig an gCoimisiún, tar éis dó iad a fháil.

4. Nuair a dhéanfar cigireacht iascaireachta ar oibreoir atá ag iascaireacht gan soitheach i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, modúl 7, nó cigireacht ar fheirm tuinníní gorma i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, modúl 8, cuirfidh an Ballstát is cigire sonraí na tuarascála cigireachta ar aghaidh go pras chuig an gCoimisiún tar éis dó iad a fháil.

5. I gcás ina ndéantar cigireacht mhargaidh i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, modúl 4 in áitreabh a phróiseálann táirgí iascaigh ó Bhallstát seachas an Ballstát brataí, cuirfidh an Ballstát is cigire sonraí na tuarascála cigireachta ar aghaidh go pras chuig an mBallstát brataí, chuig an mBallstát cósta, chuig an mBallstát inar tugadh na gabhálacha i dtír (más éagsúil é ón mBallstát cósta), agus chuig an gCoimisiún, tar éis dó iad a fháil.

6. I gcás ina ndéantar cigireacht iompair i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, modúl 5, i mBallstát seachas an Ballstát brataí, cuirfidh an Ballstát is cigire sonraí na tuarascála cigireachta ar aghaidh go pras chuig an mBallstát brataí, chuig an mBallstát inar tugadh na gabhálacha i dtír, chuig an mBallstát cósta (más éagsúil é ón mBallstát is cigire), chuig an mBallstát nó na Ballstáit idirthurais, chuig Ballstát cheann scríbe na dtáirgí iascaigh, agus chuig an gCoimisiún, tar éis dó iad a fháil.

7. I gcás ina ndéanfaidh an Ballstát brataí cigireacht nó faireachas, cuirfidh an Ballstát sin sonraí na tuarascála cigireachta agus faireachais ar aghaidh chuig an gCoimisiún go pras, tar éis dó iad a fháil.

8. Maidir le sonraí na dtuarascálacha cigireachta agus faireachais:

(a) cuirfidh an Ballstát brataí agus an Ballstát is cigire nó na Ballstáit is cigirí ar fáil iad, arna iarraidh sin, d'aon cheann de na Ballstáit a bhfuil baint acu le cigireacht agus faireachas;

(b) cuirfidh an Ballstát brataí ar fáil iad, arna iarraidh sin, don Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige cigireacht a dhéanamh;

(c) cuirfidh an Ballstát is cigire agus an Ballstát brataí ar fáil iad, arna iarraidh sin, don Choimisiún nó do EFCA; agus

(d) más faoi chuimsiú plean comh-imlonnaithe a dhéanfar iad, cuirfidh EFCA ar fáil iad, arna iarraidh sin, don Bhallstát ábhartha a bheidh rannpháirteach sa phlean comh-imlonnaithe sin.

Coinneofar ar bun rochtain ar shonraí den sórt sin go ceann 3 bliana ar a laghad tar éis na cigireachta nó an fhaireachais, mura bhforáiltear a mhalairt faoi rialacha an Chomhbheartais Iascaigh nó i gcás ina bhfuil gá le sonraí le haghaidh cigireachtaí, fíoruithe, iniúchtaí agus fiosrúchán, lena n-áirítear na sonraí sin a bhaineann le gearáin agus sáruithe, nó le himeachtaí breithiúnacha nó riaracháin.

9. Gan dochar do chomhaontuithe idirnáisiúnta atá ina gceangal ar an Aontas:

(a) i gcás ina ndéanfaidh Ballstát cigireacht nó faireachas ar shoitheach tríú tír, cuirfidh an Ballstát sonraí na tuarascála cigireachta agus faireachais ar aghaidh go pras chuig an tríú tír lena mbaineann, chuig an mBallstát nó chuig an tríú tír ina ndearnadh an chigireacht nó an faireachas (más éagsúil), agus chuig an gCoimisiún, tar éis dó iad a fháil;

(b) cuirfear sonraí tuarascálacha cigireachta agus faireachais a bhaineann le soithí tríú tír a ndearna Ballstát cigireacht orthu nó a bhfuair Ballstát amharc orthu ar fáil go ceann íostréimhse 3 bliana ón gcigireacht nó ón amharc a fuair an Ballstát sin, arna iarraidh sin, don Bhallstát cósta (más éagsúil), d'aon Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige cigireacht a dhéanamh, don Choimisiún nó do EFCA;

(c) cuirfear sonraí tuarascálacha cigireachta agus faireachais a bhaineann le soithí iascaireachta Ballstáit brataí a ndearna tríú tír cigireacht nó amharc orthu ar fáil go ceann íostréimhse 3 bliana ón gcigireacht nó ón amharc a rinne an Ballstát brataí, arna iarraidh sin, don Bhallstát cósta (más éagsúil), d'aon Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige cigireacht a dhéanamh, don Choimisiún nó do EFCA.

10. Ginfear freagraí go huathoibríoch ar aon iarraidh a dhéanfar faoin Airteagal seo agus déanfaidh an Ballstát iarrtha iad a tharchur gan mhoill.

Airteagal 65

Sonraí comhiomlánaithe gabhála agus iarrachta iascaireachta a tharchur

1. Úsáidfidh na Ballstáit Sainmhíniú Scéimre XML bunaithe ar chaighdeán NA/FLUX P1000-12 chun sonraí comhiomlánaithe gabhála agus iarrachta iascaireachta a tharchur chuig an gCoimisiún, dá dtagraítear in Airteagal 33(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Beidh cainníochtaí gabhálacha tuairiscithe bunaithe ar na cainníochtaí a thabharfar i dtír. Murar tugadh na gabhálacha i dtír go fóill, tuairisceofar cainníocht mheasta na gabhála, le léiriú ar 'arna gcoinneáil ar bord' nó le léiriú ar 'thrasloingsiú', le haghaidh gabhálacha a thrasloingsítear agus a choinnítear ar bord tar éis an trasloingsithe. Ní mór ceartúchán leis an meáchan beacht agus leis an tír ina dtabharfar i dtír iad a tharchur roimh an 15ú lá den mhí tar éis an tabhairt i dtír.

3. Nuair a cheanglaítear, le reachtaíocht an Aontais, stoic nó speicis a thuairisciú i roinnt tuarascálacha maidir le gabhálacha ar leibhéil chomhiomlánaithe éagsúla, déanfar na stoic nó na speicis sin a thuairisciú sa tuarascáil is mionsonraithe arna héileamh.

TEIDEAL VII

CUR CHUN FEIDHME

CAIBIDIL I

Cúnamh frithpháirteach

Roinn 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 66

Raon feidhme

1. Leagtar síos sa Chaibidil seo na coinníollacha faoina rachaidh na Ballstáit i gcomhar le chéile ó thaobh riaracháin de, le tríú tíortha, leis an gCoimisiún agus le EFCA chun cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus an Rialacháin seo a áirithiú. Ní chuirtear cosc léi ar na Ballstáit cineálacha comhair riaracháin eile a chur ar bun, de réir mar is iomchuí.

2. Ní bheidh an Chaibidil seo ina ceangal ar na Ballstáit cúnamh a thabhairt dá chéile más dócha go ndéanfadh sé sin díobháil dá gcóras dlí náisiúnta, dá mbeartas poiblí, dá slándáil nó dá leasanna bunúsacha eile. Sula ndiúltóidh an Ballstát iarrtha iarraidh ar chúnamh, rachaidh sé i gcomhairle leis an mBallstát iarrthach chun a chinneadh an féidir cúnamh a thabhairt i bpáirt, faoi réir téarmaí agus coinníollacha sonracha. I gcás nach féidir iarraidh ar chúnamh a chomhlíonadh, tabharfar fógra faoin bhfíoras sin don Bhallstát iarrthach agus don Choimisiún nó EFCA go pras agus luafar na cúiseanna.

3. Ní dhéanfaidh an Chaibidil seo difear do chur i bhfeidhm rialacha maidir leis an nós imeachta coiriúil agus le cúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla sna Ballstáit, lena n-áirítear rialacha maidir le rúndacht fiosrúchán breithiúnach.

Airteagal 67

Costais

Is iad na Ballstáit a íocfaidh a gcostais féin maidir le hiarraidh ar chúnamh a fhorghníomhú agus tarscaoilfidh siad gach éileamh ar aisíocaíocht speansas arna dtabhú agus an Chaibidil seo á cur i bhfeidhm acu.

Airteagal 68

Údarás aonair na mBallstát

Gníomhóidh an t-údarás aonair dá dtagraítear in Airteagal 5(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 mar lároifig chomhordúcháin a bheidh freagrach as an gCaibidil seo a chur i bhfeidhm.

Airteagal 69

Bearta leantacha a chur in iúl

1. I gcás ina gcinnfidh na húdaráis náisiúnta, mar fhreagairt ar iarraidh ar chúnamh nó tar éis malartú faisnéise spontáineach, bearta leantacha a dhéanamh nach bhféadfar a chur chun feidhme ach amháin le húdarú ó údarás riaracháin nó breithiúnach nó ar éileamh uaidh, cuirfidh siad aon fhaisnéis faoi na bearta sin a bhaineann le sárú ar rialacha an Chomhbheartais Iascaigh in iúl don Bhallstát lena mbaineann agus don Choimisiún nó do EFCA.

2. Beidh réamhúdarú ag aon chumarsáid dá dtagraítear i mír 1 ó údarás riaracháin nó breithiúnach má cheanglaítear an t-údarú sin leis an dlí náisiúnta.

Roinn 2

Iarrataí ar chúnamh

Airteagal 70

Tarchur iarrataí agus freagraí

1. Is é údarás aonair an Bhallstáit iarrthaigh, an Coimisiún nó EFCA, agus iad siúd amháin, a chuirfidh iarrataí chuig údarás aonair an Bhallstáit iarrtha. Déanfar gach freagra ar iarraidh a chur in iúl ar an mbealach céanna.

2. Déanfar iarrataí ar chúnamh frithpháirteach agus na freagraí faoi seach i scríbhinn, agus, i gcás inar féidir, le meán leictreonach.

3. Comhaontóidh na húdaráis aonair lena mbaineann na teangacha a úsáidfear le haghaidh iarrataí agus freagraí sula ndéanfar na hiarrataí. Mura féidir teacht ar chomhaontú, cuirfear iarrataí in iúl i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit iarrthaigh agus i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit iarrtha.

Airteagal 71

Iarrataí ar fhaisnéis

1. Soláthróidh Ballstát aon fhaisnéis ábhartha is gá chun a shuí an ndearnadh sárú ar rialacha an Chomhbheartais Iascaigh nó an bhfuil amhras réasúnach ann go bhféadfar é a dhéanamh, arna iarraidh sin do Bhallstát iarrthach, don Choimisiún nó do EFCA. Déanfar an fhaisnéis sin a sholáthar tríd an údarás aonair amhail dá dtagraítear in Airteagal 68.

2. Déanfaidh an Ballstát iarrtha na fiosrúcháin riaracháin iomchuí a bhaineann le hoibríochtaí arb é atá iontu, nó ar dealraitheach don iarratasóir gurb é atá iontu sárú ar rialacha an Chomhbheartais Iascaigh, go háirithe sáruithe tromchúiseacha dá dtagraítear in Airteagal 90(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, arna iarraidh sin don Bhallstát iarrthach, don Choimisiún nó do EFCA. Cuirfidh an Ballstát iarrtha torthaí na bhfiosrúchán riaracháin sin in iúl don Bhallstát iarrthach agus don Choimisiún nó do EFCA.

3. Féadfaidh an Ballstát iarrtha cead a thabhairt d'oifigeach inniúil de chuid an Bhallstáit iarrthaigh a bheith in éineacht le hoifigigh an Bhallstáit iarrtha, an Choimisiúin nó EFCA, le linn na bhfiosrúchán riaracháin dá dtagraítear i mír 2, arna iarraidh sin don Bhallstát iarrthach, don Choimisiún nó do EFCA. A mhéid a chuireann forálacha náisiúnta maidir le himeachtaí coiriúla srian le gníomhaíochtaí áirithe chun nach féidir ach le hoifigigh arna n-ainmniú go sonrach sa dlí náisiúnta iad a dhéanamh, ní ghlacfaidh oifigigh an Bhallstáit iarrthaigh páirt sna gníomhaíochtaí sin. Tá toirmeasc orthu freisin páirt a ghlacadh i gcuardach áitreabh nó i gceistiú foirmiúil daoine faoin dlí coiriúil. Beidh oifigigh de chuid na mBallstát iarrthach atá i láthair sa Bhallstát iarrtha in ann údarás i scríbhinn a chur isteach tráth ar bith ina luaitear a gcéannacht agus a bhfeidhmeanna oifigiúla.

4. Soláthróidh an Ballstát iarrtha don Bhallstát iarrthach, arna iarraidh sin dó, aon doiciméad nó cóipeanna dílse deimhnithe atá ina sheilbh agus a bhaineann le sárú ar rialacha an Chomhbheartais Iascaigh.

5. Déanfar iarrataí ar fhaisnéis agus a bhfreagraí trí úsáid a bhaint as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII.

Airteagal 72

Faisnéis gan réamh-iarraidh

Tarchuirfidh gach Ballstát cósta chuig na Ballstáit eile agus chuig an gCoimisiún, i bhformáid leictreonach (comhad luachanna camógdheighilte struchtúrtha nó formáid chomhaid chaighdeánaithe eile chun sonraí spásúla a mhalartú lena gceadaítear próiseáil uathoibrithe ag córais na mBallstát eile agus ag an gCoimisiún), liosta cuimsitheach comhordanáidí geografacha (domhanleithead agus domhanfhad, arna sloinneadh i gcéimeanna deachúla trí úsáid a bhaint as an gCóras Geodasach Domhanda 1984) lena léirítear a limistéar eacnamaíoch eisiach nó limistéar iascaireachta eile faoina chearta ceannasacha agus faoina dhlínse. Cuirfidh sé in iúl freisin in am trátha do na Ballstáit eile agus don Choimisiún aon athrú ar na comhordanáidí sin sula dtiocfaidh an t-athrú i bhfeidhm.

Airteagal 73

Sprioc-am le haghaidh freagraí ar iarrataí ar fhaisnéis

1. Cuirfidh an Ballstát iarrtha an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 71(1) ar fáil a luaithe is féidir, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis an dáta a fhaightear an iarraidh. Féadfar teorainneacha ama éagsúla a chomhaontú idir an Ballstát iarrtha agus an Ballstát iarrthach, an Coimisiún nó EFCA.

2. I gcás nach mbeidh an Ballstát iarrtha in ann freagra a thabhairt ar an iarraidh faoin sprioc-am, cuirfidh sé in iúl i scríbhinn don Bhallstát iarrthach, don Choimisiún nó do EFCA, cén fáth ar theip air é sin a dhéanamh, agus cuirfidh sé in iúl cén uair a mheasann sé go mbeidh sé in ann freagra a thabhairt.

Airteagal 74

Iarrataí ar fhógra riaracháin

1. I gcomhréir lena rialacha náisiúnta maidir le fógra a thabhairt faoi ionstraimí agus cinntí comhchosúla, tabharfaidh an Ballstát iarrtha fógra don duine nádúrtha nó dlítheanach arna sonrú ag an mBallstát iarrthach faoi aon ionstraim agus cinneadh a bhaineann le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus lena reachtaíocht cur chun feidhme, a thagann ó údaráis riaracháin an Bhallstáit iarrthaigh agus atá le seirbheáil ar chríoch an Bhallstáit iarrtha, arna iarraidh sin do Bhallstát iarrthach.

2. Déanfaidh an Ballstát iarrtha a fhreagra a tharchur chuig an mBallstát iarrthach díreach tar éis na fógartha tríd an údarás aonair dá dtagraítear in Airteagal 68 den Rialachán seo.

3. Déanfar iarrataí ar fhógra agus a bhfreagraí trí úsáid a bhaint as na foirmeacha caighdeánacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IX agus in Iarscríbhinn X.

Roinn 3

Caidreamh na mBallstát leis an gCoimisiún agus le EFCA

Airteagal 75

Cumarsáid idir na Ballstáit agus an Coimisiún nó EFCA

1. Cuirfidh gach Ballstát in iúl go pras don Choimisiún, agus i gcás inar féidir do EFCA, aon fhaisnéis a mheasann sé a bheith ábhartha maidir le modhanna, cleachtais nó treochtaí atá ag teacht chun cinn agus a úsáidtear nó a bhfuil amhras ann go n-úsáidfear iad i gcás sáruithe ar rialacha an Chomhbheartais Iascaigh, go háirithe i gcás sáruithe tromchúiseacha dá dtagraítear in Airteagal 90(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Cuirfidh an Coimisiún agus, i gcás inarb ábhartha, EFCA in iúl do na Ballstáit, gan mhoill, aon fhaisnéis a chuideodh leo Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 nó an Rialachán seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr.

Airteagal 76

Comhordú arna dhéanamh ag an gCoimisiún nó EFCA

1. I gcás ina bhfaighidh Ballstát amach faoi oibríochtaí ar sárú iad, nó ar cosúil gur sárú iad, ar rialacha an Chomhbheartais Iascaigh, go háirithe i gcás sáruithe tromchúiseacha dá dtagraítear in Airteagal 90(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus atá ábhartha ar leibhéal an Aontais, déanfaidh sé aon fhaisnéis ábhartha is gá chun na fíorais a chinneadh a chur in iúl go pras don Choimisiún nó do EFCA. Cuirfidh an Coimisiún nó EFCA an fhaisnéis sin in iúl do na Ballstáit eile lena mbaineann.

2. Chun críocha mhír 1, measfar oibríochtaí ar sárú iad ar rialacha an Chomhbheartais Iascaigh, go háirithe i gcás sáruithe tromchúiseacha dá dtagraítear in Airteagal 90(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, a bheith ábhartha ar leibhéal an Aontais, go háirithe sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina mbeadh, nó ina bhféadfadh go mbeadh, naisc acu in dhá Bhallstát nó níos mó; nó

(b) i gcás inar dealraitheach don Bhallstát go ndearnadh oibríochtaí comhchosúla i mBallstáit eile freisin.

3. I gcás ina measfaidh an Coimisiún nó EFCA go ndearnadh oibríochtaí in dhá Bhallstát nó níos mó ar sárú iad ar rialacha an Chomhbheartais Iascaigh, go háirithe i gcás sáruithe tromchúiseacha dá dtagraítear in Airteagal 90(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, cuirfidh sé na Ballstáit lena mbaineann ar an eolas faoi sin agus déanfaidh na Ballstáit sin fiosrúcháin a luaithe is féidir. Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann, a luaithe is féidir, torthaí na bhfiosrúchán sin a chur in iúl don Choimisiún nó do EFCA.

Roinn 4

Caidreamh na mBallstát le tríú tíortha

Airteagal 77

Malartú faisnéise le tríú tíortha

1. I gcás ina bhfaighidh Ballstát faisnéis ó thríú tír nó ó ERBI atá ábhartha maidir le cur chun feidhme éifeachtach Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus an Rialacháin seo, cuirfidh sé an fhaisnéis sin in iúl, tríd an údarás aonair dá dtagraítear in Airteagal 68 den Rialachán seo, do na Ballstáit eile lena mbaineann, don Choimisiún agus, i gcás inar féidir, do EFCA, a mhéid a cheadaítear dó sin a dhéanamh le comhaontuithe déthaobhacha leis an tríú tír sin nó le rialacha an ERBI sin.

2. Féadfaidh Ballstát faisnéis a fhaightear faoin gCaibidil seo a chur in iúl do thríú tír nó do ERBI trí bhíthin a údaráis aonair faoi chomhaontú déthaobhach leis an tríú tír sin nó i gcomhréir le rialacha an ERBI sin. Déanfar an cur in iúl sin tar éis dul i gcomhairle leis an mBallstát a chuir an fhaisnéis in iúl ar dtús agus i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta maidir le cosaint daoine aonair a mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta.

3. Féadfaidh an Coimisiún nó EFCA, faoi chuimsiú CCIInna nó comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha nó faoi chuimsiú ERBInna nó socruithe comhchosúla a bhfuil an tAontas ina pháirtí conarthach nó ina pháirtí comhoibritheach neamhchonarthach iontu, faisnéis ábhartha maidir le sárú ar rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a chur in iúl do pháirtithe eile sna comhaontuithe, sna heagraíochtaí nó sna socruithe sin, faoi réir thoiliú an Bhallstáit a sholáthair an fhaisnéis agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

CAIBIDIL II

Oibleagáidí maidir le tuairisciú

Airteagal 78

Ábhar agus formáid na dtuarascálacha ó na Ballstáit

1. Úsáidfidh na Ballstáit an fhaisnéis íosta a leagtar síos in Iarscríbhinn XVIII le haghaidh na tuarascála bliantúla ar rialú agus ar chigireachtaí dá dtagraítear in Airteagal 93b de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Úsáidfidh na Ballstáit an fhaisnéis íosta a leagtar síos in Iarscríbhinn XI don tuarascáil 5 bliana dá dtagraítear in Airteagal 118(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

TEIDEAL VIII

FORÁLACHA CHRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 79

Aisghairm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011

1. Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún.

2. De mhaolú ar mhír 1:

(a) Leanfaidh Airteagal 10 agus Airteagail 71 go 77 d'fheidhm a bheith acu go dtí an 10 Eanáir 2027;

(b) Leanfaidh Airteagail 61, 62 agus 63 d'fheidhm a bheith acu go dtí an 10 Eanáir 2028.

Airteagal 80

Bearta idirthréimhseacha

I gcás ina mbeidh feidhm ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir le soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán ar dháta níos déanaí ná an 10 Eanáir 2026, leanfaidh forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011, a bhfuil feidhm acu maidir leis na soithí sin, d'fheidhm a bheith acu maidir leis na soithí sin, go dtí an dáta a thosóidh forálacha an Rialacháin seo d'fheidhm a bheith acu maidir leis na soithí sin.

Airteagal 81

Cosaint agus próiseáil sonraí pearsanta

Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar sonraí pearsanta a bhailítear faoin Rialachán seo a phróiseáil ach amháin i gcomhréir le hAirteagal 112 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 82

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 10 Eanáir 2026.

Mar sin féin,

(a) Beidh feidhm ag Airteagail 11, 49, 50, 51, 52, 53 agus 63 ón 10 Eanáir 2027;

(b) Beidh feidhm ag Airteagal 20(1) ón 10 Eanáir 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Tábla 1

Cóid alfa-3 chur i láthair an táirge

Cód alfa-3 chur i láthair an táirge	Cur i láthair	Tuairisc
CBF	Filléad troisc dúbailte (*escalado*)	HEA (Gan cheann) le craiceann, cnámh droma agus eireaball air
CLA	Crúba	Na crúba amháin
DWT	Cód CICTA	Geolbhaithe, glanta, cuid den cheann bainte, eití bainte
FIL	Filléadaithe	HEA+GUT(Glanta)+TLD(Eireaball bainte)+cnámha bainte, tagann dhá fhilléad nach bhfuil ceangailte le chéile ó gach iasc
FIS	Filléadaithe agus filléid fheannta	FIL+SKI(Feannta) Faightear dhá fhilléad nach bhfuil ceangailte le chéile ó gach iasc
FSB	Filléadaithe, le craiceann agus cnámha	Filléadaithe, le craiceann air agus cnámha ann
FSP	Filléadaithe, feannta, leis an ngrianán ann	Filléadaithe, leis an gcraiceann bainte agus leis an ngrianán ann
GHT	Glanta, an ceann bainte agus an t-eireaball bainte	GUH(Glanta agus an ceann bainte)+TLD
GUG	Glanta agus geolbhaithe	Putóga agus geolbhaigh bainte
GUH	Glanta agus an ceann bainte	Putóga agus an ceann bainte
GUL	Glanta, le hae	GUT gan codanna an ae a bhaint
GUS	Glanta, an ceann bainte agus feannta	GUH+SKI
GUT	Glanta	Putóga uile bainte
HEA	An ceann bainte	Cinn bainte
JAP	Gearradh Seapánach	Gearradh trasnaí lena mbaintear gach cuid ó cheann go bolg
JAT	Gearradh Seapánach gan eireaball	Gearradh Seapánach leis an eireaball bainte
LAP	Lappen	Filléad dúbailte, HEA, craiceann+eireabaill+eití AIR
LVR	An t-ae	An t-ae amháin, i gcás cur i láthair comhchoiteann bain úsáid as an gcód LVR-C
OTH	Eile	Aon chur i láthair eile ([1])
ROE	Eochraí	Eochraí, i gcás cur i láthair comhchoiteann bain úsáid as an gcód ROE-C, agus sa chás sin amháin

Cód alfa-3 chur i láthair an táirge	Cur i láthair	Tuairisc
SAD	Saillte go dtí go bhfuil sé tirim	An ceann bainte, le craiceann agus eireaball air agus cnámh droma ann agus saillte go díreach
SAL	Saillte go fliuch éadrom	CBF+saillte
SGH	Saillte, glanta agus an ceann bainte	GUH+saillte
SGT	Saillte, glanta	GUT+saillte
SKI	Feannta	Craiceann bainte
SUR	Suiréime	Suiréime
TAL	Eireaball	Eireabaill amháin
TLD	Eireaball bainte	Eireaball bainte
TNG	Teanga	An teanga amháin. I gcás cur i láthair comhchoiteann bain úsáid as an gcód TNG-C
TUB	An feadán amháin	An feadán amháin (Scuid)
WHL	Ar lániasc é	Gan phróiseáil
WNG	Eiteoga	Eiteoga amháin

([1]) Nuair a úsáideann máistrí soithí iascaireachta an cód cur i láthair 'OTH' (Eile) sa dearbhú maidir le tabhairt i dtír nó sa dearbhú trasloingsithe, tabharfaidh siad tuairisc chruinn ar a bhfuiltear ag tagairt dó le cur i láthair 'OTH'.

Tábla 2

Staid na próiseála

Cód	Stát
ALI	Beo
BOI	Beirithe
DRI	Triomaithe
FRE	Úr
FRO	Reoite
SAL	Saillte

IARSCRÍBHINN II

FAISNÉIS ÍOSTA LE hAGHAIDH NA gCEADÚNAS IASCAIREACHTA

1. **Mionsonraí faoin soitheach gabhála** ([1])

Uimhir chlár cabhlaigh an Aontais ([2])

Ainm an tsoithigh gabhála ([3])

Stát brataí/Tír an chlárúcháin

Calafort an chlárúcháin (Ainm agus cód náisiúnta)

Litreacha clárúcháin seachtracha agus cláruimhreacha seachtracha ([4])

Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió (IRCS ([5]))

2. **Sealbhóir ceadúnais / úinéir an tsoithigh gabhála / gníomhaire an tsoithigh gabhála**

Ainm agus seoladh an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh

3. **Saintréithe na hacmhainneachta iascaireachta**

Cumhacht innill (kW) ([6])

Tonnáiste (GT) ([7])

Fad foriomlán ([7])

Príomhthrealamh iascaireachta ([8])

Trealaimh iascaireachta thánaisteacha ([8])

BEARTA NÁISIÚNTA EILE DE RÉIR MAR IS INFHEIDHME

(1) Sonrófar an fhaisnéis sin ar an gceadúnas iascaireachta tráth a bheidh an soitheach cláraithe i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais, agus ag an tráth sin amháin, i gcomhréir le forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218.

(2) I gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218.

(3) Le haghaidh soithí gabhála a bhfuil ainm orthu.

(4) I gcomhréir leis an Rialachán seo.

(5) I gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218, le haghaidh soithí gabhála a gceanglaítear orthu IRCS a bheith acu.

(6) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1130.

(7) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1130. Sonrófar an fhaisnéis sin ar an gceadúnas iascaireachta tráth a bheidh an soitheach cláraithe i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais, agus ag an tráth sin amháin, i gcomhréir le forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218.

(8) I gcomhréir leis an Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach Staidrimh ar Threalamh Iascaireachta (ISSCFCG).

IARSCRÍBHINN III

FAISNÉIS ÍOSTA LE hAGHAIDH ÚDARUITHE IASCAIREACHTA

A. **Aitheantas**

1. Uimhir chlár cabhlaigh an Aontais ([1])

2. Ainm an tsoithigh gabhála ([2])

3. Litreacha clárúcháin seachtracha agus cláruimhir sheachtrach ([3])

B. **Coinníollacha iascaireachta**

1. Dáta eisiúna:

2. Tréimhse bhailíochta:

3. Coinníollacha údaraithe lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, speiceas, limistéar agus trealamh iascaireachta:

	Ón ../../.. Go dtí an ../../..	Ón ../../.. Go dtí an ../../..	Ón ../../.. Go dtí an ../../..	Ón ../../.. Go dtí an ../../..	Ón ../../.. Go dtí an ../../..	Ón ../../.. Go dtí an ../../..
Limistéir						
Speiceas						
Trealamh iascaireachta						
Coinníollacha eile						

4. Aon cheanglas eile a eascraíonn as iarratas ar údarú iascaireachta.

(1) I gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218.

(2) Le haghaidh soithí gabhála a bhfuil ainm orthu.

(3) I gcomhréir leis an Rialachán seo.

IARSCRÍBHINN IV

FAISNÉIS ÍOSTA LE hAGHAIDH ÚDARUITHE SOITHÍ IASCAIREACHTA DE CHUID AN AONTAIS SEACHAS SOITHÍ GABHÁLA

A. AITHEANTAS

1. **Mionsonraí faoin Soitheach Iascaireachta ([1])**

Uimhir chlár cabhlaigh an Aontais ([2])

Ainm an tsoithigh iascaireachta ([3])

Stát brataí/Tír an chlárúcháin

Calafort an chlárúcháin (Ainm agus cód náisiúnta)

Litreacha clárúcháin seachtracha agus cláruimhir sheachtrach ([4])

Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió (IRCS ([5]))

Ainm agus seoladh an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh

2. **Saintréithe an tSoithigh**

Cumhacht innill (kW) ([6])

Tonnáiste (GT) ([7])

Fad foriomlán ([7])

BEARTA NÁISIÚNTA EILE DE RÉIR MAR IS INFHEIDHME

B. COINNÍOLLACHA

1. Dáta eisiúna:

2. Tréimhse bhailíochta:

3. Gníomhaíocht a bhfuil an soitheach iascaireachta údaraithe ina leith agus an limistéar geografach

4. Aon cheanglas eile a eascraíonn as iarratas ar údarú dá dtagraítear in Airteagal 7a de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

(1) I gcás inarb infheidhme, sonrófar an fhaisnéis sin ar an gceadúnas iascaireachta tráth a bheidh an soitheach cláraithe i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais, agus ag an tráth sin amháin, i gcomhréir le forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218.

(2) I gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218.

(3) Le haghaidh soithí iascaireachta a bhfuil ainm orthu.

(4) I gcomhréir leis an Rialachán seo.

(5) I gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218, le haghaidh soithí iascaireachta a gceanglaítear orthu IRCS a bheith acu.

(6) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1130.

(7) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1130. I gcás inarb infheidhme, sonrófar an fhaisnéis sin ar an gceadúnas iascaireachta tráth a bheidh an soitheach cláraithe i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais, agus ag an tráth sin amháin, i gcomhréir le forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218.

IARSCRÍBHINN V

SAINTRÉITHE NA mBAOITHE MARCÁLA

Roghnach - BARR - COMHARTHA/RADAR - FRITHCHAITEOIR
Bandaí gléineacha stríocacha
Soilse buí gealánacha
Bratacha Fad 20 cm idir an bhratach uachtarach agus an bhratach íochtarach
Ciumhais íochtarach na brataí íochtaraí 1 mhéadar ar a laghad os cionn bharr an tsnámháin
Snámhán
Cobhsaitheoir

BAOITHE MARCÁLA CRÍCHE THIAR

BAOITHE MARCÁLA CRÍCHE THIAR

Roghnach - BARR - COMHARTHA/RADAR - FRITHCHAITEOIR
Dhá bhanda ghléineacha striocacha
Dhá sholas bhuí ghealánacha
Dhá bhratach dhaite Fad 20 cm idir an bhratach uachtarach agus an bhratach íochtarach
Ciumhais íochtarach na bratai íochtarai 1 mhéadar ar a laghad os cionn bharr an tsnámháin
Snámhán
Cobhsaitheoir

BAOITHE MARCÁLA CRÍCHE THOIR

Roghnach - BARR - COMHARTHA/RADAR - FRITHCHAITEOIR
Banda gléineach striocach amháin
Solas bui gealánach amháin
Bratach dhaite amháin
Ciumhais iochtarach na bratai iochtarai 1 mhéadar ar a laghad os cionn bharr an tsnámháin
Snámhán
Cobhsaitheoir

BAOITHE MARCÁLA IDIRMHEÁNACHA

Roghnach - BARR - COMHARTHA/RADAR - FRITHCHAITEOIR
Banda gléineach stríocach amháin
Solas buí gealánach amháin
Bratach bhán amháin
Ciumhais íochtarach na bratai íochtarai 1 mhéadar ar a laghad os cionn bharr an tsnámháin
Snámhán
Cobhsaitheoir

IARSCRÍBHINN VI

LIOSTA DEN FHAISNÉIS IS GÁ CHUN TUARASCÁLACHA FAIREACHAIS MAIDIR LE hAMHAIRC AGUS BRAITH SOITHÍ IASCAIREACHTA A CHOMHLÁNÚ

Faisnéis ghinearálta

1. Tagairt don tuarascáil faireachais
2. Dáta agus am an amhairc nó an bhraith (AUL)
3. An Ballstát tionscnaimh agus/nó ainm an údaráis inniúil
4. Cineál agus aitheantas an árthaigh faireachais
5. Ionad agus suíomh an árthaigh faireachais tráth an amhairc nó an bhraith

Mionsonraí faoin soitheach iascaireachta

6. An Stát Brataí
7. Ainm
8. An calafort clárúcháin agus an chláruimhir sheachtrach
9. Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió
10. Uimhir CFR nó, murab infheidhme, uimhir IMO nó aitheantóir soithigh uathúil eile de chuid an tsoithigh iascaireachta
11. Tuairisc
12. Cineál
13. Ionad agus suíomh tosaigh tráth an amhairc nó an bhraith
14. An treo-cheann agus an luas tosaigh tráth an amhairc nó an bhraith
15. Gníomhaíocht

Faisnéis eile

16. Meán an amhairc nó an bhraith
17. Teagmháil leis an soitheach iascaireachta
18. Mionsonraí faoin gcumarsáid leis an soitheach iascaireachta
19. Uimhir aitheantais na seirbhíse muirí soghluaiste, más infheidhme
20. Taifead ar amharc nó ar bhrath, lena n-áirítear aon phictiúr, aon fhíseán agus aon sonraí suímh an tsoithigh atá ar fáil
21. Sáruithe nó breithnóireachtaí
22. Nótaí

23. Ceangaltáin

24. An t-oifigeach tuairiscithe agus síniú

Treoracha chun na tuarascálacha faireachais a chomhlánú

1. Faisnéis chomh cuimsitheach agus is féidir a chur isteach.

2. Ionad i ndomhanleithead agus i ndomhanfhad agus suíomh mionsonraithe (roinn CITM, folimistéar geografach CGIM, folimistéar NAFO, NEAFC nó CIATL, limistéar, folimistéar agus roinn FAO, ar talamh, i gcalafort).

3. Stát brataí, ainm an tsoithigh iascaireachta, calafort clárúcháin, litreacha clárúcháin seachtracha agus cláruimhreacha seachtracha, uimhir IRCS agus uimhir IMO nó, murab infheidhme, sainaitheantóir soithigh uathúil eile de chuid an tsoithigh iascaireachta: le fáil ón méid a fheictear nó a bhraitear den soitheach, nó maidir leis an soitheach, nó ó theagmháil raidió leis an soitheach iascaireachta, nó fáil tar éis fíorú a dhéanamh le foinsí oifigiúla (i ngach cás, ní mór foinse na faisnéise a thuairisciú).

4. Tuairisc ar an soitheach iascaireachta (má bhreathnaítear ó amharc í): marcanna idirdhealaitheacha de réir mar is infheidhme: luaigh cé acu a bhí nó nach raibh ainm agus calafort clárúcháin an tsoithigh iascaireachta infheicthe. Cuir dathanna na cabhlach agus an fhorstruchtúir, líon na gcrann, agus ionad an droichid agus fad an tonnadóra, etc. ar taifead.

5. Cineál an tsoithigh iascaireachta agus na dtrealamh mar a chonacthas iad: e.g. bád spiléireachta, trálaer, tuga, long mhonarchan, long iompair (aicmiú staidrimh ar chaighdeáin idirnáisiúnta FAO maidir le soithí iascaireachta agus trealaimh a chonacthas, lena n-áirítear a saintréithe teicniúla, i gcás inarb ábhartha).

6. Gníomhaíocht an tsoithigh iascaireachta a chonacthas nó a braitheadh de réir mar is infheidhme: tuairiscigh, i gcás gach gníomhaíochta, má bhí an soitheach ag iascaireacht, ag socrú trealaimh iascaireachta, ag tarraingt isteach, ag trasloingsiú, ag aistriú, ag tarraingt, ar idirthuras, ag dul ar ancaire nó má bhí aon ghníomhaíochtaí eile ar bun aici (le mionsonrú) lena n-áirítear dáta, am, ionad, treo-cheann agus luas an tsoithigh iascaireachta i gcás gach gníomhaíochta.

7. Modh an amhairc nó an bhraith de réir mar is infheidhme: mionsonraí faoi conas a rinneadh an t-amharc nó an brath amhail radharc, VMS, lena n-áirítear gaireas um fhaireachán soithí, radar, trácht raidió nó modhanna faireachais eile (le mionsonrú).

8. Teagmháil leis an soitheach iascaireachta: luaigh má rinneadh teagmháil (RINNEADH/NÍ DHEARNADH) agus an modh cumarsáide (raidió nó eile, le mionsonrú).

9. Mionsonraí faoin gcumarsáid: tabhair achoimre ar aon chumarsáid leis an soitheach iascaireachta maille le léiriú ar an ainm, an náisiúntacht, agus an t-ionad a thug an duine/na daoine lena ndearnadh teagmháil ar bord an tsoithigh a chonacthas nó a braitheadh.

10. Taifead ar an amharc nó ar an mbrath: léirigh má taifeadadh an t-amharc nó an brath trí ghrianghraf, trí fhíseán, trí fhuaim nó trí thuarascáil i scríbhinn.

11. Nótaí: tuairiscigh aon bharúil eile.

12. Ceangaltáin: má tá sé ar fáil, tabhair liosta den fhianaise atá i gceangal, lena n-áirítear grianghraif, físeáin, íomhánna satailíte agus sceitse den soitheach, ach gan a bheith teoranta dóibh (tarraing próifíl an tsoithigh iascaireachta, agus aon struchtúr, próifíl, crann agus marcáil idirdhealaitheach a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhair aitheantais).

Tá na treoracha mionsonraithe atá le húsáid chun na tuarascálacha a chomhlánú le fáil ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh.

Rialacha maidir le malartú leictreonach tuarascálacha faireachais

I gcás malartú leictreonach tuarascálacha faireachais, tá Sainiú Scéimre XML le fáil ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh. Tá na doiciméid cur chun feidhme atá le húsáid le haghaidh an mhalartaithe le fáil ar an suíomh gréasáin sin freisin.

IARSCRÍBHINN VII

TUARSCÁLACHA CIGIREACHTA

AN FHAISNÉIS ÍOSTA IS GÁ CHUN TUARASCÁLACHA CIGIREACHTA A CHOMHLÁNÚ

Treoracha chun na tuarascálacha cigireachta a chomhlánú

Faisnéis chomh cuimsitheach agus is féidir a chur isteach. Déanfar faisnéis a iontráil de réir mar is infheidhme agus de réir mar a bheidh sí ar fáil. Tá na treoracha mionsonraithe atá le húsáid chun na tuarascálacha a chomhlánú le fáil ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh.

Rialacha le haghaidh malartú leictreonach tuarascálacha cigireachta

I gcás malartú leictreonach tuarascálacha cigireachta, tá Sainiú Scéimre XML na cigireachta le fáil ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh. Tá na doiciméid cur chun feidhme atá le húsáid le haghaidh an mhalartaithe le fáil ar an suíomh gréasáin sin freisin.

(*)	éigeantach.
(**)	éigeantach, má tá sé ann/más infheidhme.

MODÚL 1: CIGIREACHT AR SHOITHEACH IASCAIREACHTA AR MUIR

1. Tagairt don tuarascáil chigireachta (*)

2. Dáta na tuarascála (*)

Údarás cigireachta

3. Soitheach cigireachta (bratach, ainm, comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió, agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, litreacha clárúcháin seachtracha agus cláruimhreacha seachtracha) (*)

4. Dáta na cigireachta (tús) (*)

5. Am na cigireachta (tús) (*)

6. Dáta na cigireachta (críoch) (*)

7. Am na cigireachta (críoch) (*)

8. Ionad an tsoithigh cigireachta (domhanleithead, domhanfhad) (*)

9. Suíomh an tsoithigh cigireachta (limistéar iascaireachta mionsonraithe) (*)

An cigire atá i gceannas

10. Ainm nó aitheantas (*)

11. Aitheantóir uathúil an chigire (e.g. uimhir an chárta seirbhíse) (*)

12. Údarás ceapacháin (EFCA, Ballstát, eile) (*)

Cigire/Cigirí eile

13. Ainm nó aitheantas an chigire/na gcigirí eile (**)

14. Aitheantóir uathúil an chigire/na gcigirí eile (e.g. uimhir an chárta seirbhíse) (**)

15. Údarás ceapacháin an chigire/na gcigirí eile (EFCA, Ballstát, eile) (**)

Soitheach iascaireachta a ndearnadh cigireacht uirthi

16. An Stát Brataí (*)

17. Ainm (**)

18. Litreacha clárúcháin seachtracha agus cláruimhreacha seachtracha (*)

19. An cineál soithigh (*)

20. Ionad agus suíomh an tsoithigh murab ionann iad agus ionad agus suíomh an tsoithigh cigireachta (domhanleithead, domhanfhad, limistéar iascaireachta mionsonraithe) (*)

21. Uimhir aitheantais deimhnithe cláraithe (*)

22. Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió (**)

23. Uimhir IMO (**)

24. Uimhir CFR (**)

25. Mionsonraí faoin úinéir (ainm, náisiúntacht, seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin agus seoladh) (*)

26. Mionsonraí faoin gcairtfhostóir (ainm, náisiúntacht, seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin agus seoladh) (**)

27. Mionsonraí faoin ngníomhaire (ainm, náisiúntacht, seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin agus seoladh) (**)

28. Mionsonraí faoin máistir (ainm, náisiúntacht, uimhir ghutháin agus seoladh) (*)

29. Glao raidió sula rachfar ar bord (**)

30. Logleabhar iascaireachta curtha i gcrích roimh an gcigireacht (**)

31. Dréimire bordála (*)

Trealamh ar bord

32. Mionsonraí maidir le trealamh próiseála (**)

33. Comhlíonadh na srianta ar shoithí peiligeacha maidir le láimhseáil agus scaoileadh gabhálacha (Airteagal 54b de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009) (**)

34. Comhlíonadh na srianta ar threalamh grádúcháin uathoibríoch a úsáid (Airteagal 54c de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009) (**)

35. Córas cianfhaireacháin leictreonaigh feidhmiúil (**)

36. Córas faireacháin feidhmiúil ar chumhacht leanúnach an innill (**)

37. Trealamh chun trealamh caillte a aisghabháil (**)

Cigireachtaí ar dhoiciméid agus údaruithe

38. Cumhacht an innill tiomána a sheiceáil (**)

39. Doiciméid lena sonraítear calabrú na n-umar agus na líníochtaí a bhaineann le cumais soithí peiligeacha maidir le láimhseáil agus scaoileadh gabhálacha, ar soithí iad atá dírithe ar iascaireacht ar ronnaigh, ar scadáin agus ar bholmáin i Limistéar Coinbhinsiúin NEAFC (**)

40. Mionsonraí faoin gceadúnas iascaireachta (**)

41. Mionsonraí faoin údarú iascaireachta (**)

42. Gléas oibríochtúil um fhaireachán soithí (*)

43. Cianfhaireachán leictreonach oibríochtúil (**)

44. Tagairt don logleabhar iascaireachta (*)

45. Uimhir aitheantais le haghaidh turas iascaireachta san Aontas (*)

46. Tagairt don réamhfhógra (**)

47. Cuspóir an fhógra (**)

48. Deimhniú seomra éisc (**)

49. Plean stuála (**)

50. Táblaí idirspáis le haghaidh umair sáile chuisnithe (**)

51. Mionsonraí faoi údarú an Stáit brataí maidir leis an meá ar bord (**)

52. Deimhniú le haghaidh meá-chórais ar bord (**)

53. Ballraíocht d'eagraíocht táirgeoirí (**)

54. Mionsonraí faoin gcalafort cuarda deireanach (calafort, stát agus dáta) (**)

Cigireacht ar an ngabháil

55. Mionsonraí faoin ngabháil ar bord (speicis, cainníochtaí i meáchan an táirge agus, i gcás inarb infheidhme, an líon aonán, lena n-áirítear éisc róbheaga, cur i láthair agus staid na próiseála, limistéar gabhála) (**)

56. An corrlach lamháltais in aghaidh an speicis (**)

57. Clárú ar leith d'éisc róbheaga (**)

58. Stuáil ar leith le haghaidh stoic ghrinnill faoi phleananna ilbhliantúla (**)

59. Stuáil ar leith le haghaidh éisc róbheaga (**)

60. Seiceáil meá, an líon boscaí/coimeádán, táblaí idirspáis nó sampláil (**)

61. Clárú mionsonraí faoin ábhar muirí aischurtha (speicis, cainníochtaí) (**)

Cigireacht ar an trealamh

62. Mionsonraí faoin trealamh (cineál) (**)

63. Mionsonraí faoin sás nó na sásanna eangaí nó faoin ngaireas nó na gairis eangaí (cineál) (**)

64. Mionsonraí faoi mhéid nó toise an mhogaill (**)

65. Mionsonraí faoin sreangán (cineál, tiús, torthaí an mheasúnaithe ar thiús an tsreangáin) (**)

66. Marcáil trealaimh (**)

Breithnóireachtaí agus gníomhaíochtaí cigireachta

67. Sáruithe nó breithnóireachtaí (**)

68. Barúlacha an chigire (**)

69. Barúlacha an mháistir (**)

70. Gníomhaíocht nó gníomhaíochtaí arna déanamh nó arna ndéanamh (**)

71. Síniú an chigire (**)

72. Síniú an duine nádúrtha atá i gceannas (**)

MODÚL 2: CIGIREACHT AR SHOITHEACH IASCAIREACHTA NÓ AR SHOITHÍ IASCAIREACHTA TRÁTH AN TRASLOINGSITHE

1. Tagairt don tuarascáil chigireachta (*)

2. Dáta na tuarascála cigireachta (*)

Údarás cigireachta

3. Soitheach cigireachta (bratach, ainm, comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió, agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, litreacha clárúcháin seachtracha agus cláruimhreacha seachtracha) (*)

4. Dáta na cigireachta (tús) (*)

5. Am na cigireachta (tús) (*)

6. Dáta na cigireachta (críoch) (*)

7. Am na cigireachta (críoch) (*)

8. Ionad an tsoithigh cigireachta (domhanleithead, domhanfhad) (*)

9. Suíomh an tsoithigh cigireachta (limistéar iascaireachta mionsonraithe) (*)

10. Suíomh an chalafoirt (**)

11. Calafort ainmnithe (*)

An cigire atá i gceannas

12. Ainm nó aitheantas (*)

13. Aitheantóir uathúil an chigire (e.g. uimhir an chárta seirbhíse) (*)

14. Údarás ceapacháin (EFCA, Ballstát, eile) (*)

Cigire/Cigirí eile

15. Ainm nó aitheantas an chigire/na gcigirí eile (**)

16. Aitheantóir uathúil an chigire/na gcigirí eile (e.g. uimhir an chárta seirbhíse) (**)

17. Údarás ceapacháin an chigire/na gcigirí eile (EFCA, Ballstát, eile) (**)

Cigireacht ar shoitheach iascaireachta deontóra

18. An Stát Brataí (*)

19. Ainm (**)

20. Litreacha clárúcháin seachtracha agus cláruimhreacha seachtracha (*)

21. An cineál soithigh (*)

22. Ionad agus suíomh an tsoithigh murab ionann iad agus ionad agus suíomh an tsoithigh cigireachta (domhanleithead, domhanfhad, limistéar iascaireachta mionsonraithe) (**)

23. Uimhir aitheantais deimhnithe cláraithe (*)

24. Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió (**)

25. Uimhir IMO (**)

26. Uimhir CFR (**)

27. Mionsonraí faoin úinéir (ainm, náisiúntacht, seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin agus seoladh) (*)

28. Mionsonraí faoin gcairtfhostóir (ainm, náisiúntacht, seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin agus seoladh) (**)

29. Mionsonraí faoin ngníomhaire (ainm, náisiúntacht, seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin agus seoladh) (**)

30. Mionsonraí faoin máistir (ainm, náisiúntacht, uimhir ghutháin agus seoladh) (*)

31. Seiceáil réamhbhordála ar an ngléas um fhaireachán soithí (**)

32. Logleabhar iascaireachta curtha i gcrích roimh an trasloingsiú (*)

Cigireachtaí ar dhoiciméid agus údaruithe soithigh iascaireachta deontóra

33. Mionsonraí faoin gceadúnas iascaireachta (**)

34. Mionsonraí faoin údarú iascaireachta (*)

35. Mionsonraí faoin údarú trasloingsithe (*)

36. Gléas oibríochtúil um fhaireachán soithí (*)

37. Tagairt don logleabhar iascaireachta (*)

38. Tagairt don réamhfhógra (**)

39. Uimhir aitheantais le haghaidh turas iascaireachta san Aontas, lena n-áirítear an uimhir a bhaineann leis na gabhálacha ar bord (**)

40. Cuspóir an réamhfhógra (lena n-áirítear córas le haghaidh iascaireacht NNN) (**)

41. Mionsonraí faoin gcalafort cuarda deireanach (calafort, stát agus dáta) (*)

Cigireacht ar an ngabháil ar shoitheach iascaireachta deontóra

42. Mionsonraí faoin ngabháil ar bord (roimh an trasloingsiú) (speicis, cainníochtaí i meáchan an táirge agus, i gcás inarb infheidhme, an líon aonán, lena n-áirítear éisc róbheaga, cur i láthair agus staid na próiseála, limistéar gabhála) (**)

43. An corrlach lamháltais in aghaidh an speicis (**)

44. Mionsonraí faoin ngabháil arna trasloingsiú (speicis, cainníochtaí i meáchan an táirge lena n-áirítear éisc róbheaga, cur i láthair, limistéar gabhála) (**)

45. Fachtóirí coinbhéartachta agus fachtóirí stuála a úsáidtear (**)

Cigireacht ar shoitheach iascaireachta glactha

46. An Stát Brataí (*)

47. Ainm (**)

48. Litreacha clárúcháin seachtracha agus cláruimhreacha seachtracha (*)

49. An cineál soithigh (*)

50. Ionad agus suíomh an tsoithigh murab ionann iad agus ionad agus suíomh an tsoithigh cigireachta (domhanleithead, domhanfhad, limistéar iascaireachta mionsonraithe) (*)

51. Uimhir aitheantais deimhnithe cláraithe (*)

52. Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió (**)

53. Uimhir IMO (**)

54. Uimhir CFR (**)

55. Mionsonraí faoin úinéir (ainm, náisiúntacht, seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin agus seoladh) (*)

56. Mionsonraí faoin gcairtfhostóir (ainm, náisiúntacht, seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin agus seoladh) (**)

57. Mionsonraí faoin ngníomhaire (ainm, náisiúntacht, seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin agus seoladh) (**)

58. Mionsonraí faoin máistir (ainm, náisiúntacht, uimhir ghutháin agus seoladh) (*)

59. Seiceáil réamhbhordála ar an ngléas um fhaireachán soithí (**)

60. Logleabhar iascaireachta curtha i gcrích roimh an trasloingsiú (*)

Cigireachtaí ar dhoiciméid agus údaruithe soithigh iascaireachta glactha

61. Mionsonraí faoin gceadúnas iascaireachta (**)

62. Gléas oibríochtúil um fhaireachán soithí (*)

63. Tagairt don logleabhar iascaireachta (*)

64. Uimhir aitheantais le haghaidh turas iascaireachta san Aontas, lena n-áirítear an uimhir a bhaineann leis na gabhálacha ar bord (**)

65. Tagairt don réamhfhógra (**)

66. Cuspóir an réamhfhógra (**)

67. Mionsonraí faoin gcalafort cuarda deireanach (calafort, stát agus dáta) (*)

Cigireacht ar an ngabháil ar shoitheach iascaireachta glactha

68. Mionsonraí faoin ngabháil ar bord (roimh an trasloingsiú) (speicis, cainníochtaí i meáchan an táirge agus, i gcás inarb infheidhme, an líon aonán, lena n-áirítear éisc róbheaga, cur i láthair agus staid na próiseála, limistéar gabhála) (**)

69. Mionsonraí faoin ngabháil arna fáil (speicis, cainníochtaí i meáchan an táirge agus, i gcás inarb infheidhme, an líon aonán, lena n-áirítear éisc róbheaga, cur i láthair agus staid na próiseála, limistéar gabhála) (**)

Breithnóireachtaí agus gníomhaíochtaí cigireachta

70. Sáruithe nó breithnóireachtaí (**)

71. Barúlacha an chigire (**)

72. Barúlacha an mháistir/na máistrí (**)

73. Gníomhaíocht nó gníomhaíochtaí arna déanamh nó arna ndéanamh (**)

74. Síniú an chigire (**)

75. Síniú an mháistir/na máistrí (**)

MODÚL 3: CIGIREACHT AR SHOITHEACH IASCAIREACHTA SA CHALAFORT NÓ AR A DUL I dTÍR AGUS ROIMH AN gCÉAD DÍOLACHÁN

1. Tagairt don tuarascáil chigireachta (*)

2. Dáta na tuarascála cigireachta (*)

Údarás cigireachta

3. Dáta na cigireachta (tús na cigireachta) (*)

4. Am na cigireachta (tús na cigireachta) (*)

5. Dáta na cigireachta (deireadh na cigireachta) (*)

Speiceas: An fíogach rinne saighde *Deania profundorum*	**SDU**
WHL	1,00

Speiceas: Oighearíasc na Seoirse Theas *Pseudochaenichthys georgianus*	**SGI**
WHL	1,00

Speiceas: An sól coiteann *Solea solea*	**SOL**
WHL	1,00

Speiceas: An salán Eorpach *Sprattus sprattus*	**SPR**
WHL	1,00

Speiceas: An scuid ghearreiteach thuaisceartach *Illex illecebrosus*	**SQI**
WHL	1,00

Speiceas: An mháthair shúigh *Martialia hyadesi*	**SQS**
WHL	1,00

Speiceas: Sciataí *Rajidae*	**SRX**
WHL	1,00
GUT	1,13
WNG	2,09

Speiceas: An colgán *Xiphias gladius*	**SWO**
WHL	1,00
GUT	1,12
GUH	1,31
HEA	1,33
GHT	1,33

Speiceas: An déadiasc Patagónach *Dissostichus eleginoides*	**TOP**
WHL	1,00

Speiceas: An turbard *Psetta maxima*	**TUR**
WHL	1,00
GUT	1,09

Speiceas: An torsca *Brosme brosme*	**USK**
WHL	1,00

Speiceas: An faoitín gorm *Micromesistius poutassou*	**WHB**
WHL	1,00
GUT	1,15
FIS	2,65
SUR	2,97

Speiceas: An faoitín *Merlangius merlangus*	**WHG**
WHL	1,00
GUT	1,18

Speiceas: An mairlín geal Atlantach *Tetrapturus albidus*	**WHM**
WHL	1,00

Speiceas: An leathóg bhán *Glyptocephalus cynoglossus*	**WIT**
WHL	1,00

Speiceas: An leith earrbhuí *Limanda ferruginea*	**YEL**
WHL	1,00

IARSCRÍBHINN XV

TREORACHA A BHAINEANN LEIS AN LOGLEABHAR IASCAIREACHTA, LEIS AN DEARBHÚ MAIDIR LE GABHÁLACHA A THABHAIRT I dTÍR, AGUS LEIS AN DEARBHÚ TRASLOINGSITHE

Is í an fhaisnéis íosta seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta an tsoithigh an fhaisnéis íosta atá le taifeadadh sa logleabhar iascaireachta agus/nó i ndoiciméadacht eile maidir le gabhálacha, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le hAirteagail 14, 17, 19a, 21 agus 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus le Teideal VI, Caibidil II den Rialachán seo. Tá an méid sin gan dochar d'aon cheanglas breise arna leagan síos faoi rialacha CBI nó ag údaráis náisiúnta Bhallstáit nó tríú tír, lena n-áirítear an fhéidearthacht d'údaráis inniúla an Bhallstáit brataí, i gcás inarb iomchuí, na sonraí atá ar fáil a fhorlíonadh sula ndéanfar iad a mhalartú.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis agus/nó uainiú na faisnéise atá le taifeadadh
Uimhir aitheantais uathúil	É	Aitheantas uathúil na tuarascála ar ghníomhaíochtaí.
Aitheantas soithigh		I gcás oibríochtaí iascaireachta péire, déanfar an fhaisnéis chéanna maidir leis an dara soitheach iascaireachta a thaifeadadh freisin.
(1) Uimhir CFR	ÉMI	CFR, nuair a éilítear é de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218.
(2) Cláruimhir inmheánach	ÉMI	I gcás aon soitheach eile, ní mór cláruimhir náisiúnta uathúil a sholáthar ina ionad sin.
(3) UVI	ÉMI	Uimhir IMO, i gcás ina bhfuil aitheantóir den sórt sin ag an soitheach.
(4) IRCS	ÉMI	Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió, i gcás ina bhfuil aitheantóir den sórt sin ag an soitheach.
(5) Ainm an tsoithigh	ÉMI	Ainm an tsoithigh, i gcás ina mbeidh sé ar fáil.
(6) Aitheantas Seachtrach	É	Litreacha agus uimhir/uimhreacha calafoirt, i gcomhréir le hAirteagal 7(1)(a) den Rialachán seo.
(7) Uimhreacha ERBI	ÉMI	Cuirfear cláruimhir CGIM, CICTA agus ERBInna ábhartha eile ar fáil do shoithí iascaireachta a dhéanann gníomhaíochtaí iascaireachta rialáilte in uiscí a bhainistíonn na ERBInna sin.
(8) Ainm agus seoladh an mháistir	É	Ainm agus seoladh mionsonraithe an mháistir (ainm sráide, uimhir, cathair, cód poist, Ballstát nó tríú tír).
Faisnéis faoin turas		
(9) Dáta, am agus calafort nó áit cur i dtír an imeachta agus an fhillte	É	Déanfar an t-imeacht a thaifeadadh sa logleabhar iascaireachta sula bhfágfaidh an soitheach gabhála an calafort nó an áit cur i dtír. Déanfar an filleadh a thaifeadadh sa logleabhar iascaireachta láithreach sula rachaidh an soitheach gabhála isteach sa chalafort nó sula sroichfidh sí an áit cur i dtír.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis agus/nó uainiú na faisnéise atá le taifeadadh
		Déanfar an dáta agus an t-am (lena n-áirítear uaireanta an chloig agus nóiméid ar a laghad) a thaifeadadh in AUL. Déanfar an calafort nó an áit cur i dtír a thaifeadadh trí na cóid arna bhfoilsiú ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh a úsáid.
(10) Uimhir aitheantais uathúil le haghaidh turas iascaireachta (aitheantas an turais)	É	Aitheantas an turais iascaireachta san Aontas. I gcás ina bhfuil aitheantas turais sonrach tríú tír nó ERBI ag teastáil, cuirfear aitheantas an turais sin ar fáil freisin.
Faisnéis maidir leis an trealamh iascaireachta		Cuirfear faisnéis maidir leis an trealamh ar fáil tráth imeachta ó chalafort agus fillte ar an gcalafort, agus maidir le haon ghníomhaíocht ina n-úsáidtear trealamh iascaireachta. I gcás ina mbeidh gabhálacha agus ábhar muirí aischurtha á dtuairisciú ag máistir an tsoithigh in aghaidh na hoibríochta iascaireachta (an tarlú in aghaidh an tarlaithe), déanfar an fhaisnéis maidir leis an trealamh iascaireachta a thuairisciú in aghaidh na hoibríochta iascaireachta (tarlú). I gcás ina mbeidh gabhálacha comhiomlánaithe lena gcumhdaítear roinnt oibríochtaí iascaireachta á dtuairisciú ag máistir an tsoithigh (tarluithe), déanfar an fhaisnéis maidir leis an trealamh iascaireachta a thuairisciú le haghaidh na tréimhse comhiomlánaithe.
(11) An cineál trealaimh	É	Léireofar an cineál trealaimh trí na cóid sa liosta cód GEAR_TYPE a úsáid mar a shainmhínítear ar an gClár Máistirshonraí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.
(12) Mogallmhéid	ÉMI agus trealamh mogaill á úsáid	Tabharfar é ina mhilliméadair (mogall sínte).
(13) Cineál mogaill	ÉMI agus trealamh mogaill á úsáid	An cineál mogaill a úsáidtear (e.g. cearnógach, diamant) Úsáidfear na cóid cineáil mogaill atá le fáil ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh.
(14) Toise an trealaimh	É	Déanfar toisí an trealaimh agus an tsonraíocht theicniúil, amhail an mhéid agus an líon a thabhairt i gcomhréir leis na sonraíochtaí a leagtar amach i gcolún 2 d'Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán seo.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis agus/nó uainiú na faisnéise atá le taifeadadh
		I gcás ina n-úsáidtear sásanna trealaimh, FADanna, Feistí Fuaimchiaptha, mar a shainmhínítear in Airteagal 6(44) de Rialachán (AE) 2019/1241, nó gairis eile, lena n-áirítear gairis lena gceadaítear maoluithe a úsáid, mar shampla, ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, tuairisceofar iad freisin. Úsáidfear cóid na bhfeistí trealaimh atá le fáil ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh.
(15) Líon oibríochtaí iascaireachta	É	Líon oibríochtaí iascaireachta. I gcás ina mbeidh gabhálacha agus ábhar muirí aischurtha á dtuairisciú in aghaidh na hoibríochta iascaireachta (an tarlú in aghaidh an tarlaithe) ag máistir an tsoithigh, is é 1 an líon oibríochtaí iascaireachta a bheidh ann. I gcás ina mbeidh gabhálacha comhiomlánaithe lena gcumhdaítear roinnt oibríochtaí iascaireachta á dtuairisciú ag máistir an tsoithigh (tarluithe), is éard a bheidh sa líon oibríochtaí iascaireachta an líon oibríochtaí (tarluithe) aonair a dhéanfar le linn na tréimhse comhiomlánaithe.
(16) Doimhneacht	ÉMI i gcás ina rialaítear doimhneacht iascaireachta sa limistéar ina ndéantar an oibríocht	Déanfar an doimhneacht iascaireachta a thaifeadadh mar mheán-doimhneacht agus ina méadair.
(17) Faisnéis faoi threalamh a cailleadh ar muir	ÉMI i gcás trealamh iascaireachta a cailleadh ar muir	Déanfar an dáta agus an t-am measta (lena n-áirítear uaireanta an chloig agus nóiméid ar a laghad) a thaifeadadh in AUL. Déanfar an suíomh geografach a thaifeadadh trí chomhordanáidí domhanleithid agus domhanfhaid ar an gCóras Geodasach Domhanda 1984 a úsáid le cruinneas 4 ionad dheachúlacha, agus earráid suímh is lú ná 50 méadar. Taifeadfar an fhaisnéis seo a leanas freisin: — cineál agus garthoisí an trealaimh a cailleadh; — na bearta a rinneadh chun an trealamh a cailleadh a aisghabháil.
Faisnéis faoin ngníomhaíocht		Coinneoidh máistir nó máistrí na soithí gabhála uile atá rannpháirteach in oibríocht iascaireachta péire logleabhar iascaireachta ina sonrófar na cainníochtaí a ghabhtar agus a choinnítear ar bord sa chaoi nach ndéanfar aon chomhaireamh dúbailte ar ghabhálacha.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis agus/nó uainiú na faisnéise atá le taifeadadh
(18) Dáta agus am na gníomhaíochta	É	Déanfar dáta agus am na gníomhaíochta a thaifeadadh sa logleabhar tar éis an ghníomhaíocht a chríochnú. Déanfar an dáta agus an t-am (lena n-áirítear uaireanta an chloig agus nóiméid ar a laghad) a thaifeadadh in AUL. I gcás ina mbeidh gabhálacha agus ábhar muirí aischurtha á dtuairisciú in aghaidh na hoibríochta iascaireachta (an tarlú in aghaidh an tarlaithe) ag máistir an tsoithigh, déanfar dáta agus am dheireadh gach oibríochta a thaifeadadh. Is é deireadh na hoibríochta an uair a aisghabhfar an trealamh ina iomláine agus an uair a bheidh sé ar bord. Agus trasloingsithe á dtuairisciú, déanfar dáta agus am dheireadh na gníomhaíochta a thaifeadadh. Agus gabhálacha á dtuairisciú, déanfar dáta agus am thús (i gcás ina maireann an ghníomhaíocht níos mó ná 24 uair an chloig) agus dheireadh na gníomhaíochta a thaifeadadh.
(19) Aga iascaireachta	R	Déanfar an t-am iomlán arna chaitheamh le haghaidh na ngníomhaíochtaí uile i dtaobh oibríochtaí iascaireachta (éisc a chuardach, trealaimh ghníomhacha a chur amach ar an uisce, a tharraingt agus a tharraingt isteach, trealaimh éighníomhacha a shocrú, a mhaothú, a bhaint nó a athshocrú agus aon ghabháil a bhaint den trealamh, de na rí-eangacha nó den chaighean iompair agus a aistriú chuig caighin ramhraithe agus feirmeoireachta) a thabhairt ina nóiméid agus is ionann é agus an líon uaireanta an chloig ar muir lúide an t-am arna chaitheamh ag taisteal go dtí, idir agus ar ais ó na meánna, i mbun seachanta, neamhghníomhach, nó ag fanacht le deisiú.
(20) Ionad na gníomhaíochta	ÉMI i gcás soitheach ar mó ná 12 m a fad foriomlán	Suíomh geografach gach gníomhaíochta agus úsáid á baint as comhordanáidí domhanleithid agus domhanfhaid ar an gCóras Geodasach Domhanda 1984 le cruinneas 4 ionad dheachúlacha, agus earráid suímh is lú ná 50 méadar,
(21) Limistéar geografach na gabhála	É	Déanfar limistéar geografach ábhartha na gabhála nó limistéir gheografacha ábhartha na gabhála a thuairisciú le haghaidh gach gníomhaíochta iascaireachta ina dtuairiscítear gabhálacha. I gcás gabhálacha a thuairiscítear i dtuarascálacha trasloingsithe agus tabhairt i dtír, déanfar an limistéar geografach a thuairisciú ar an mbealach céanna a thuairiscítear é i gcás oibríochtaí iascaireachta.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis agus/nó uainiú na faisnéise atá le taifeadadh
		Ciallaíonn an limistéar geografach ábhartha an limistéar inar gabhadh formhór na gabhála le linn oibríocht iascaireachta agus déanfar é a thuairisciú ar an leibhéal is mionsonraithe atá ar fáil. I gcás nach mbeidh an máistir in ann a chinneadh cén áit ina ndearnadh an chuid is mó den ghabháil le linn oibríocht amháin, is é an limistéar ina ndearnadh formhór na hoibríochta iascaireachta (am) sin an limistéar geografach ábhartha. Is iad seo a leanas na limistéir gheografacha ábhartha atá le tuairisciú: — Limistéar FAO ar an leibhéal is mionsonraithe — In uiscí an Atlantaigh Thiar Thuaidh lena n-áirítear NAFO (limistéar FAO 21) suas go foroinn agus aonad CITM i gcás ina mbeidh fáil orthu (e.g. 21.5.Z.e.u, 21.5.Z.c, 21.3.M); — In uiscí an Atlantaigh Thoir Thuaidh lena n-áirítear NEAFC (limistéar FAO 27) suas go foroinn agus aonad CITM i gcás ina mbeidh fáil orthu (e.g. 27.4.c, 27.3.a.n, 27.5.b.1.a, 27.3.d.28.1). — In uiscí na Meánmhara agus na Mara Duibhe (limistéar FAO 37), suas go roinn CITM (e.g. 37.1.2); — In uiscí an Atlantaigh Thoir Láir lena n-áirítear CIATL (limistéar FAO 34), suas go foroinn FAO (e.g. 34.3.5, 34.1.1.3); — In uiscí an Aigéin Antartaigh agus an Aigéin Indiaigh Theas agus san Aigéan Ciúin Thoir Theas (limistéir FAO 58 agus 87), suas go foroinn FAO (e.g. 58.4.4.b, 87.3.1.2); — In uiscí an Atlantaigh Thiar Theas, an Atlantaigh Thoir Theas agus an Aigéin Indiaigh Thoir (limistéir FAO 41, 47, 57), suas go roinn CITM (e.g. 41.3.2, 47.1.6, 47.C.1, 58.5.1); — I gcás na limistéar FAO eile, suas go folimistéar FAO i gcás ina mbeidh fáil air (e.g. 48.4, 51.2, 18, 31, 61, 67, 71, 77, 81); — Dronuilleog staidrimh (i gcás inarb ann di ([1])); — In uiscí an Atlantaigh Thoir Thuaidh (limistéar FAO 27): Dronuilleog staidrimh CITM (e.g. 37F1, 19D9). — In uiscí na Meánmhara agus na Mara Duibhe (limistéar FAO 37): Dronuilleog staidrimh CGIM (e.g. M27B9);

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis agus/nó uainiú na faisnéise atá le taifeadadh
		— Limistéar CGIM (i gcás inarb ann dó ([2])) — In uiscí na Meánmhara agus na Mara Duibhe (limistéar FAO 37), suas go fo-limistéar geografach CGIM. (e.g. .7, 11.1). — limistéar iascaireachta tríú tír nó an mhórmhuir (lasmuigh de cheannasacht nó dlínse aon Stáit). — limistéar ábhartha ERBI, agus gníomhaíochtaí iascaireachta á ndéanamh atá faoi réir rialacha na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh. Úsáidfear na cóid limistéir atá le fáil ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh.
(22) Gabhálacha a ghabhtar agus a choinnítear ar bord	É	Tuairisceofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad maidir leis na gabhálacha a ghabhtar agus a choinnítear ar bord: — Cód Alfa-3 FAO an speicis. Úsáidfear an cód MZZ chun gabhálacha nialais a thuairisciú; — An choibhéis bheomheáchain mheasta ina cileagraim agus/nó, i gcás inarb iomchuí, an líon aonán ([3]); — Aicme mhéide: De mhéid dhleathach nó faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe. Sna cainníochtaí, cuimseofar cainníochtaí arna gcur i leataobh lena gcaitheamh ag criú an tsoithigh. I gcás ina gcoimeádtar gabhálacha i gciseáin, i mboscaí, in araidí, i gcartáin, i saic, i málaí, i mbloic nó i gcoimeádáin eile, déanfar glanmheáchan an aonaid arna úsáid a thaifeadadh ina chileagraim de bheomheáchan freisin, agus déanfar líon beacht na n-aonad sin a thaifeadadh. I gcás ina ndearnadh gabhálacha a mheá trí chórais atá formheasta ag údaráis inniúla na mBallstát a úsáid, déanfar toradh na meáite, arna shloinneadh ina chileagraim de bheomheáchain le haghaidh gach speicis, a thaifeadadh mar an chainníocht mheasta. Cuirfear in iúl an ndearnadh gabhálacha a mheá ar bord chun críocha Airteagal 60(3)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Úsáidfear na cóid speiceas atá le fáil ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis agus/nó uainiú na faisnéise atá le taifeadadh
(23) Ábhar muirí aischurtha measta	É	Tuairisceofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad maidir leis na gabhálacha a aischuirtear: — Cód Alfa-3 FAO an speicis. Úsáidfear an cód MZZ chun gabhálacha nialais a thuairisciú; — An choibhéis bheomheáchain mheasta ina cileagraim agus/nó, i gcás inarb iomchuí, an líon aonán ([3]). Cainníochtaí gach speicis a aischuirtear, cibé acu a thairbhíonn siad sin de dhíolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír nó nach dtairbhíonn ([4]), déanfar é a thaifeadadh ar leithligh tríd an gcód DISCARDED a úsáid. Áirítear leis sin speicis a aischuirtear agus a thógtar chun críoch baoite bheo agus a thaifeadtar sa logleabhar. Déanfar cainníochtaí gach speicis a aischuirtear a bhfuil feidhm ag díolúintí *de minimis* go sonrach maidir leo a thaifeadadh ar leithligh tríd an gcód *DEMINIMIS* a úsáid. Déanfar an chúis atá leis an ábhar muirí aischurtha a thaifeadadh freisin trí na cóid ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin an Choimisiúin a úsáid.
(24) Gabhálacha, foghabhálacha de thaisme agus scaoileadh saor orgánach nó ainmhithe muirí eile	ÉMI i limistéar CGIM	Déanfar an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh ar leithligh freisin: — Gabhálacha laethúla coiréalaigh dheirg (lena n-áirítear limistéar agus doimhneacht), — Foghabháil de thaisme agus scaoileadh saor éan mara, — Foghabháil de thaisme agus scaoileadh saor rónta, — Foghabháil de thaisme agus scaoileadh saor turtar mara, — Foghabháil de thaisme agus scaoileadh saor céiticeach. Úsáidfear Cód Alfa-3 FAO an speicis. Déanfar na meáchain a thaifeadadh i gcoibhéis de bheomheáchain ina gcileagraim. Áiritheoidh an máistir go ndéanfar na meáchain a thaifeadtar ar leithligh a thuairisciú ar bhealach nach mbeidh aon chomhaireamh dúbailte ann. Déanfar foghabhálacha de thaisme ainmhithe muirí a thaifeadadh tríd an gcód BY_CATCH a úsáid. I gcás inarb infheidhme, déanfar ainmhithe muirí a scaoiltear saor san fharraige a thaifeadadh tríd an gcód ginearálta RELEASED a úsáid.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis agus/nó uainiú na faisnéise atá le taifeadadh
		Úsáidfear na cóid speiceas atá le fáil ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh.
(25) Foghabhálacha speiceas íogair	ÉMI i gcás foghabhálacha speiceas íogair	Déanfar ábhar muirí aischurtha speiceas íogair a thuairisciú lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad: — Cód Alfa-3 FAO an speicis; — Na cainníochtaí ina gcileagraim de bheomheáchain agus/nó, i gcás inarb iomchuí, an líon aonán ([3]). Déanfar an t-ábhar muirí aischurtha a thuairisciú ar leithligh i gcás gabhálacha a gortaíodh, a maraíodh agus a scaoileadh saor beo. Déanfar an chúis atá leis an ábhar muirí aischurtha a thaifeadadh freisin trí na cóid ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin an Choimisiúin a úsáid. Úsáidfear na cóid speiceas atá le fáil ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh.
(26) Gabhálacha a trasloingsíodh agus gabhálacha ar bord tar éis an trasloingsithe	ÉMI i gcás trasloingsithe	Tuairisceofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad maidir leis na táirgí iascaigh a trasloingsíodh agus na gabhálacha ar bord tar éis an trasloingsithe: — Cód Alfa-3 FAO an speicis; — Meáchan measta an táirge ina chileagraim; — An choibhéis bheomheáchain mheasta ina cileagraim agus/nó, i gcás inarb iomchuí, an líon aonán ([3]); — Fachtóir coinbhéartachta a úsáidtear chun an choibhéis bheomheáchain a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 28 den Rialachán seo le haghaidh táirgí iascaigh; — Cur i láthair na n-iasc trí na cóid i dtábla 1 d'Iarscríbhinn I a úsáid; — An stát próiseála trí na cóid i dtábla 2 d'Iarscríbhinn I a úsáid; — Aicme mhéide: De mhéid dhleathach nó faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe; — An limistéar geografach inar gabhadh na gabhálacha. Nuair a bheidh táirgí iascaigh trasloingsithe, agus má rinneadh iad a mheá trí úsáid a bhaint as córais a bhí formheasta ag údaráis inniúla na mBallstát, ar an soitheach gabhála, ar an soitheach deontóra nó ar an soitheach iascaireachta glactha, déanfar toradh mheá na gcainníochtaí de gach speiceas ina gcileagraim de bheomheáchain a thaifeadadh mar an chainníocht mheasta.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis agus/nó uainiú na faisnéise atá le taifeadadh
		I gcásanna eile, soláthrófar meáchan measta an táirge (ina chileagraim). I gcás ina gcoimeádtar gabhálacha nó táirgí iascaigh i gciseáin, i mboscaí, in araidí, i gcartáin, i saic, i málaí, i mbloic nó i gcoimeádáin eile, déanfar glanmheáchan an aonaid arna úsáid a thaifeadadh ina chileagraim de mheáchan an táirge freisin, agus déanfar líon beacht na n-aonad sin a thaifeadadh. I gcás ina dtrasloingsíonn soithí iascaireachta gabhálacha, seachas soithí gabhála, déanfar aitheantas uathúil an turais iascaireachta a bhaineann leis na gabhálacha a thaifeadadh freisin. Úsáidfear na cóid speiceas atá le fáil ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh.
(27) Gabhálacha a thugtar i dtír	ÉMI i gcás tabhairt i dtír	Tuairisceofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad maidir leis na táirgí iascaigh a thugtar i dtír: — Cód Alfa-3 FAO an speicis; — Meáchan an táirge ina chileagraim i gcás táirgí iascaigh; — An choibhéis bheomheáchain ina cileagraim agus/nó, i gcás inarb iomchuí, an líon aonán ([3]); — Fachtóir coinbhéartachta a úsáidtear chun an choibhéis bheomheáchain a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 28 den Rialachán seo le haghaidh táirgí iascaigh; — Cur i láthair na n-iasc trí na cóid i dtábla 1 d'Iarscríbhinn I a úsáid i gcás táirgí iascaigh; — An stát próiseála trí na cóid i dtábla 2 d'Iarscríbhinn I a úsáid i gcás táirgí iascaigh; — Aicme mhéide: De mhéid dhleathach nó faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe; — Aitheantas uathúil an turais iascaireachta a bhaineann leis na gabhálacha; — An limistéar geografach inar gabhadh na gabhálacha. Gan dochar do thorthaí cigireachta, nuair a dhéanfar táirgí iascaigh a mheá trí úsáid a bhaint as córais atá formheasta ag údaráis inniúla na mBallstát, ar an soitheach gabhála, ar an soitheach deontóra nó ar an soitheach iascaireachta glactha, déanfar meáchan iarbhír na gcainníochtaí a tugadh i dtír a léiriú ina chileagraim de mheáchan an táirge agus ina choibhéis bheomheáchain.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis agus/nó uainiú na faisnéise atá le taifeadadh
		I gcás ina gcoimeádtar táirgí iascaigh i gciseáin, i mboscaí, in araidí, i gcartáin, i saic, i málaí, i mbloic nó i gcoimeádáin eile, déanfar glanmheáchan an aonaid arna úsáid a thaifeadadh ina chileagraim de mheáchan an táirge freisin, agus déanfar líon beacht na n-aonad sin a thaifeadadh. Úsáidfear na cóid speiceas atá le fáil ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh.
(28) Gabhálacha agus táirgí iascaigh a choinnítear ar bord tráth an imeachta	ÉMI	I gcás ina gcoinnítear gabhálacha ó thuras roimhe sin ar bord tráth imeachta ó chalafort nó ó áit cur i dtír, tuairisceofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad maidir leis na gabhálacha agus na táirgí iascaigh: — Cód Alfa-3 FAO an speicis; — Meáchan measta an táirge ina chileagraim i gcás táirgí iascaigh; — An choibhéis bheomheáchain mheasta ina cileagraim agus/nó, i gcás inarb iomchuí, an líon aonán ([3]); — Fachtóir coinbhéartachta a úsáidtear chun an choibhéis bheomheáchain a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 28 den Rialachán seo le haghaidh táirgí iascaigh; — Cur i láthair na n-iasc trí na cóid i dtábla 1 d'Iarscríbhinn I a úsáid i gcás táirgí iascaigh; — An stát próiseála trí na cóid i dtábla 2 d'Iarscríbhinn I a úsáid i gcás táirgí iascaigh; — Aicme mhéide: De mhéid dhleathach nó faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe; — Aitheantas uathúil an turais iascaireachta a bhaineann leis na gabhálacha; — An limistéar geografach inar gabhadh na gabhálacha. I gcás ina gcoimeádtar táirgí iascaigh i gciseáin, i mboscaí, in araidí, i gcartáin, i saic, i málaí, i mbloic nó i gcoimeádáin eile, déanfar glanmheáchan an aonaid arna úsáid a thaifeadadh ina chileagraim de mheáchan an táirge freisin, agus déanfar líon beacht na n-aonad sin a thaifeadadh. I gcás ina ndearnadh gabhálacha a mheá trí chórais atá formheasta ag údaráis inniúla na mBallstát a úsáid, déanfar toradh na meáite, arna shloinneadh ina chileagraim de bheomheáchain le haghaidh gach speicis, a thaifeadadh mar an chainníocht mheasta.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis agus/nó uainiú na faisnéise atá le taifeadadh
		Úsáidfear na cóid speiceas atá le fáil ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh.
(29) Gabhálacha a thuairiscítear i réamhfhógraí	É	Tuairisceofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad maidir leis na gabhálacha ar bord agus na gabhálacha atá le trasloingsiú nó le tabhairt i dtír: — Cód Alfa-3 FAO an speicis. Úsáidfear an cód MZZ chun gabhálacha nialais a thuairisciú; — Meáchan measta an táirge ina chileagraim i gcás táirgí iascaigh; — An choibhéis bheomheáchain mheasta ina cileagraim; — Fachtóir coinbhéartachta a úsáidtear chun an choibhéis bheomheáchain a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 28 den Rialachán seo le haghaidh táirgí iascaigh; — Cur i láthair na n-iasc trí na cóid i dtábla 1 d'Iarscríbhinn I a úsáid i gcás táirgí iascaigh; — An stát próiseála trí na cóid i dtábla 2 d'Iarscríbhinn I a úsáid i gcás táirgí iascaigh; — Aicme mhéide: De mhéid dhleathach nó faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe; — Aitheantas uathúil an turais iascaireachta a bhaineann leis na gabhálacha; — An limistéar geografach inar gabhadh na gabhálacha. I gcás ina gcoimeádtar gabhálacha nó táirgí iascaigh i gciseáin, i mboscaí, in araidí, i gcartáin, i saic, i málaí, i mbloic nó i gcoimeádáin eile, déanfar glanmheáchan an aonaid arna úsáid a thaifeadadh ina chileagraim de bheomheáchan freisin, agus déanfar líon beacht na n-aonad sin a thaifeadadh. I gcás gabhálacha atá le trasloingsiú nó le tabhairt i dtír ag soithí iascaireachta, seachas soithí gabhála, déanfar aitheantas uathúil an turais iascaireachta a bhaineann leis na gabhálacha a thaifeadadh freisin. I gcás trasloingsithe, tuairisceoidh an soitheach deontóra agus an soitheach glactha araon an fógra sin.
(30) Dáta agus am a cuireadh tús agus a cuireadh deireadh leis an meá	ÉMI i gcás tabhairt i dtír	Déanfar an dáta agus an t-am a cuireadh tús (nuair a thógann an mheá níos faide ná 24 uair an chloig) agus a cuireadh deireadh leis an meá a thaifeadadh sa logleabhar. Déanfar an dáta agus an t-am (lena n-áirítear uaireanta an chloig agus nóiméid ar a laghad) a thaifeadadh in AUL.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis agus/nó uainiú na faisnéise atá le taifeadadh
(31) Ainm nó uimhir aitheantais an oibreora (atá freagrach as an meá)	ÉMI i gcás tabhairt i dtír	Ainm nó uimhir aitheantais an oibreora dá dtagraítear in Airteagal 60(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.
Faisnéis a thuairiscítear sa logleabhar maidir le fógraí faoi dhul isteach i limistéar/imeacht as limistéar	ÉMI	Ní mór í a thuairisciú ar dhul isteach in uiscí tríú tír nó i limistéir ERBI nó ar imeacht as uiscí tríú tír nó as limistéir ERBI.
(32) Dáta agus am a théitear isteach/a imítear	É	Maidir le gach uair a théitear isteach in uiscí atá faoi dhlínse tríú tír nó i limistéar atá faoi bhainistíocht ERBI agus gach uair a imítear astu, déanfar an t-am a thrasnaítear an líne a thaifeadadh. Déanfar an dáta agus an t-am (lena n-áirítear uaireanta an chloig agus nóiméid ar a laghad) a thaifeadadh in AUL. Déanfar dáta agus am tharchur na faisnéise sin ón soitheach chuig an stát brataí a thaifeadadh agus a thuairisciú freisin.
(33) Limistéar	É	Cód an limistéir atá faoi dhlínse tríú tír nó atá faoi bhainistíocht ERBI. Úsáidfear na cóid atá ar fáil sa Chlár Máistirshonraí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.
(34) Gabhálacha ar bord	É	Tuairisceofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad maidir leis na gabhálacha ar bord: — Cód Alfa-3 FAO an speicis, úsáidfear an cód MZZ chun gabhálacha nialais a thuairisciú; — An choibhéis bheomheáchain (mheasta) ina cileagraim; — Aicme mhéide: De mhéid dhleathach nó faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe; — An limistéar geografach inar gabhadh na gabhálacha.
(35) An suíomh a ndeachthas isteach sa limistéar/ar imíodh as	É	An suíomh geografach trína ndeachthas isteach sa limistéar nó trínar imíodh as trí chomhordanáidí domhanleithid agus domhanfhaid ar an gCóras Geodasach Domhanda 1984 a úsáid le cruinneas 4 ionad dheachúlacha, agus earráid suímh is lú ná 50 méadar. Déanfar an suíomh tráth tharchur na faisnéise sin ón soitheach chuig an stát brataí a thaifeadadh agus a thuairisciú freisin.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis agus/nó uainiú na faisnéise atá le taifeadadh
(36) Spriocspeiceas	ÉMI	I gcás ina n-éilíonn an páirtí a bhainistíonn an t-iascach sa limistéar a dtarchuirfear an fógra ina leith é. Cód Alfa-3 FAO an speicis.
(37) An ghníomhaíocht atá beartaithe	ÉMI	I gcás ina n-éilíonn an páirtí a bhainistíonn an t-iascach sa limistéar a dtarchuirfear an fógra ina leith é. Tráth a théitear isteach i limistéar, déanfar an ghníomhaíocht atá beartaithe laistigh den limistéar a thuairisciú. Úsáidfear na cóid atá ar fáil sa Chlár Máistirshonraí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.
Faisnéis a thuairiscítear sa logleabhar faoin iarracht iascaireachta		
(38) Dáta agus am a théitear isteach/a imítear	É	Maidir le gach uair a théitear isteach i limistéar iarrachta nó gach uair a imítear as, déanfar an dáta agus an t-am a thrasnaítear an líne a thaifeadadh. Déanfar an dáta agus an t-am (lena n-áirítear uaireanta an chloig agus nóiméid ar a laghad) a thaifeadadh in AUL. Agus gníomhaíochtaí tras-limistéir á ndéanamh ([5]), déanfar an dáta agus an t-am a théitear isteach den chéad uair agus a imítear as den uair dheireanach a thaifeadadh le haghaidh gach lae.
(39) Limistéar iarrachta	É	Cód an limistéir iarrachta. Úsáidfear na cóid atá ar fáil sa Chlár Máistirshonraí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.
(40) Gabhálacha ar bord	É	Tuairisceofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad maidir leis na gabhálacha ar bord: — Cód Alfa-3 FAO an speicis. Úsáidfear an cód MZZ chun gabhálacha nialais a thuairisciú; — An choibhéis bheomheáchain (mheasta) ina cileagraim; — Aicme mhéide: De mhéid dhleathach nó faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe; — An limistéar geografach inar gabhadh na gabhálacha.
(41) An suíomh a ndeachthas isteach sa limistéar/ar imíodh as	É	Suíomh geografach gach gníomhaíochta agus úsáid á baint as comhordanáidí domhanleithid agus domhanfhaid ar an gCóras Geodasach Domhanda 1984 le cruinneas 4 ionad dheachúlacha, agus earráid suímh is lú ná 50 méadar. Agus gníomhaíochtaí tras-limistéir á ndéanamh ([27]), déanfar an suíomh a ndeachthas isteach sa limistéar den chéad uair agus ar imíodh as den uair dheireanach a thaifeadadh le haghaidh gach lae.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis agus/nó uainiú na faisnéise atá le taifeadadh
(42) Speiceas nó grúpa speiceas	ÉMI agus é beartaithe acu oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh	An speiceas nó an grúpa speiceas, mar a shainmhínítear sa scéim iarrachta ábhartha. Úsáidfear na cóid atá ar fáil sa Chlár Máistirshonraí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.
(43) An ghníomhaíocht atá beartaithe	É	Tuairisceofar an ghníomhaíocht atá beartaithe a dhéanamh laistigh den limistéar. Úsáidfear na cóid atá ar fáil sa Chlár Máistirshonraí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.
(44) Ionad gach tacair/tarlaithe	ÉMI úsáideann an soitheach gléas éighníomhach	Suíomh geografach gach socraithe, athshocraithe nó tarlaithe agus úsáid á baint as comhordanáidí domhanleithid agus domhanfhaid ar an gCóras Geodasach Domhanda 1984 le cruinneas 4 ionad dheachúlacha, agus earráid suímh is lú ná 50 méadar.

([1]) Soláthraítear greille le dronuilleoga staidrimh CITM, ar greille í a chumhdaíonn an limistéar idir 36° T agus 85° 30′ T agus 44° I agus 68° 30′ O. Uimhrítear rónna domhanleithid (dhá dhigit), le heatraimh 30′, ó 01 go 99. Déantar colúin domhanleithid, le heatraimh de 1°, a chódú de réir córas alfa-uimhriúil, ó A0 le litir éagsúil do gach bloc 10°, go dtí M8, seachas I.

([2]) Is cód cúig dhigit í uimhir na dronuilleoige i ngreille staidrimh CGIM: (i) Cumhdaítear domhanleithead le cód atá comhdhéanta de thrí dhigit (litir amháin agus dhá uimhir). Raon uasta ó M00 (30° T) suas go dtí M34 (47° 30′ T), (ii) cumhdaítear domhanfhad le cód comhdhéanta de litir agus uimhir. Téann an raon litreacha ó A go J agus an raon uimhreacha in aghaidh na litreach ó 0 go 9. Raon uasta ó A0 (6° I) suas go dtí J5 (42° O).

([3]) I Muir Bhailt (i gcás bradán, agus sa chás sin amháin) agus i limistéar CGIM (i gcás tuinníní, colgán agus siorcanna mórimirceacha, agus sa chás sin amháin) agus, i gcás inarb infheidhme, i limistéir eile, déanfar an líon iasc a ghabhtar in aghaidh na hoibríochta iascaireachta a thaifeadadh freisin.

([4]) Díolúintí ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír: amhail dá dtagraítear in Airteagal 15(4) agus 15(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh agus arna leasú le Rialachán (AE) 2015/812 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015, iad seo a leanas go háirithe:
- speicis ar ina leith atá toirmeasc ar iascaireacht agus a shainaithnítear amhlaidh i ngníomh dlí de chuid an Aontais a glacadh i réimse an Chomhbheartais Iascaigh,
- speicis a bhfuil fianaise eolaíoch ann maidir lena rátaí arda slánaithe, agus saintréithe an trealaimh, na nósanna iascaireachta agus an éiceachórais á gcur san áireamh,
- gabhálacha a thagann faoi dhíolúintí *de minimis*,
- éisc a bhfuil an chuma orthu go ndearna creachadóirí damáiste dóibh.

([5]) Ciallaíonn gníomhaíocht tras-limistéir go bhfanann an soitheach laistigh de limistéar nach mó ná 5 mhuirmhíle ar an dá thaobh den líne lena scartar dhá limistéar iarrachta.

IARSCRÍBHINN XVI

NA CÓID DON TREALAMH AGUS DO NA hOIBRÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA

An cineál trealaimh	Colún 1 Cód	Colún 2 Íoscheanglais maidir le méid/líon (méadair) (éigeantach mura sonraítear a mhalairt)
Tráil		
Trál dobharchú grinnill	OTB	Samhail de thrál (roghnach) agus imlíne na hoscailte
Trál chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath	TBN	
Trál séaclaí	TBS	
Trál grinnill dhá bhád	PTB	
Trál bíoma	TBB	Fad bíoma gach bíoma agus an líon bíomaí a tharraingíonn an soitheach
Déthrál dobharchú grinnill	OTT	Samhail de thrál (roghnach); imlíne oscailt gach tráil; agus an líon trál arna dtarraingt go comhuaineach ag an soitheach
Iltrál dobharchú grinnill	OTP	
Trál grinnill (gan sonrú in áit eile)	TB	
Trál dobharchú meánuisce	OTM	Samhail de thrál (roghnach); agus imlíne na hoscailte
Trál meánuisce dhá bhád	PTM	
Saighní		
Saighean Dhanmhargach	SDN	Fad foriomlán agus airde uasta na línte saighne
Saighean Albanach (eangach shaighne)	SSC	
Saighean dhá bhád	SPR	
Eangacha peas-saighne (gan sonrú in áit eile)	SX	
Saighean báid nó soithigh	SV	
Saighean trá	BS	
Eangacha timpeallaithe		
Peas-saighean	PS	Fad agus (airde uasta) na n-eangach
Peas-saighean arna hoibriú ag aon bhád amháin	PS1	
Peas-saighean arna hoibriú ag dhá bhád	PS2	

An cineál trealaimh	Colún 1 Cód	Colún 2 Íoscheanglais maidir le méid/líon (méadair) (éigeantach mura sonraítear a mhalairt)
Gan pheaslíonta (lampara)	LA	
Eangacha timpeallaithe (gan sonrú in áit eile)	SUX	
Eangacha ardaithe		
Eangacha ardaithe iniompartha	LNP	Imlíne uasta gach eangaí agus an líon eangach a úsáidtear (más mó ná 1)
Eangacha ardaithe a oibrítear ó bhád	LNB	
Líonta crochta do-aistrithe ar chladach	LNS	
Eangacha ardaithe (gan sonrú in áit eile)	LN	
Trealamh titimeach		
Eangacha caitheamh amach	FCN	Imlíne uasta gach eangaí/gairis agus an líon eangach/gléasanna a úsáidtear (más má nó 1)
Potaí cumhdaigh/Eangacha laindéir	FCO	
Trealamh titimeach (gan sonrú in áit eile)	FG	
Dreidirí		
Dreidire tarraingthe	DRB	Leithead gach dreidire agus an líon dreidirí a úsáidtear (más mó ná 1)
Dreidire láimhe	DRH	
Dreidire meicniúil	DRM	
Dreidire (gan sonrú in áit eile)	DRX	
Eangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin		
Eangacha geolbhaigh (gan sonrú in áit eile)	GN	Fad foriomlán ([1]) agus airde na n-eangach
Eangacha geolbhaigh ar ancaire (socraithe)	GNS	
Eangacha geolbhaigh (srutha)	GND	
Eangacha geolbhaigh (ciorclaithe)	GNC	
Eangacha geolbhaigh seasta (ar chuaillí)	GNF	
Eangacha geolbhaigh agus traimil in éineacht	GTN	

An cineál trealaimh	Colún 1 Cód	Colún 2 Íoscheanglais maidir le méid/líon (méadair) (éigeantach mura sonraítear a mhalairt)
Traimlí	GTR	
Eangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin (gan sonrú in áit eile)	GEN	
Gaistí		
Potaí	FPO	An líon potaí (e.g., cléibh) a úsáidtear ([1])
Faidhclíonta	FYK	Fad agus airde fhoriomlán sciatháin agus eangacha treoraithe gach faidhclín; agus an líon faidhclíonta a úsáidtear
Eangacha stuála	FSN	Fad agus airde an fhráma
Bacainní, sconsaí, coraí etc.	FWR	Fad agus airde iomlán
Aerghaistí	FAR	Fad agus airde faoi uisce; fad agus airde san aer
Sáinneacha eangach seasta gan chlúdach	FPN	Fad agus airde fhoriomlán na sciathán agus na n-eangach treoraithe
Gaistí (gan sonrú in áit eile)	FIX	Toisí agus tuairisc ar gach trealamh; an líon trealaimh a úsáidtear
Duáin agus doruithe		
Doruithe láimhe agus doruithe cuaille (lámhoibrithe)	LHP	An líon iomlán doruithe ([1]); an líon iomlán duán ([1]); agus méid na nduán
Doruithe agus doruithe cuaille (meicniúla)	LHM	
Doruithe ingearacha	LVT	
Doruithe trollála	LTL	
Duáin agus doruithe (gan sonrú in áit eile)	LX	
Spiléir shocraithe	LLS	Fad foriomlán na ndoruithe ([1]); an líon iomlán duán ([1]); agus méid na nduán
Sruthspiléir	LLD	
Báid spiléireachta (gan sonrú in áit eile)	LL	
Trealamh ilghnéitheach		
Harpúin	HAR	Toisí agus tuairisc ar gach trealamh; an líon trealaimh a úsáidtear
Uirlisí láimhe (trealamh tarraingthe, clampaí, tlúnna, rácaí, sleánna)	MHI	
Caidéil	MPM	
Eangacha traschurtha	MPN	

An cineál trealaimh	Colún 1 Cód	Colún 2 Íoscheanglais maidir le méid/líon (méadair) (éigeantach mura sonraítear a mhalairt)
Eangacha scúip	MSP	
Eangacha loctha	MDR	
Tumadh	MDV	
Meaisíní buainte (gan sonrú in áit eile)	HMX	
Trealamh (gan sonrú in áit eile)	MIS	

([1]) I gcás ina mbeidh gabhálacha comhiomlánaithe lena gcumhdaítear roinnt oibríochtaí iascaireachta á dtuairisciú ag máistir an tsoithigh (tarluithe), déanfar an fhaisnéis maidir le toisí an trealaimh a thuairiscítear a charnadh, *i.e.* suim an iomláin a úsáidtear i ngach tarlú.

IARSCRÍBHINN XVII

CAIGHDEÁIN MAIDIR LE MALARTÚ SONRAÍ LEICTREONACHA

Tá an fhormáid le haghaidh malartú sonraí leictreonacha bunaithe ar chaighdeán P1000 NA/CEFACT. Déantar malartuithe sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó comhchosúla a ghrúpáil i bhfearainn agus sonraítear iad i ndoiciméid Sonraíochtaí Riachtanas Gnó (BRS).

Tá caighdeáin ar fáil dóibh seo a leanas:

P1000 – 1; Prionsabail Ghinearálta

P1000 – 2; Réimse an tsoithigh

P1000 – 3; Réimse na Gníomhaíochta Iascaireachta

P1000 – 5; An réimse díolacháin

P1000 – 7; Réimse ionad an tsoithigh

P1000 — 8; An réimse cigireachta agus faireachais

P1000 – 9; Réimse an Cheadúnais iascaireachta, an Údaraithe iascaireachta agus an Cheada iascaireachta

P1000 – 10; Réimsí an Mháistirchórais Bainistithe Sonraí

P1000 – 12; Réimse na Tuarascála maidir le Sonraí Comhiomlánaithe Gabhála

Tá na doiciméid BRS agus an t-aistriúchán i bhfoirm atá inléite ag ríomhaire (Sainiú Scéimre XML) le fáil ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh. Tá na doiciméid cur chun feidhme atá le húsáid le haghaidh an mhalartaithe sonraí ar fáil ar an suíomh gréasáin sin freisin.

IARSCRÍBHINN XVIII

LIOSTA DEN FHAISNÉIS ÍOSTA A BHEIDH MAR BHONN LEIS AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL MAIDIR LE RIALÚ AGUS CIGIREACHTAÍ I dTACA LE CUR I BHFEIDHM AIRTEAGAL 93B DE RIALACHÁN (CE) UIMH. 1224/2009

(1) Acmhainní atá ann cheana agus atá ar fáil le haghaidh rialaithe agus cigireachtaí

- (a) An líon soithí cigireachta le haghaidh cigireacht iascaigh
  - i. An líon soithí cigireachta tiomnaithe
  - ii. An líon soithí cigireachta neamhthiomnaithe
  - iii. Céatadán an ama arna chaitheamh ar rialú ar iascach
- (b) An líon aerárthaí oifigiúla chun rialú agus faireachas a dhéanamh ar iascach
  - i. An líon aerárthaí cigireachta tiomnaithe
  - ii. An líon aerárthaí cigireachta neamhthiomnaithe
  - iii. Céatadán na n-uaireanta oibríochtúla arna gcaitheamh ar rialú agus faireachas ar iascach
- (c) An líon córas aerárthaí cianrialaithe oifigiúil chun rialú agus faireachas a dhéanamh ar iascach
- (d) An líon modhanna rialaithe agus cigireachta eile chun rialú agus faireachas a dhéanamh ar iascach (sonraigh na cineálacha modhanna rialaithe agus cigireachta eile)
- (e) An líon daoine atá údaraithe le cigireachtaí a dhéanamh (coibhéis lánaimseartha)
- (f) An leithdháileadh buiséadach ar na hacmhainní atá ann cheana atá ar fáil chun rialú agus faireachas a dhéanamh ar iascach le haghaidh na gcatagóirí seo a leanas
  - i. Acmhainní daonna
  - ii. Trealamh (le haghaidh aon cheann de na pointí ó a. go d.)
  - iii. Oiliúint

(2) Rialú agus cigireachtaí a dhéantar

- (a) An líon rialuithe agus cigireachtaí a dhéantar ar muir
- (b) An líon rialuithe agus cigireachtaí a dhéantar ar thrasloingsithe
- (c) An líon rialuithe agus cigireachtaí a dhéantar i gcalafort/ar thabhairt i dtír
- (d) An líon rialuithe agus cigireachtaí a dhéantar ar mhargaí
- (e) An líon rialuithe agus cigireachtaí a dhéantar ar fheithiclí iompair
- (f) An líon rialuithe agus cigireachtaí a dhéantar ar shoithí coimhdeachta
- (g) An líon rialuithe agus cigireachtaí a dhéantar ar threalamh iascaireachta ar muir
- (h) An líon rialuithe agus cigireachtaí a dhéantar ar oibreoir a dhéanann iascaireacht gan soitheach
- (i) An líon rialuithe agus cigireachtaí a dhéantar ar fheirmeacha tuinníní gorma
- (j) An líon rialuithe agus cigireachtaí a dhéantar ar iascach áineasa ar muir
- (k) An líon rialuithe agus cigireachtaí a dhéantar nach gcumhdaítear le pointí a. go j. (Tabhair sonraí)

(3) Sáruithe a braitheadh agus a deimhníodh, lena n-áirítear sáruithe tromchúiseacha *(Sonraigh a) cineál gach sáraithe, agus b) an bunús dlí, c) sonraigh an duine dlítheanach nó nádúrtha a bhí i gceist leis an sárú, agus d) gníomhaíochtaí leantacha más infheidhme (i. smachtbhanna riaracháin/coiriúil ii) cineál an smachtbhanna tionlacain iii) tagairt do bheart forfheidhmiúcháin láithreach) e) An líon pointí más infheidhme (i. In aghaidh an mháistir ii. In aghaidh an tsealbhóra ceadúnais) f) ar feitheamh/dúnta/faoi chosc ama)*

- (a) An líon sáruithe a braitheadh

(b) An líon sáruithe tromchúiseacha a braitheadh

(c) An líon sáruithe a deimhníodh

(d) An líon sáruithe tromchúiseacha a deimhníodh

IARSCRÍBHINN XIX

TREORACHA CHUN NÓTA DÍOLACHÁIN A LÍONADH ISTEACH AGUS A CHUR ISTEACH

Déanfar an fhaisnéis íosta seo a leanas a thaifeadadh sa nóta díolacháin, i gcomhréir le hAirteagail 62 agus 64 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus le Teideal III, Caibidil IV den Rialachán seo. Tá an méid sin gan dochar d'aon cheanglas breise arna leagan síos faoi rialacha CBI nó ag údaráis náisiúnta Bhallstáit nó tríú tír, lena n-áirítear an fhéidearthacht d'údaráis inniúla an Bhallstáit brataí, i gcás inarb iomchuí, na sonraí atá ar fáil a fhorlíonadh sula ndéanfar iad a mhalartú.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis atá le taifeadadh
Aitheantas díolacháin		
(1) Uimhir aitheantais uathúil	É	Uimhir aitheantais uathúil le haghaidh an nóta díolacháin.
(2) Tír	É	An tír ina ndéantar na díolacháin, soláthrófar í i gcód tíre Alpha-3 ISO.
(3) Suíomh	É	An calafort nó an áit cur i dtír ina ndéantar an díolachán. Déanfar é a thaifeadadh trí úsáid a bhaint as cóid arna bhfoilsiú ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh.
(4) Praghas	É	Praghas iomlán an idirbhirt sa doiciméad seo, gan cánacha a chur san áireamh, arna shloinneadh mar luach airgeadúil le dhá dheachúil ar a mhéad, agus an t-airgeadra a úsáidtear.
(5) Seoltóir	É	Uimhir CBL an tseoltóra, uimhir aitheantais chánach an tseoltóra nó aitheantóir uathúil eile.
(6) Ainm an cheannaitheora	É	Ainm agus seoladh mionsonraithe (ainm sráide, uimhir, cathair, cód poist, Ballstát nó tríú tír) an chéad cheannaitheora (duine nádúrtha nó dlítheanach).
(7) Aitheantas an cheannaitheora	É	Uimhir CBL an cheannaitheora, uimhir aitheantais chánach an cheannaitheora nó aitheantóir uathúil eile.
(8) Ainm an tsoláthraí	É	Ainm agus seoladh mionsonraithe (ainm sráide, uimhir, cathair, cód poist, Ballstát nó tríú tír) an oibreora nó mháistir an tsoithigh gabhála agus, murab ionann iad, an fhaisnéis chéanna faoin gceannaitheoir.
(9) Aitheantas an tsoláthraí	É	Tabharfar uimhir CBL an tsoláthraí, uimhir aitheantais chánach an tsoláthraí nó aitheantóir uathúil eile.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis atá le taifeadadh
(10) Ainm an oibreora	É	Ainm agus seoladh mionsonraithe (ainm sráide, uimhir, cathair, cód poist, Ballstát nó tríú tír) nó uimhir aitheantais an oibreora atá freagrach as an meá faoi Airteagal 60(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.
(11) Dáta	É	An dáta a dhéantar na díolacháin. Déanfar é a thaifeadadh in AUL.
(12) An t-am	R	An t-am (lena n-áirítear uaireanta an chloig agus nóiméid ar a laghad) a dhéantar na díolacháin. Déanfar é a thaifeadadh in AUL.
(13) Baisc díolacháin	R	Tagairt don táirge éisc ábhartha.
(14) Tagairt an tsonraisc	R	Uimhir thagartha don sonrasc nó don chonradh díolacháin, arna sainiú ag an mBallstát ina ndéantar an t-idirbheart.
(15) Tagairt don dearbhú maidir le glacadh freagrachta	ÉMI	Tagairt don dearbhú ábhartha maidir le glacadh freagrachta.
(16) Aitheantas táirgí	É	Maidir leis na táirgí uile atá faoi réir comhchaighdeán margaíochta, tuairisceofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad: — Cód Alfa-3 FAO an speicis; — Meáchan an táirge ina chileagraim, arna mhiondealú de réir chur i láthair an táirge agus staid na próiseála, agus, i gcás inarb iomchuí, an líon aonán ([1]); — Úsáid/ceann scríbe na n-iasc. Déanfar é a thaifeadadh trí úsáid a bhaint as cóid arna bhfoilsiú ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh. I gcás speicis BMS, ní féidir a gcaitheamh go díreach ag an duine a bheith ina sprioc. — Cur i láthair na n-iasc trí na cóid i dtábla 1 d'Iarscríbhinn I a úsáid i gcás táirgí iascaigh; — An stát próiseála trí na cóid i dtábla 2 d'Iarscríbhinn I a úsáid i gcás táirgí iascaigh; — Aicme mhéide: De mhéid dhleathach nó faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe. I gcás táirgí iascaigh faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, na cainníochtaí ina gcileagraim arna sloinneadh i nglanmheáchan nó, i gcás inarb iomchuí, an líon aonán.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis atá le taifeadadh
		I gcás ina gcoimeádtar táirgí iascaigh i gciseáin, i mboscaí, in araidí, i gcartáin, i saic, i málaí, i mbloic nó i gcoimeádáin eile, déanfar glanmheáchan an aonaid arna úsáid a thaifeadadh ina chileagraim de mheáchan an táirge freisin, agus déanfar líon beacht na n-aonad sin a thaifeadadh.
Modh iompair an tsoithigh		
(17) Uimhir CFR nó Cláruimhir inmheánach	ÉMI	Aitheantas CFR an tsoithigh iascaireachta, nuair a éilítear é faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218. I gcás aon soitheach eile, ní mór cláruimhir náisiúnta inmheánach uathúil a sholáthar ina ionad sin.
(18) Ainm an tsoithigh	ÉMI	Ainm an tsoithigh, i gcás ina mbeidh sé ar fáil.
(19) Aitheantas Seachtrach	É	Litreacha agus uimhir/uimhreacha calafoirt, i gcomhréir le hAirteagal 7(1)(a) den Rialachán seo.
(20) Tír an tsoithigh	É	Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta.
(21) Páirtí teagmhála	R	Ainm agus seoladh mionsonraithe (ainm sráide, uimhir, cathair, cód poist, Ballstát nó tríú tír) mháistir an tsoithigh.
Gníomhaíocht iascaireachta		
(22) Uimhir aitheantais uathúil le haghaidh turas iascaireachta (aitheantas an turais)	É	Aitheantas an turais iascaireachta san Aontas a chomhfhreagraíonn do na táirgí éisc ábhartha. I gcás ina bhfuil aitheantas turais sonrach tríú tír nó ERBI ag teastáil, cuirfear aitheantas na dturas sin ar fáil freisin.
(23) Limistéar geografach na gabhála	É	An suíomh inar gabhadh formhór na gabhála le linn oibríocht iascaireachta dá dtagraítear in Iarscríbhinn XV(21) a ghabhann leis an Rialachán seo. Déanfar an limistéar gabhála a mhionsonrú ar a laghad go dtí an leibhéal a éilítear faoi na rialacha inrianaitheachta in Airteagal 58(5)(e) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. I gcás ina n-úsáidtear nótaí díolacháin chun gabhálacha a thuairisciú faoi Airteagal 33(1) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, maidir leis an limistéar gabhála ní mór na mionsonraí íosta is gá a chomhlíonadh chun faireachán a dhéanamh ar ghlacadh cuótaí agus ar an iarracht iascaireachta. Úsáidfear na cóid limistéir atá le fáil ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh.

Eilimint sonraí	Éigeantach (É), Roghnach (R) agus ÉMI (Éigeantach más infheidhme)	Tuairisc ar an bhfaisnéis atá le taifeadadh
Tabhairt i dtír		
(24) Suíomh	É	Déanfar an calafort nó an áit cur i dtír a thaifeadadh trí na cóid arna bhfoilsiú ar leathanach an Chláir Máistirshonraí de shuíomh gréasáin Iascach an Choimisiúin Eorpaigh a úsáid.
(25) Dáta ar a ndearnadh an tabhairt i dtír	É	Déanfar dáta thús agus dheireadh na gníomhaíochta a thaifeadadh i gcás inar thóg an ghníomhaíocht níos mó ná 24 uair an chloig. Déanfar é a thaifeadadh in AUL.
(26) Am ar a ndearnadh an tabhairt i dtír	R	Déanfar am (lena n-áirítear uaireanta an chloig agus nóiméid ar a laghad) thús agus dheireadh na gníomhaíochta a thaifeadadh i gcás inar thóg an ghníomhaíocht níos mó ná 24 uair an chloig. Déanfar é a thaifeadadh in AUL.

([1]) I Muir Bhailt (i gcás bradán, agus sa chás sin amháin) agus i limistéar CGIM (i gcás tuinníní, colgán agus siorcanna mórimirceacha, agus sa chás sin amháin) agus, i gcás inarb infheidhme, i limistéir eile, déanfar an líon iasc a ghabhtar in aghaidh na hoibríochta iascaireachta a thaifeadadh freisin.